
# Bus Éireann
# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2019

*Athrú á Spreagadh ar mhaithe leis an Inbhuanaitheacht*



# Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin

**Ioncam Oibriúcháin**

**2019 €366.5m**
2018 €337.6m

**TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla**

**2019 €8.8m**
2018 €9.7m

**Barrachas/(Easnamh) i leith na bliana**

**2019 €2.3m**
2018 (€6.4m)

**An Párolla agus costais bhainteacha**

**2019 €142.9m**
2018 €129.4m

**Ranníocaíocht don Státchiste**

**2019 €58.5m**
2018 €58.1m





Meánlíon na bhfostaithe

**2019 2,727**
2018 2,562

Líon na n-aistear a rinne custaiméirí

**2019 89.4m**
2018 83.6m

Leanaí a iompraíodh in aghaidh an lae ar sheirbhísí scoile

**2019 c120,000**
2018 c117,800

Scoileanna ar freastalaíodh orthu

**2019 c3,000**
2018 c3,000

Conraitheoirí

**2019 €179.0m**
2018 €165.1m

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin** | **1** |
| **Buaicphointí agus Príomhtheachtaireachtaí na Cuideachta** | **6** |
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **10** |
| **Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach** | **14** |
| **Inbhuanaitheacht** | **18** |
| **Athbhreithniú ar Oibríochtaí** | **22** |
| **Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile** | **43** |
| **Tuarascáil na Stiúrthóirí** | **48** |
| **Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí** | **57** |
| **Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách** | **58** |
| **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | **61** |
| **Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach** | **62** |
| **Clár Comhardaithe** | **63** |
| **Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna** | **64** |
| **Ráiteas um Shreabhadh Airgid** | **65** |
| **Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais** | **66** |


Grianghraf Cumhdaigh: Alan Murphy

# Destination 2023

**Ag tús 2019, chuireamar ár bplean fáis nua 5 bliana, Destination 2023, i láthair ár bhfostaithe féin chun cultúr nua feidhmíochta agus trédhearcachta a chur i bhfeidhm do na custaiméirí, na baill foirne agus na páirtithe leasmhara. Sonraítear sa phlean an cuspóir agus an sprioc atá againn agus fís agus ráiteas luachanna nua atá bunaithe ar cheithre chuspóir straitéiseacha chun an gnó a ailíniú le riachtanais na mblianta atá romhainn, agus é faoi threoir go háirithe ag an sainordú tráchtála a tugadh dúinn agus ag beartais rialtais maidir le hiompar poiblí.**

## An Cuspóir atá Againn

Is muidne Cuideachta bus náisiúnta na hÉireann agus tá sé ina chuspóir againn daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol.

## An Sprioc atá Againn

A bheith ar an gCuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn, agus seirbhísí á gcur ar fáil ag daoine a chreideann gur áit oibre iontach é Bus Éireann.

## Na Cuspóirí Straitéiseacha atá Againn

| | |
|---|---|
| **Sásamh Custaiméirí** | Plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun eispéireas custaiméirí den chéad scoth a bhaint amach ag gach pointe tadhaill. |
| **Rannphháirtíocht Fostaithe** | Ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a bhunú ionas gur áit iontach muid le bheith ag obair. |
| **Inbhua-naitheacht ó thaobh Airgeadais** | A chinntiú go ndéantar costiú iomlán ar Bhus Éireann anois agus feasta, lena gclúdófar riachtanais oibriúcháin agus riachtanais ó thaobh caiteachas caipitil, agus a gcuirfidh ar ár gcumas dúinn brabús a dhéanamh ag teacht leis na spriocanna atá leagtha síos i leith gach ceann dár ngnóthaí. |
| **Soláthar Seirbhíse** | Sármhaitheas oibríochta a bhunú ar fud na bpróiseas gnó go léir chun feidhmíocht shábháilte, iontaofa, thráthúil a bhaint amach i leith na seirbhísí go léir. |

## An Fhís atá Againn

Ní amháin gur Cuideachta bus náisiúnta na hÉireann muid, is muid an soláthraí seirbhísí iompair is fearr le muintir na tíre seo. Taistealaíonn níos mó daoine le Bus Éireann ná le haon soláthraí seirbhísí iompair eile in Éirinn, toisc go bhfuil a fhios acu gur mór againn gach custaiméir.

Roghnaíonn daoine Bus Éireann toisc go bhfuilimid poncúil agus iontaofa; go mbíonn ár mbusanna glan snasta agus go n-úsáidtear teicneolaíocht chliste iontu; go bhfuil ár dtáillí iomaíoch agus go dtugann siad luach maith ar airgead; agus gur seirbhís shábháilte, chairdiúil a chuirimid ar fáil. Táimid ar cheann de na Cuideachtaí iompair náisiúnta is glaise san Eoraip.

Gach rud a bhaineann le Bus Éireann, tá sé simplí, éasca agus ag teacht leis an mbealach a mbímid ag maireachtáil, ag obair agus ag taisteal sa lá atá inniu ann.

Freastalaímid ar an aistear chuig an scoil agus abhaile agus ar an gcomaitéireacht ó lá go lá, agus bímid anseo chun freastal ar aistir speisialta freisin. Cuidímid le daoine saol níos fearr agus níos éasca a bheith acu.


Bainimid éachtaí amach a bhuí lenár bhfostaithe iontacha agus le daoine eile a bhíonn ag obair i bpáirt linn: ár dtiománaithe, ár gcomhpháirtithe, agus gach duine a chuireann ar ár gcumas dúinn na custaiméirí a thabhairt chuig a gceann scríbe.

Bíonn fonn ar dhaoine a bheith ag obair le Bus Éireann toisc gur eagraíocht muid a thugann aire dár bhfostaithe go léir, a chreideann iontu agus a bhfuil muinín againn as a chéile. Ní loicimid ar ár luachanna choíche agus tugaimid aitheantas do na fostaithe a dhéanann beart breise. Cothaíonn ár gceannairí cultúr feidhmíochta, rud a fhágann níos éasca againne é ár ndícheall a dhéanamh gach lá agus deiseanna fáis agus forbartha a thapú.

Tá an meon mórtais atá againn bunaithe ar thraidisiún seanbhunaithe. Táimid tiomanta do sheirbhís den scoth a sholáthar anois agus feasta.

## Ár gCuid Luachanna




Expressway
www.buseireann.ie
IRIZAR
Expressway
www.buseireann.ie
Bus Éireann


W1 Waterford
WL 401
182-D-21062



Táimid tiomanta seirbhís chuimsitheach iompair phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí tríd an ngréasán comhtháite atá againn lena nasctar pobail ar fud na hÉireann.

## Líon na nAistear Custaiméirí agus na gCiliméadar Feithicle

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig

| | **2019 Milliún** | 2018 Milliún |
|---|---|---|
| **Aistir custaiméirí** | | |
| Seirbhísí cathrach sna cúigí | **26,699** | 23,058 |
| Seirbhísí sceidealaithe eile | **20,074** | 19,007 |
| An scéim iompair scoile | **42,614** | 41,576 |
| | **89,387** | 83,641 |
| **Ciliméadair a thaistil feithiclí** | | |
| Seirbhísí cathrach sna cúigí | **12,408** | 10,176 |
| Seirbhísí eile – dár gcuid féin | **69,876** | 74,155 |
| Seirbhísí eile – ar fo-chonradh | **120,168** | 109,848 |
| | **202,452** | 194,179 |

# Buaicphointí na Cuideachta

## Inbhuanaitheacht, an tAthrú Aeráide agus Astaíochtaí

***Tá 53% de na feithiclí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine***

- In 2019, fuair Bus Éireann 100 feithicil lán-inrochtana ag a bhfuil an deimhniú astaíochtaí Euro VI is déanaí agus a mheastar a bheith ar na cinn is fearr atá ar fáil i dtaobh astaíochtaí.
- Tá 53% de na feithiclí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine. Táimid tiomanta é sin a fheabhsú tuilleadh trí infheistíocht a dhéanamh i bhfeithiclí nua.
- Ghlac Bus Éireann páirt i dtriail mhór a baineadh as breoslaí malartacha ag tús na bliana 2019, faoi stiúir na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Tosaíodh ag feidhmiú an chórais teileamaitice ar na feithiclí, agus cuireadh oiliúint ar fhostaithe i rith na bliana.
- D'úsáideamar 317,841 meigeavata fuinnimh san iomlán i rith na bliana 2019, agus tharla an méadú sin mar gheall ar na seirbhísí breise a cuireadh ar fáil in 2019 agus mar gheall ar an mbrú tráchta a bheith ag dul in olcas. Tháinig feabhas 14.6% ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh ón mbliain bhunlíne (2009)
- In 2019, cheap Bus Éireann Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus chuireamar plean gníomhaíochta i bhfeidhm go luath in 2020 chun creidiúnú ISO 50001 i leith bainistíocht fuinnimh a bhaint amach.

### Ioncam agus Líon na nAistear Paisinéirí 2019 le hais 2018

**Láimhdeachas Oibriúcháin**

**+8.6% ▲**

**Líon Iomlán na nAistear**

**+6.9% ▲**

## Custaiméirí, Cúrsaí Tráchtála agus Scoileanna

***Táimid ag díriú as an nua ar na custaiméirí ar fud gach gné de na seirbhísí a sholáthraímid***

***Toisc go mbímid seasta meáite ar na caighdeáin is airde a sholáthar do gach custaiméir trí oibríocht éifeachtúil, éifeachtach, cinntítear gurb iad an cháilíocht, an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht is bonn leis an éiteas seirbhíse foriomlán atá againn***

- Tá líon na n-aistear paisinéirí ar an leibhéal is airde le 10 mbliana anuas.
- Rinneadh 89.4 milliún aistear paisinéirí in 2019 i gcomparáid le 83.6 milliún in 2018.
- Shínigh Bus Éireann conradh nua cúig bliana leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar ar fud na hÉireann go dtí 2025. Is fiú níos mó ná €800 milliún an conradh agus áirítear leis seirbhísí a sholáthar ar 218 bealach ar fud na tíre.
- In 2019, sheol Bus Éireann an chéad seirbhís cathrach 24 uair riamh in Éirinn, i gCorcaigh. Ritheann na busanna idir Baile an Chollaigh agus Carraig Uí Leighin seacht lá na seachtaine. Le linn 2019, tháinig méadú 70% ar líon na n-aistear custaiméirí ar na busanna sin.
- In 2019, tháinig méadú 42% ar úsáid an Chárta Leap ar fud ghréasán Bhus Éireann.
- Tháinig feabhas ar an mbrabús a rinne Expressway in 2019 in ainneoin an margadh a bheith ag éirí níos iomaíche.
- D'éirigh le Expressway stadanna a choinneáil i Limistéar Busanna Chríochfort 1 in Aerfort Bhaile Átha Cliath i bpróiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáladh in 2019.
- Tá Expressway ag réiteach i gcomhair na mblianta atá romhainn agus in 2019 tugadh cead infheistíocht nach beag a dhéanamh i bhfeithiclí nua agus i gcóras nua ticéadaithe, dhá rud a chuirfidh feabhas eile fós ar eispéireas an chustaiméara.
- D'éirigh go maith leis an ngnó coimhdeach le linn 2019. Bhí an-chuid imeachtaí beartaithe i gcomhair an tsamhraidh agus tháinig breis gnó chugainn mar gheall ar an gcuairt a thug Uachtarán na Stát Aontaithe ar Éirinn i mí an Mheithimh agus mar gheall ar Chraobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann i mí Iúil.
- In 2019, dhírigh Expressway ar phaisinéirí a bhí ag dul chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath nó ag teacht ar ais uaidh agus an mana "Get to the Airport Ready to Fly" aige. Chuaigh an feachtas sin, a bhí ar bun i ngach baile agus sráidbhaile in Éirinn, i bhfeidhm ar dhaoine sa tír seo agus thar lear. Bhí fógraí teilifíse agus raidió, fógraí ar na meáin shóisialta agus fógraí amuigh faoin spéir i gceist leis.

- Cuireadh 100 feithicil nua, cinn lán-inrochtana, ar an mbóthar ar bhealaí ar fud na ngréasán cathrach, na ngréasán baile agus an ghréasáin idiruirbigh. Tá an deimhniú astaíochtaí Euro VI is déanaí ag gach feithicil agus tá go leor gnéithe ag baint leo a chuirfidh feabhas breise ar eispéireas an chustaiméara.
- Anois agus feithiclí nua ceannaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair, tá urlár íseal i ngach feithicil ar na seirbhísí cathrach agus ar sheirbhísí na mbailte agus tá siad oiriúnach do chathaoireacha rothaí.
- Táimid dírithe go fóill ar shaoráidí do chustaiméirí agus d'fhostaithe a fheabhsú. In 2019 tugadh chun críche cúig thionscadal maidir le rochtain ar stáisiúin, sa Chabhán, i Muineachán, i nDroichead Átha, i Sligeach agus i mBéal Átha Seanaidh.
- Cuireadh áis comhrá gréasáin do chustaiméirí na Scéime Iompair Scoile i bhfeidhm i rith shéasúr gnóthach an tsamhraidh. Rinneadh comhlánú leis an áis sin ar an gclár seirbhíse a bhí ann cheana, agus baineadh amach leibhéal sástachta custaiméirí 80%.

## Sábháilteacht, Riosca agus Maoin

***Feidhmíonn Bus Éireann seirbhís iompair phoiblí atá sábháilte, iontaofa, áisiúil agus a thugann luach maith ar airgead.***

***Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbíonn cur chuige láidir spriocdhírithe againn sa Chuideachta i gcónaí maidir le rioscaí a bhainistiú.***

- Leathnaíodh Plean Éigeandála na Cuideachta in 2019 agus tugadh cothrom le dáta é. Cuireadh dhá chás tástála i bhfeidhm chun cabhrú le freagairt ar éigeandálaí a phleanáil.
- Foilsíodh leabhrán cuimsitheach nua maidir le sábháilteacht tiománaithe, 'Driving Safely', in 2019.
- Tháinig laghdú nach beag ar líon na dtuairteanna a raibh baint ag feithicil de chuid Bhus Éireann leo in 2019.
- Reáchtáil Bus Éireann a chéad Chomhdháil Sábháilteachta i mí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail ionadaithe sábháilteachta agus oifigigh ó gach cearn den Chuideachta ar an gcomhdháil agus bhí príomhchainteoirí i láthair ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ón nGarda Síochána.
- In 2019, tugadh chun críche 31 tionscadal chun saoráidí a fheabhsú, mar aon le cúig thionscadal chun feabhas a chur ar an rochtain ar stáisiúin.

## Ár bhFostaithe

***Is iad ár bhfostaithe an acmhainn is tábhachtaí atá againn ó thaobh réitigh inbhuanaithe iompair phoiblí a fhorbairt.***

- In 2019, neartaigh Bus Éireann a Fhoireann Ardbhainistíochta nuair a ceapadh Eleanor Farrell ina Príomhoifigeach Tráchtála agus Seán Loughman ina Phríomhoifigeach Faisnéise.
- Cuireadh *Destination 2023, Our Vision for the Future* i láthair na bhfostaithe ar fud na heagraíochta.
- Le linn 2019, thug Bus Éireann isteach clár bainistíochta feidhmíochta agus forbartha *GPS (Growth Performance Success)* do bhainisteoirí ar fud na heagraíochta.
- Ghlac níos mó ná 1,600 tiománaí páirt in oiliúint shaincheaptha maidir le seirbhís do chustaiméirí, a cuireadh ar bun ag breis is 170 seisiún in áiteanna ar fud na tíre.
- Tugadh isteach bealaí nua cumarsáide inmheánaí. Ina measc sin tá *BÉ Online*, ardán meán sóisialta, chun cultúr cumarsáide sa dá threo a spreagadh.
- Le linn 2019, rinne Bus Éireann suirbhé ar fhostaithe, '*Have Your Say*' chun léargas a fháil ar leibhéil rannpháirtíochta fostaithe ar fud na heagraíochta.
- Sheolamar feachtas earcaíochta chun tiománaithe mná a mhealladh agus d'éirigh thar cionn leis.
- Rinne Bus Éireann Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh.
- Leanamar ag tacú lenár bhfostaithe i bhfeachtais maidir le cúiseanna pobail a leagann siad tábhacht orthu.



*Buaicphointí agus Príomhtheachtaireachtaí na Cuideachta (ar lean)*

## Gradaim, Éachtaí agus Caighdeáin

***Tá an Chuideachta lántiomanta dár gcultúr a fheabhsú, agus dá bhrí sin téimid san iomaíocht le haghaidh Creidiúnúchán agus Gradam agus cuirimid leis na Caighdeáin atá á gcomhlíonadh againn.***

- Bhain deichniúr printíseach amach Teastas Leibhéal 6 de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoinar cáilíodh iad le bheith ina Meicneoirí Feithiclí Troma.
- D'éirigh go geal le fostaithe de chuid Bhus Éireann in 2019 ag ócáid bhliantúil na nGradam 'Go the Extra Mile' i bPáirc an Chrócaigh. Leis na gradaim sin, tugtar aitheantas do sheirbhís den scoth do chustaiméirí, don tionchar ar an bpobal, d'fheidhmíocht agus don smaointeoireacht chun cinn. Anois agus na gradaim ar siúl den dara huair, bhí roinnt catagóirí éagsúla i gceist.
- Cuireadh Bus Éireann ar an ngearrliosta do Ghradaim Lóistíochta agus Iompair na hÉireann 2019, gradaim a bhfuil ardmheas orthu, sa chatagóir 'Cuideachta na Bliana – Iompar Paisinéirí'.
- Ghnóthaigh an feachtas 'Get to the Airport Ready to Fly' de chuid Expressway dhá ghradam óir ag na Gradaim Margaíochta Cliste a d'eagraigh An Post.
- Ba é Daniel Curtin, printíseach ó Luimneach atá ag obair i ngaráiste Luimnigh, a ghnóthaigh an Comórtas maidir le Feithiclí Troma a Chothabháil, comórtas a reáchtáil Ireland Skills 2019 san RDS, agus tháinig Patrick Doherty ó Gharáiste Shrath an Urláir sa dara háit.

## Cumarsáid, Freagracht Shóisialta Chorparáideach agus Urraíocht

***Toisc gur cuideachta stáit tráchtála muid, bímid ag plé lena lán páirtithe leasmhara éagsúla agus táimid tiomanta don chaidreamh leo a chothú agus a fheabhsú.***

- Chun ceiliúradh a dhéanamh ar a bheith #BackInTheDrivingSeat, reáchtáil Bus Éireann imeacht do pháirtithe leasmhara, imeacht ar éirigh go geal leis, in Ard-Mhúsaem na hÉireann i 2019.
- Le linn 2019, eagraíodh roinnt imeachtaí rannpháirtíochta le custaiméirí i gCorcaigh, i nDroichead Átha agus i Sligeach tráth a raibh an gréasán á fheabhsú agus infheistíocht á déanamh sa fhlít feithiclí.
- D'fhreastail Bus Éireann ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chun feasacht ar an mbranda a mhúscailt, bualadh le custaiméirí idir shean agus nua agus aird a dhíriú ar ár bhflít feithiclí agus ár gcuid seirbhísí.
- In 2018, bhí Bus Éireann ag obair le Kirsten Mate Maher Uasal, Ros Phort Láirge agus buaiteoir an chomórtais Rós Idirnáisiúnta Thrá Lí 2018. Bhí Kirsten ina hambasadóir do ghréasán busanna Chathair Phort Láirge agus bhí an branda Expressway á chur chun cinn aici freisin.
- Is é Bus Éireann fós an príomhurraitheoir ar Chamchuairt Ceolchoirmeacha na hÉireann. Glacann pobail ar fud na hÉireann, idir mhór agus bheag, páirt sna ceolchoirmeacha sin atá á reáchtáil ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann.
- D'éirigh go geal leis an gcomórtas a reáchtáil Bus Éireann do scoláirí na hIdirbhliana in 2019. Tá an comórtas 'Go Places with BÉ' dírithe ar scoláirí ar fud na tíre agus spreagann sé smaointeoireacht dhinimiciúil agus cruthaitheacht.
- Tá baint ag Bus Éireann le go leor tionscnamh carthanachta ar fud na tíre, tionscadal ceartais Hollyhill agus grúpa pobail an Bhaile Bhig ina measc.
- Is é Expressway an t-iompróir oifigiúil atá ag foirne sinsearacha peile agus iomána Bhaile Átha Cliath agus na Gaillimhe.



## Teicneolaíocht

***Cuidíonn an teicneolaíocht nua linn fíor-dheiseanna a spreagadh chun fás a chur chun cinn, cur le héifeachtúlachtaí costais agus athrú ó bhonn a dhéanamh ar an ngnó***

- Lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur feabhas ar ghnéithe teicneolaíochta in 2019 ar mhaithe le soláthar seirbhíse feabhsaithe agus eispéireas custaiméirí níos fearr.
- I rith na bliana rinneamar formheas ar straitéis teicneolaíochta agus treochlár nua trí bliana.
- I rith na bliana, chríochnaíomar ag aistriú ár gcóras TF Acmhainní Daonna chuig an néal.
- Tugadh isteach aip nua rannpháirtíochta leis na fostaithe darb ainm 'BÉ Online', a chuireann ar ár gcumas dúinn faisnéis agus pleananna an chuideachta a chur ar fáil, duillíní pá leictreonacha a eisiúint agus uainchláir ar líne agus faisnéis faoin sceideal a chomhroinnt.

- I rith 2019, thosaíomar ag soláthar réiteach teicneolaíochta nua don tseirbhís Expressway lena gcumasaítear ticéadú ar líne, bailíochtú barrachóid, íocaíocht gan tadhall, áirithint suíocháin agus bainistíocht toraidh.
- Rinneamar uasghrádú ar na meaisíní díola ticéad ionas gur féidir íocaíocht gan tadhall a dhéanamh.
- Uasghrádaíodh na meaisíní ticéad ar an mbus le bogearraí nua, rud a fhágann é suas le 90% níos tapa ag daoine dul ar an mbus anois.
- In 2019, thugamar chun críche an cruthúnas coincheapa maidir le líonra nua ardacmhainne gan sreang sna hiostaí, lena gcuirtear ar ár gcumas dúinn uaslódáil/íoslódáil chianda a dhéanamh ar fhaisnéis faoi thicéid bhus, faisnéis CCTV, faisnéis faoin áit a bhfuil na busanna agus faisnéis ó na tacagraif.

**Brabús (easnamh) i leith na bliana**

| 2019 | 2018 |
|---|---|
| €2.3m | (€6.4m) |

## Feidhmíocht Airgeadais agus Infheistíocht Chaipitil

***Rinne an Chuideachta brabús den chéad uair le cúig bliana anuas***

- Brabús €2.3m tar éis costais eisceachtúla (2018: Caillteanas €6.4m)
- Brabús €2.3m roimh chostais eisceachtúla (2018: Brabús €1.6m)
- B'ionann an Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA) agus €8.8m (2018: €9.7m)
- B'ionann an láimhdeachas oibriúcháin i leith na bliana 2019 agus €366.5m (2018: €337.6m)
- B'ionann na costais phárolla agus na costais ghaolmhara agus €142.9m (2018: €129.4m)
- B'ionann costas iomlán an bhreosla i leith 2019 agus €31.1m (2018: €29.8m)
- Fuarthas €15.8m in airgead tirim ó na hoibríochtaí i leith 2019 (2018: €3.5m)
- B'ionann na glanchostais eisceachtúla i leith 2019 agus €0.036m (2018: €7.9m)
- B'ionann glanluach chistí na scairshealbhóirí mar a luaitear sa chlár comhardaithe agus €16.0m in 2019 (2018: €13.7m)



# Ráiteas an Chathaoirligh



Leanann muid ag díriú ar fhás agus ar inbhuanaitheacht agus ag cinntiú go bhfuil ár gcostais iomaíoch i margadh bus níos oscailte

An clár cuimsitheach maidir le hathrú ó bhonn a d'fhormheas an Bord in 2017, leanadh á chur chun feidhme i rith 2019 agus leathnaíodh é trí phlean fáis nua cúig bliana a fhorbairt. Sa ról atá againn mar chuideachta leath-stáit tráchtála, is é an cuspóir atá againn agus an sainchúram atá orainn brabús inbhuanaithe a thuilleamh ar bhonn comhsheasmhach agus in 2019 bhaineamar an leas ab fhearr as an acmhainn fáis a bhí ann de bharr na timpeallachta airgeadais agus rinneamar beart cinntitheach tapa maidir le costais áirithe agus gníomhaíocht neamhchistithe lena chinntiú go mbeimid in ann leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí inbhuanaithe dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara.

In 2019, tosaíodh ag díriú as an nua ar dheiseanna breise a aithint le haghaidh cur le héifeachtúlacht na bpróiseas gnó. Bhí cultúr feidhmíochta nua á chur i bhfeidhm a chuidigh linn é sin a dhéanamh, cultúr atá dírithe ar fhreastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara. Leis an bhéim mhór sin a leagadh ar an inbhuanaitheacht, bhíomar in ann féachaint chuige gur neartaíomar scórchárta na cuideachta i leith go leor de na cuspóirí a leagamar síos don ghnó nuair a rinneadh an bunphlean. Leanann muid ag cinntiú go bhfuil costais iomaíoch, ní amháin le tionchar gan fasach COVID-19 ar ioncam a sharú i 2020, ach leis an gnó a shuíomh le dul in iomaíocht go fadtéarmach i dtimpeallacht tairiscine, de bharr oscailt an mhargaidh bus, a bheidh ina ghné nua leanúnach de thírdhreach an iompair poiblí.

## Fás agus Fócas 2019

Is casta agus is éagsúil an gnó atá faoinár gcúram mar gheall ar an réimse mór seirbhísí a chuirimid ar fáil ar fud na tíre go léir, ní hionann is aon chuideachta iompair eile in Éirinn. Chabhraigh níos mó ná 2,700 duine linn seirbhísí Bhus Éireann a sholáthar ar fud ár mbealaí Iompair Scoile, Tráchtála agus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), le tacaíocht ó na mílte duine eile atá fostaithe go hindíreach linn mar chonraitheoirí agus mar sholáthraithe. Sin iad na daoine a chuir ar ár gcumas dúinn 89 milliún aistear paisinéirí a chur ar bun do Bhus Éireann in 2019 – feidhmíocht den chéad scoth agus an méadú is mó ar líon na bpaisinéirí le breis agus deich mbliana anuas. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na baill foirne go léir as a ndíograis agus a ndúthracht agus iad ag cuidiú linn forás nach beag a bhaint amach trí chomhoibriú chun ár mbearta cáilíochta seirbhíse a fheabhsú agus trí dhíriú ar riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh gach lá.

Na torthaí i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019, ní hamháin gur léiriú iad ar an deis a bhí le tapú againn maidir le leathnú seirbhísí, deis a chabhraigh linn cur leis an ioncam, ach is léiriú iad freisin ar leibhéal níos mó fócais, cuntasachta agus rialaithe a baineadh amach i ndáil le costais.

In 2019, rinne Bus Éireann brabús €2.3m tar éis costais eisceachtúla. Dul chun cinn a bhí ansin i gcomparáid le 2018 tráth a ndearnamar caillteanas €6.4m tar éis costais eisceachtúla. Is éacht mór é sin agus is é seo an chéad uair ó 2014 a rinne an Chuideachta brabús tar éis costais eisceachtúla.

## Tiomantas don tSábháilteacht

Leanann an Bord air ag cinntiú nach gcuirfear i mbaol go deo caighdeáin agus iompraíocht maidir le sábháilteacht agus leis an dea-chleachtas. Tugadh faoi raon tionscnamh nua in 2019 chun cur lenár gclár oiliúna bliantúil lena n-áirítear feidhmiú córais teileamaitice ar mhaithe le tiomáint atá báúil don chomhshaol ar fud ár mbusanna go léir, córas bainistíochta sábháilteachta nua a thabhairt isteach, oiliúint IOSH d'ionadaithe uile na comhairle sábháilteachta, feachtas nua 'Bíodh meas agat ar an Tiománaí' agus nuashonrú ar an bplean éigeandála. In 2019, d'fháiltigh mé roimh an tionscnamh an-fhiúntach chun comhdháil sábháilteachta de chuid Bhus Éireann a reáchtáil. Tionóladh a leithéid den chéad uair, agus d'fhreastail os cionn 100 fostaí ó gach cearn den tír uirthi, idir ionadaithe sábháilteachta, oifigigh shábháilteachta agus bhainisteoirí. Bhí an-áthas orainn aoichainteoirí a bheith inár gCuideachta ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ón nGarda Síochána. Ghlac siadsan páirt i seisiún fóraim agus seisiún smaointeoireachta cuimsitheach a bhí dírithe ar a chinntiú go bhfuil córais sábháilteachta láidre againn agus go ndéantar an maolú is mó is indéanta le réasún ar na rioscaí go léir.

Ba dhúshraith laidir don ghnó é an comhoibriú a baineadh amach ag an ócáid go luath i 2020 nuair a bhí againn freagra a thabhairt ar COVID-19 agus na rioscaí a bhain leis dár gcuid paisinéirí agus dár gcuid fostaithe, le mórathrú inár mbeart glantacháin, sláinteachais agus sábháilteachta réamhchúramacha a chomhordú agus a chur i bhfeidhm mar pháirt de na treoirlínte sláinte shuntasacha nua eisithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

Tá an Bord agus an lucht bainistíochta meáite go fóill ar an gcóras iompair is sábháilte is féidir a bheith againn. Leanfaimid orainn ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir, agus leanfaimid orainn ag cothú dlúthchaidreamh oibre leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le páirtithe leasmhara eile chun na caighdeáin sábháilteachta a fheabhsú go leanúnach agus chun feasacht ar shábháilteacht a chothú i measc na foirne, na gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne thar aon rud eile.

## Infheistíocht sna Blianta Romhainn, do na Glúnta atá le Teacht

Mar fhreagairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide ar domhan agus ar an bhfonn atá orainn a bheith páirteach sa réiteach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar in Éirinn a laghdú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú, ba bheart cinniúnach é foilsiú an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide in 2019 don Chuideachta agus do sholáthraithe iompair phoiblí eile.

Tá spriocanna dúshlánacha sa phlean sin don Chuideachta. Toisc gur comhlacht poiblí muid, is é an sprioc atá leagtha síos dúinn ná laghdú iomlán 30% ar astaíochtaí CO2 faoi 2030. Tá laghdú 7% tagtha ar astaíochtaí CO2 na Cuideachta ón mbliain tomhais bhunlíne (2009) agus cé go bhfuil dul chun cinn déanta, is mór an méid atá le déanamh fós. Tá feidhmiú an phlean maidir leis an bhflít feithiclí agus an phlean um chaipiteal bonneagair ríthábhachtach ionas go mbainfidh Bus Éireann amach spriocanna an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, mar aon le hinfheistíocht leanúnach i bhfeithiclí nua ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Táimid fós i mbun rannpháirtíocht thairbhiúil leis an dá dhream sin lena chinntiú go mbeidh na hinfheistíochtaí ann chun freastal ar riachtanais na seirbhíse.

Tosóimid ag aistriú chuig breoslaí malartacha inbhuanaithe in 2020, ó theacht chéad bhus leictreach hibrideach Bus Éireann. In 2019 cuireadh tús leis an bpleanáil chun flít busanna Bhaile Átha Luain a bheith ag feidhmiú le leictreachas amháin, mar chuid de threoirthionscadal i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair. In 2019, socraíodh triail a bhaint as busanna hidrigine le haghaidh na bhfeithiclí OSP i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an triail sin a chistiú. Bunófar meitheal oibre chun dul chuig an margadh ina thaobh sin laistigh de 24 mí.

Táimid ag díriú fós ar cháilíocht an aeir, go háirithe i dtimpeallachtaí uirbeacha. Comhlíonann 53% dár bhflít feithiclí seirbhíse na caighdeáin Euro VI is déanaí anois, rud a chiallaíonn nach dtagann ach astaíochtaí fánacha ocsaídí nítriúla, hidreacarbóin agus cáithníní as sceithphíopa na bhfeithiclí sin.

Glacadh le beartas nua fuinnimh agus tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil feabhas 14.6% tagtha ar an éifeachtúlacht ón mbliain bhunlíne go 2019. Chuireamar tús le próiseas chun córais bainistíochta fuinnimh na cuideachta a fheabhsú in 2019, agus tá an próiseas sin á chistiú trí Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh an Rialtais. Is é is cuspóir dó ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh agus deimhniú bainistíochta fuinnimh ISO50001 a bhaint amach in 2020. Tá an Bord ag tnúth le tacú leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

Leis na héachtaí agus na cinntí sin, táimid ag obair ar mhaithe leis na baill foirne agus na custaiméirí go léir agus léirítear leo an dúthracht atá againn maidir le gníomhú chun leasa na tíre anois agus feasta.

*Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)*

## Rialachas Láidir chun Aghaidh a Thabhairt ar na Dúshláin atá Romhainn

Tá an Bord fós ag tabhairt tosaíochta do chur chuige i leith rialachas corparáideach atá bunaithe ar an dea-chleachtas agus ar rialáil agus treochtaí atá ag teacht chun cinn. In 2019, nuair a ceapadh triúr Stiúrthóirí nua, baineadh amach an líon iomlán comhaltaí, rud a chuir ar ár gcumas dúinn fochoistí an Bhoird a leagan amach as an nua chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an ngnó trí cheithre shruth gnó ar leith – (1) Straitéis, (2) Iniúchadh agus Rioscaí, (3) Sábháilteacht agus Inrochtaineacht, agus (4) Custaiméirí, Daoine agus Cultúr.

Tá an Bord lántiomanta do chaighdeáin rialachais chorparáidigh i mBus Éireann a fheabhsú, agus fáiltíonn sé roimh an gcreat agus an clár nua comhlíontachta a tugadh isteach in 2019, a mbainfear leas astu in éineacht leis na rialuithe inmheánacha atá ann cheana. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus rinneadh é a fhorlíonadh le Meastóireacht ar an mBord a d'ullmhaigh comhlacht neamhspleách, inar cinneadh go bhfuil an cód á chomhlíonadh ag an gCuideachta. Glacadh moltaí breise maidir le feabhsúcháin agus cuirfear chun feidhme iad.

Deimhníonn na próisis sin agus an struchtúr nua go bhfuil córas éifeachtach rialachais chorparáidigh i bhfeidhm ag an gCuideachta. Táim deimhin de go bhfuil córas rialuithe inmheánacha iomchuí, freagrach ag an mBord chun rioscaí nach beag a mhaolú, aon nochtadh a choinneáil ar leibhéal inghlactha agus a chinntiú go gcuirfidh Bus Éireann cur chuige éifeachtach i bhfeidhm maidir le rialachas corparáideach.

## Ag dul i nGleic le na Dúshláin Romhainn

Táimse i mo Stiúrthóir ar Bhus Éireann ó 2013 agus i mo Chathaoirleach air ó 2015. Tá athruithe ollmhóra tarlaithe le linn na tréimhse sin agus an-chuid bainte amach le blianta beaga anuas. Is le meon dóchais atáim ag breathnú chun cinn, d'ainneoin na ndúshlán mór a bhí agus atá le sárú: an Breatimeacht agus, le déanaí, COVID-19.

## COVID-19

Cé go leagann an tuairisc seo amach an dul chun cinn iontach atá déanta ag Bus Éireann i 2019, tá sé soiléir anois nach bliain í 2020 cosúil le haon bhliain eile agus ní mór don Chuideachta dul i ngleic le tionchair COVID-19.

Bhí tionchar dian agus dosheachanta ag an phandéim ar iomlán na hearnála iompair poiblí. Leagann tuairisc na Stiúrthóirí amach an tslí inar laghdaigh an tionchar éileamh paisinéirí go géar, agus ansin chuir sé teorainn ar thoilleadh. Tá na cinntí riachtanacha agus críonna déanta ag an Bhord leis an Chuideachta a chosaint le linn na tréimhse seo, tarraingt amach as ceithre shlí Expressway san áireamh.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do fhostaithe agus do bhainistíocht Bhus Éireann ar son a n-ionchur san iarracht náisiúnta seirbhísí a reachtáil agus ceangal a sholáthair mar sheirbhís riachtanach. Tá sé ar fheabhas. Thug tacaíocht an Rialtais, na Ranna Iompair agus Oideachais agus Scileanna, an Údaráis Náisiúnta Iompair agus CIÉ an tacaíocht airgeadais atá riachtanach le leanúint ag oibriú. Gabhann muid buíochas leo as uacht a gcomhpháirtíochta ag an am seo. Léiríonn sul chun cinn na Cuideachta cumas le feidhmiú ahus le fás, agus tá muid ag tnúth le filleadh ar an gcasán sin sa thodhchaí.

Táim ag tnúth le coinneáil orm ag leagan síos straitéis an ghnó seo agus á cur i bhfeidhm, agus mé ag cabhrú leis na dúshláin go léir a thiocfaidh chun cinn a shárú, agus ag cinntiú go mbeimid ag treabhadh linn ar chosán an fháis inbhuanaithe.

Rinneadh na ceapacháin deiridh ar an bhfoireann Feidhmiúcháin nua i rith na bliana. Tá an doimhne agus an fhairsinge scileanna ag an bhfoireann ceannaireachta anois chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a bheidh roimh Bhus Éireann agus chun tabhairt faoin gcéad chéim ríthábhachtach eile den fhás inbhuanaithe.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhStiúrthóirí as a ndíograis den scoth agus a mheáite a bhíonn siad maidir le dul i ngleic le gach dúshlán a thagann an bealach, agus as cuidiú liom plean nua a ullmhú in éineacht leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus baill foirne eile.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Brendan Lenihan, Miriam Hughes agus Richard Manton a tháinig chuig an mBord in 2019, agus a chuirfidh leis an éagsúlacht comhairle agus an saibhreas taithí atá againn lena chinntiú go mbeidh an chothromaíocht cheart scileanna againn chun freastal ar riachtanais na todhchaí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire, leis na Ranna, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus le CIÉ as a dtacaíocht leanúnach gan staonadh do Bhus Éireann. Táim ag tnúth anois le cur le ról Bhus Éireann i sochaí na hÉireann agus an uaillmhian atá againn a bhaint amach, is é sin a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn, agus seirbhísí á gcur ar fáil ag daoine a chreideann gur áit oibre iontach é Bus Éireann.

**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*

In 2019, rinne Bus Éireann brabús €2.3m tar éis costais eisceachtúla. Dul chun cinn a bhí ansin i gcomparáid le 2018 tráth a ndearnamar caillteanas €6.4m tar éis costais eisceachtúla. Is éacht mór é sin agus is é seo an chéad uair ó 2014 a rinne an Chuideachta brabús tar éis costais eisceachtúla.



# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



I 2019, mhéadaigh an líon aistear paisinéirí chuig na leibhéil is airde ó bhí 2008 ann, ag léiriú leibhéil bisithe seirbhíse a soláthraíodh ar fud an ghréasáin.

Baineadh amach an líon ba mhó aistear paisinéirí ó bhí 2008 ann i 2019 agus neartaíodh staid airgeadais na Cuideachta tuilleadh: cuireadh leis an ioncam agus rinneadh rialú níos fearr ar chostais. Thángthas ar chomhaontú lenár gcuid páirtithe leasmhara maidir leis an gcistiú ba ghá chun seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe.

Tráth a raibh borradh mór faoi líon na bpaisinéirí ar ár gcuid seirbhísí agus a raibh feabhas ag teacht ar chúrsaí airgeadais dúinn, bhí an Bord agus na Páirtithe Leasmhara in ann muinín a bheith acu astu féin agus cinntí infheistíochta nua á ndéanamh le linn 2019 maidir le feithiclí, saoráidí, teicneolaíocht agus fostaithe. Beidh na cinntí sin ríthábhachtach chun cuidiú leis an gCuideachta í féin a chur i riocht ratha, agus tacaítear leo a thuilleadh le feidhmiú an phlean nua cúig bliana atá againn, ar a dtugaimid 'Destination 2023'.

Agus ár bhfoireann ceannaireachta nua i bhfeidhm, chuireamar tús leis an mbliain trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóir, aidhm agus fís na Cuideachta, agus ar a luachanna, chun cabhrú le caidreamh láidir a chothú lenár bhfostaithe agus ár bpáirtithe leasmhara go léir. Toisc go rabhamar go léir ar aon intinn maidir leis an bhfís nua sin don am atá le teacht, d'éirigh linn cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí nua ó thaobh eispéireas na gcustaiméirí, soláthar seirbhísí, inbhuanaitheacht airgeadais agus ár bhfostaithe. Anois cuideoidh na cuspóirí sin linn an fheidhmíocht a bhainistiú ionas go n-éireoidh linn agus muid ag iarraidh a chinntiú go leanfaidh an borradh atá faoin ngnó agus go dtógfaimid ar na héachtaí a bhaineamar amach in 2019.

In 2019, thosaíomar ag dul i mbun cumarsáide agus ag cur i bhfeidhm na mbeart a theastaíonn chun *Destination 2023* a bhaint amach ar fud gach gné den ghnó. Is aistear nua é seo agus tá sé ag brath ar chultúr nua feidhmíochta, trédhearcachta agus cuntasachta atá ag teacht chun cinn. Tá muinín agam go mbainfear an ceann scríbe sin amach le ceannaireacht láidir agus pleananna inchreidte. Trína chinntiú go mbainimid an t-athrú cultúir sin amach, beimid á n-ailíniú féin leis an tionscadal Éire 2040, leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-27, leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus leis na Straitéisí Réigiúnacha Iompair nua.

D'ainneoin na geite eisiginí a bhain paindéim domhanda COVID-19 a raibh tionchar aige ar gach gné dár n-eacnamaíocht agus dár bpobal i 2020, tá an chuma air fós go mbainfear amach athrú ó bhonn i dtaobh iompar poiblí sa tréimhse deich mbliana amach romhainn. Sa ról atá againn féin mar chuideachta bus náisiúnta na hÉireann, táimid ag tnúth lena chinntiú go mbeidh ról suntasach againn ina leith sin, agus go mbeimid amach chun tosaigh ó thaobh smaointeoireacht chriticiúil i leith an iompair inbhuanaithe don am atá le teacht.

## A Bheith ar an gCuideachta Iompair is Dírithe ar na Custaiméirí

Ba bhliain chinniúnach í 2019 do Bhus Éireann, bliain inar thugamar isteach raon leathan tionscnamh atá dírithe ar chustaiméirí, rud a chuidigh le breis agus 89 milliún aistear a rinne custaiméirí linn in 2019 – méadú beagnach sé mhilliún i gcomparáid le 2018.

Tháinig méadú 15% ar líon na n-aistear a rinne custaiméirí ar an ngréasán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus soláthraíodh seirbhísí ar níos mó ná 200 bealach ar fud na tíre.

Gach lá scoile, d'iompraíomar beagán le cois 120,000 leanbh scoile, idir leanaí bunscoile, leanaí iar-bhunscoile agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, ar 7,000 bealach, agus muid ag freastal ar níos mó ná 3,000 scoil faoin Scéim Iompair Scoile, a fheidhmímid thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is casta an beart é freastal ar riachtanais na Scéime Iompair Scoile gach bliain, agus i mbliana bhaineamar triail as WebChat do chustaiméirí a rinne teagmháil linn ar an suíomh gréasáin. Chuidigh an bealach cumarsáide nua sin go mór linn freagraí fíor-ama a thabhairt chun eispéireas ár gcustaiméirí a fheabhsú.

Lean an méadú ar líon na n-aistear Expressway freisin i margadh atá seasta ag éirí níos iomaíche, agus chuidigh feachtais mhargaíochta thar a bheith láidir leis sin. Bhí an mhargaíocht a rinneamar dírithe ar phaisinéirí Aerfoirt agus paisinéirí Saorthaistil, agus ina theannta sin thugamar faoi tionscnaimh nua chun mic léinn, comaitéirí agus lucht saoire agus fóillíochta a mhealladh agus a choinneáil linn, rud a chabhraigh leis an mborradh a bhí faoi na deighleoga sin ar fud ár 17 mbealach idir-réigiúnacha.

Tháinig feabhas ar aois agus cáilíocht ár bhfeithiclí chomh maith, a bhuí le cistiú a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair do 100 bus OSP nua le linn 2019. Ina theannta sin, leanamar ag infheistiú in Expressway agus d'fhormheas an Bord cinntí i ndáil le hinfheistíocht a dhéanamh in 30 cóiste idirchathrach nua. Ba é sin an chéad bhabhta ceannacháin i gcomhair Expressway ón mbliain 2015.

Leanaimid orainn ag díriú ar a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí inrochtana, agus aithnímid go bhfuil infheistíocht leanúnach ag teastáil, ní amháin sna feithiclí ach sa bhonneagar fisiceach agus sa bhonneagar closamhairc ar fud na hÉireann. I gcás 90% dár gcuid feithiclí, agus 100% dár gcuid feithiclí sna cathracha agus sna bailte, is furasta cathaoir rothaí a thabhairt in airde orthu. Is céim dhearfach riachtanach chun cinn é sin agus táimid ag díriú anois ar sheirbhísí inrochtana a sholáthar sna réigiúin, i gcomhar le hinfheistíocht spriocdhírithe ón Údarás Náisiúnta Iompair.

Bhí torthaí láidre ar thionscnaimh do chustaiméirí in 2019 ar fud réigiúin uile na tíre. Aistríodh seirbhísí cathrach Phort Láirge go conradh tairisceana nua i mí an Mheithimh 2019 agus d'fhág an feabhas ar an tseirbhís a baineadh amach faoin gconradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair gur tháinig méadú breis is 72% ar líon na bpaisinéirí agus go raibh 92% de na custaiméirí sásta leis na seirbhísí sin faoi dheireadh na bliana.

Chun leas a bhaint as na tionscnaimh go léir atá againn i leith eispéireas custaiméirí agus chun na tionscnaimh sin a threorú, Tá lúchair orm gur chruthaigh muid ról nua do Cheannasaí ar Eispéireas an Chustaiméara le níos mó béime a chur i measc na gcustaiméirí lena chinntiú go bhfuil an custaiméir i gcroílár gach birt a dhéanaimid.

## Bus Éireann a bheith ina Áit Oibre Iontach

Is é ár gcuspóir uileghabhálach cur leis an teagmháil a bhíonn againn leis na baill foirne go léir, cultúr a chur chun cinn ina bhfuil meas ar an bhfeidhmíocht i ndáiríre, agus na dálaí a chothú a fhágann gur áit iontach agus áit thaitneamhach oibre é Bus Éireann.

Tá ár bhfoireann ceannaireachta nua tiomanta don aidhm sin a bhaint amach agus in 2019 neartaíomar an fhoireann nuair a d'earcaíomar Príomh-Oifigeach Tráchtála agus Príomhoifigeach Faisnéise nua a bhfuil taithí láidir ábhartha acu araon chun cabhrú linn bunathrú agus fás a bhaint amach laistigh dá bhfeidhmeanna faoi seach.



# *Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach (ar lean)*

Leanadh den earcaíocht ar fud na heagraíochta agus toisc gur leathnaíodh na seirbhísí tháinig níos mó ná 200 tiománaí nua ag obair le Bus Éireann in 2019. Chun ár n-éagsúlacht a fheabhsú, chuireamar feachtas fógraíochta tiomnaithe ar siúl agus reáchtálamar trí lá oscailte earcaíochta ar mhaithe le breis ban a mhealladh chun tabhairt faoi róil tiomána agus innealtóireachta linn. Agus muid ag iarraidh aird na dtiománaithe a dhíriú ar an bhfócas nua atá againn ar chustaiméirí, reáchtálamar níos mó ná 170 ceardlann 'Delight the Customer' ar fhreastail breis is 1,600 tiománaí ar fud na tíre orthu. Beidh an t-aiseolas a fuaireamar ó na tiománaithe a d'fhreastail orthu an-luachmhar don ghnó.

Ar 1 Meán Fómhair 2019, chuir Bus Éireann chun feidhme Moladh ón gCúirt Oibreachais maidir le hardú pá 7.75% thar trí bliana. Ba é sin an chéad ardú pá ó 2008 agus céim thábhachtach a bhí ann i dtaobh féachaint chuige gur fostóir iomaíoch é Bus Éireann. Tá an t-ardú pá nasctha le táirgiúlacht, rud atá ríthábhachtach, agus is gné bhunúsach é sin den straitéis inbhuanaitheachta atá againn. Leanann an lucht bainistíochta orthu ag obair leis na Ceardchumainn ar bhealach dearfach, comhoibritheach chun borradh a chur faoin ngnó, poist nua a chruthú agus cothromaíocht réasúnta a bhaint amach idir an obair agus an saol ar mhaithe le leas is fearr na Cuideachta agus na gcustaiméirí a mbímid ag freastal orthu.

Braitheann an comhar ar bhealach maith cumarsáide agus in 2019 neartaíomar an chumarsáid trí thairseach nua *BÉ Online* a chur ar bun trínar féidir linn faisnéis a chomhroinnt lenár bhfostaithe agus aiseolas a fháil uathu. Chomh maith leis sin, sheolamar ár gcéad suirbhé ar rannpháirtíocht fostaithe, *Have Your Say*, agus chuir torthaí an tsuirbhé sin bonn eolais faoinár gclár oibre i gcomhair 2020 chun an rannpháirtíocht lenár bhfórsa saothair go léir a fheabhsú.

Gné ríthábhachtach d'aon tionscal seirbhíse is ea an t-aitheantas agus is amhlaidh atá freisin inár gcás féin. I mbliana, tá ríméad orm gur dhíríomar go tréan ar chultúr feidhmíochta a fhorbairt lenár ngradaim *Go the Extra Mile* (GEM). Tugadh aitheantas do bhreis is 350 duine atá ag obair linn as an gcion den scoth a rinneadar in 2019. Chun cultúr nua feidhmíochta a chothú, chuireamar ár gcreat bainistíochta feidhmíochta Fáis, Feidhmíochta, agus Rátha i bhfeidhm ar fud ár bhFoireann Feidhmiúcháin go léir agus tá sé i gceist é a chur i bhfeidhm i leith na Foirne Cléireachais in 2020

## Béim ar Inbhuanaitheacht Airgeadais

Bhí feabhas mór i gceist leis an ioncam oibriúcháin €366.5m i gcomparáid le €337.6m in 2018. Ba é an staid bhunlíne a bhí againn i leith na bliana ná brabús €2.3m tar éis costais eisceachtúla Tháinig méadú ar an staid glansócmhainní i leith 2019 go €16.0m, i gcomparáid le €13.7m i leith 2018.

I mí na Nollag, shínigh an Chuideachta Conradh Dírdhámhachtana cúig bliana leis an Údarás Náisiúnta Iompair, lena gcinnteofar go ndéanfar infheistíocht níos mó ná €800 milliún i seirbhísí OSP a sholáthróidh Bus Éireann ar fud na tíre sna cúig bliana amach romhainn. Aontaíodh cistiú mionsonraithe i leith na sonraíochta seirbhíse atá i bhfeidhm faoi láthair agus leagtar dreasachtaí agus pionóis amach sa chonradh i leith leibhéil feidhmíochta chomhaontaithe áirithe, atá ceaptha lena chinntiú go gcuirfimid an tseirbhís is fearr is féidir ar fáil don Stát ar an luach is fearr. Tá seirbhísí breise iarrtha ag an NTA mar pháirt de fhreagra an Spreagadh nua Rialtais ar COVID-19 agus cuirfear iad seo i bhfeidhm roimh dheireadh 2020.

Ní dhéanann an Stát cistiú ar bhealaí tráchtála áirithe a oibríonn Bus Éireann agus ina measc siúd tá Expressway, Eurolines agus seirbhísí ar conradh le haghaidh ceolchoirmeacha nó imeachtaí speisialta. D'fhág an fheidhmíocht i leith costais agus an borradh faoin ioncam go raibh Bord Bhus Éireann agus Bord CIÉ in ann infheistíocht a dhéanamh in 30 feithicil Expressway mar aon le hinfheistíocht nua i gcóras ticéadaithe do Expressway. Táthar ag súil go soláthrófar na sócmhainní nua seo i 2021 mar pháirt de phlean inmharthanachta nua a d'fhoamh an Bord i Meán Fómhair 2020, a chuimsíonn plean le tharraingt amach as ceithre shlí Expressway laistigh den ghréasán, roimh Eanáir 2021.

In 2019, feidhmíodh an scéim Iompair Scoile ar bhonn aisghabháil costais de réir an tsocraithe leis an Roinn. Tá leathadh na Scéime le tamall de bhlianta lánmhaoinithe agus lean tiomantas don mhúnla seo tríd 2020 le maoiniú breise ón Roinn Oideachais agus Scileanna le riachtanais scartha sóisialta agus bearta sábháilteachta eile a chur i bhfeidhm le treoirlínte sláinte poiblí a chomhlíonadh.

## Sármhaitheas Seirbhíse

Is í an tsábháilteacht an phríomhthosaíocht atá againn i gcónaí. Bhí treocht dhearfach ann in 2019 i dtaobh laghdú ar líon na dtuairteanna, in ainneoin treocht dhiúltach i dtaobh timpistí a tharla do phaisinéirí, rud atá á mhaolú agus á bhainistiú againn go fóill. Ag an gComhdháil Sábháilteachta a thionólamar i mí Dheireadh Fómhair 2019 tháinig ionadaithe sábháilteachta ó gach cearn den Chuideachta le chéile chun dea-chleachtais sábháilteachta a chomhroinnt agus a fhorbairt. Chuidigh an tionscnamh nua seo leis an dea-chleachtas a bhunú i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána, an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

I mí Feabhra, sheolamar bealach nua i gCorcaigh, an chéad bhealach 24 uair an chloig in Éirinn. Sheolamar bealaí nua eile freisin agus chuireamar le minicíocht na mbusanna nó leis na huaireanta seirbhíse ar bhealaí bus eile. Toisc gur fhág an borradh faoin ngeilleagar go raibh lánfhostaíocht sa tír, tháinig méadú mór ar líon na bpaisinéirí, rud ar bhain Bus Éireann an-tairbhe as. Os a choinne sin, chuir sé leis na dúshláin a bhaineann le seirbhísí a sholáthar agus chuaigh an brú tráchta in olcas sna cathracha réigiúnacha agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh Bus Éireann ar aghaidh ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun tráthchláir shéasúracha a ullmhú agus beimid ag obair leis na páirtithe leasmhara eile freisin chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na buncheisteanna, lena n-áirítear an easpa tosaíochta do bhusanna ar go leor bealaí comaitéireachta agus bealaí cathrach, ar mhaithe lena chinntiú go mbainfear amach aistriú córa iompair ar fiú trácht air, go háirithe sna cathracha agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith le díriú ar phoncúlacht agus feabhsú gréasáin, chuireamar dlús leis an gclár infheistíochta sna maoine: cuireadh feabhas ar shaoráidí i ngaráistí, iostaí agus stáisiúin busanna ar fud na hÉireann ar mhaith le custaiméirí agus baill foirne. Ba dhearfach an beart a bhí ansin agus anois déanfar athbhreithnithe straitéiseacha ar na riachtanais atá againn ó thaobh acmhainne ag gach láthair lena chinntiú nach é amháin go mbeidh ar ár gcumas freastal ar threochtaí fáis amach anseo mar chuid de phleananna Bus Connects an Údaráis Náisiúnta Iompair do Chorcaigh, Gaillimh agus Luimneach, ach freisin lena chinntiú go bhfuilimid iomaíoch ó thaobh costais de agus gur seirbhísí costéifeachtacha a bheidh á soláthar againn.

Agus, ar ndóigh, athrófar an cur chuige atá againn maidir le soláthar seirbhíse, agus beidh sé sin á spreagadh, i measc eile, ag an bhfreagracht atá orainn an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm. Cothóimid scileanna nua maidir le bainistíocht fuinnimh, bainistíocht comhshaoil, roghanna nua breosla agus athruithe bonneagair. Teastóidh scileanna agus próisis nua chun freastal ar fheithiclí nua astaíochtaí ísle chun an saol a chosaint do na glúnta atá le teacht. Tá ullmhú scóipe agus trialacha tosaithe cheana féin in 2019 agus cuirfear dlús leo le linn 2020 agus Éire níos glaise fós á baint amach againn, tír a mbeidh áthas orainn maireachtáil inti.

## COVID-19 agus Airdeal

Ba dhúshlán ar leith é COVID-19. Bhí tionchar aige ar oibriú ár seirbhísí ag leibhéil éagsúla srianta ar láidreacht an staid airgeadais a bhain muid amach i 2019. Le bheith dearfach faoi, léirigh an fhoireann iomlán tiomantais agus solúbthachta, agus dhírigh siad ar ár luachanna corparáideacha a chuimsíonn sábháilteacht agus comhoibriú. Leirigh ár bhfoireann fíordhíogras agus iad ag soláthar seirbhís sábháilte do chustaiméirí a raibh Bus Éireann uatha go dian le teacht ar sheirbhísí leighis, le turais riachtanacha a dhéanamh agus le fostaithe túslíne a thabhairt chuig a gcuid oibre i gcúram sláinte, sa mhiondíol agus ag tairgiú bia.

D'oibrigh muid go dlúth agus go dian le CIÉ, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus geallsealbhóirí eile le teacht ar réitigh le seasmhacht a chur ar fáil dár seirbhísí OSP, Expressway agus Scoile. Bhí idir maoiniú breise chuig an Chonradh Dírdhámhachtana agus Conradh Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála nua a aontú leis an NTA dár seirbhísí Expressway go dtí Eanáir 2021 agus maoiniú breise suntasach a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna le tacú le soláthar sábháilte an Scéim Iompair Scoile.

Gabhann muid buíochos lenár geallsealbhóirí ar son á dtacaíochta. Tá muid anois ag díriú ar an todhchaí i ndiaidh COVID-19, tógáil ar an bhunobair i 2019 agus fanacht dírithe ar an bhunsprioc cuideachta iompair níos treise agus níos acmhainní a chruthú a sholathraíonn luach eacnamaíoch agus sóisialta don Stát.

Táim féin agus an fhoireann ardbhainistíochta ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag treorú na Cuideachta tríd na dúshláin reatha. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis na hairí, leis na ranna, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le CIÉ agus go háirithe lenár mBord chun ár bplean 'Destination 2023' a chur i bhfeidhm. Leanfaimid orainn ag soláthar gréasán seirbhísí gan sárú ar fud na hÉireann, agus táim ag tnúth le bheith páirteach san fhás agus sna deiseanna nua sa tréimhse deich mbliana atá romhainn.

***Bus Éireann – daoine á nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo.***

**Stephen Kent**
*Príomhfheidhmeannach*

# Inbhuanaitheacht

## Ár nAidhm

**Mar Chuideachta bus náisiúnta na hÉireann, ár n-aidhm ná daoine a nascadh le cibé nó cad é atá tábhachta acu le níos fearr a chruthú.**

## Ár bhFís

- Mar Chuideachta, tá muid tiomanta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do gach duine.

  *"Is treoirphlean iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do gach duine. Tugann siad faoi na dúshláin dhomhanda atá romhainn, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bochtaineacht, míchothromaíocht, athrú aeráide, díghrádú comhshaoil, síocháin agus ceartas. Tá na 17 Spriocanna nasctha le chéile, agus le nach bhfágtar éinne ar gcúl, tá sé tábhachtach iad a bhaint amach roimh 2013." NA*
- Tá seacht bPríomhsprioc Forbartha Inbhuanaithe aithnithe againn atá ceangailte lenár gcuspóirí straitéise agus a thagann lenár luachanna.
- Mar chuid dár ráiteas físe Destination 2023 tá sé mar aidhm againn bheith mar cheann dena Cuideachtaí iompair náisiúnta is glaise san Eorap.

## Sásamh Custaiméirí

**Plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun eispéireas custaiméirí den chéad scoth a bhaint amach ag gach pointe tadhaill.**

11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES

- In 2019 rinne Bus Éireann an líon ba mhó riamh aistear paisinéirí le 10 mbliana anuas, 89.4 milliún aistear.
- Tá 86% dár mbusanna inrochtana faoi láthair, agus tá gach bus inrochtana i bhflít na gcathracha agus na mbailte réigiúnacha. Is é an aidhm atá againn an flít iomlán a bheith inrochtana agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
- In 2019 cuireadh tús leis an bpleanáil chun flít busanna Bhaile Átha Luain a bheith ag feidhmiú le leictreachas amháin, mar chuid de threoirthionscadal atá á reáchtáil i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

13 CLIMATE ACTION

- Comhlíonann 53% dár bhflít seirbhíse na caighdeáin astaíochtaí Euro VI is déanaí anois agus tá sé geallta againn go mbainfear amach céatadán 60% ina leith sin nuair a gheofar na feithiclí atá ordaithe againn
- Tosóimid ag aistriú chuig breoslaí malartacha inbhuanaithe in 2020, tráth a bhfaighimid 26 bus leictreach hibrideach agus 15 charr leictreacha.
- Socraíodh triail a bhaint as busanna hidrigine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath freisin agus déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú ar an triail sin.

## Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais

**A chinntiú go ndéantar cistiú iomlán ar Bhus Éireann anois agus feasta, lena gclúdófar riachtanais oibriúcháin agus riachtanais ó thaobh caiteachas caipitil, agus lena gcuirfear ar ár gcumas dúinn brabús a dhéanamh ag teacht leis na spriocanna atá leagtha síos i leith gach ceann dár ngnóthaí.**

17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS

- Tá Bus Éireann lántiomanta a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara maidir le treoir bheartais, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus CIÉ.
- Leanaimid orainn ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le húdaráis áitiúla maidir lena gcuid pleananna ó thaobh nasc níos fearr a bheith idir a sheirbhísí iompair agus roghanna taistil atá ann faoi láthair.
- In 2019 d'fháiltigh Bus Éireann roimh an deis aighneacht a chur isteach chuig an gComhairliúchán Poiblí maidir leis an athbhreithniú ar an mBeartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe.
- Tá Bus Éireann fós ag obair i gcomhar lenár nGrúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas, lena n-áirítear Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Chime agus Comhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn i measc eile, chun cúrsaí inrochtaineachta a fheabhsú dár gcustaiméirí

## Rannpháirtíocht Fostaithe

**Ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a bhunú ionas gur áit iontach muid le bheith ag obair.**

8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH

- In 2019 d'éirigh linn borradh a chur faoin ngnó agus tá an fórsa saothair 6.4% níos mó ná mar a bhí. Tugadh ardú céime do 58 fostaí.
- Tá Bus Éireann tiomanta don turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, gnólachtaí a nascadh agus éascú dóibh agus cur le geilleagar feidhmiúil na tíre.
- In 2019 tugadh chun críche 31 tionscadal chun saoráidí a fheabhsú. Rinneadh go leor obair phleanála agus dhearaidh freisin ar phríomhthionscadail mhóra, lena n-áirítear saoráid nua atá pleanáilte i Luimneach (Bóthar Bhaile an Róistigh), athdhearadh a dhéanamh ar an mBusáras, agus oibreacha leictreacha ag cúig gharáiste.

5 GENDER EQUALITY

- In 2019 sheolamar feachtas earcaíochta chun tiománaithe mná a mhealladh, feachtas ar éirigh thar cionn leis.
- Tá Bus Éireann ina bhall den eagraíocht Club 30% atá tiomanta don chothromaíocht inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal in earnáil an ghnó, agus ina bhall de Chairt Éagsúlachta na hÉireann freisin. Faoi láthair is mná iad thart ar 40% d'fhoireann ceannaireachta an Phríomhfheidhmeannaigh agus 30% den fhoireann bainistíochta.

## Soláthar Seirbhíse

**Sármhaitheas oibríochta a bhunú ar fud na bpróiseas gnó go léir chun feidhmíocht shábháilte, iontaofa, thráthúil a bhaint amach i leith na seirbhísí go léir.**

4 QUALITY EDUCATION

- Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, trína soláthraítear seirbhís atá sábháilte, éifeachtúil, éifeachtach agus iontaofa agus a bhfuil rochtain chothrom uirthi. Iompraítear os cionn 120,000 leanbh gach lá scoile faoin scéim sin.
- Tá traidisiún seanbhunaithe ag Bus Éireann maidir le printísigh a fhorbairt, agus tugann gach duine dár bprintísigh faoi chlár oiliúna 4 bliana a sholáthraíonn Bus Éireann i gcomhar le SOLAS.

12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION

- Tá Bus Éireann tiomanta don dramhaíl a chosc, a laghdú, a athchúrsáil agus a athúsáid. Cuireadh tús le roinnt tionscnaimh nua in 2019 lena n-áirítear comhbhrú dramhaíola á dhéanamh ar an láthair ag láithreacha móra, trealamh ríomhaireachta a athúsáid agus a athchúrsáil trí charthanas cláraithe, agus stopadh ag baint úsáid as coimeádáin dí agus sceanra plaisteacha aon-úsáide.
- In 2019 rinneadh éascú breise ar fheidhmiú an chórais teileamaitice ar an bhflít busanna, cuireadh oiliúint ar fhostaithe agus feistíodh na feithiclí go léir agus é i gceist againn an córas a chur i bhfeidhm i mí Feabhra 2020. Fágann an córas sin gur fearr an aird a bhíonn ag na tiománaithe ar a bhfeidhmíocht tiomána, agus ar an tionchar a bhíonn ag an tiomáint ar ídiú breosla agus ar shábháilteacht na bpaisinéirí.
- Ghlac Bus Éireann páirt sa ghrúpa comhairleach UTRAP maidir le cáilíocht an aeir uirbigh a fheabhsú, beart a mbeidh ról lárnach ag seirbhísí iompair phoiblí ann.


IRIZAR
Expressw
www.buseireann.ie




## Ioncam agus Líon na nAistear Paisinéirí 2019 le hais 2018

Láimhdeachas Oibriúcháin

**+8.6% ▲**

Líon Iomlán na nAistear

**+6.9% ▲**

## Brabús (easnamh) i leith na bliana

| 2019 | 2018 |
|---|---|
| €2.3m | (€6.4m) |

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Eispéireas na gCustaiméirí

*Le linn 2019, rinne Bus Éireann feabhsuithe éagsúla ar an tráthchlár agus ar an tseirbhís do chustaiméirí ar fud an ghréasáin, rud a chuir beagnach 7% le líon na n-aistear a rinne paisinéirí.*

## Feabhas ar an Soláthar Seirbhísí

### Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

*Gréasán Chathair Chorcaí*

- Mar thoradh ar fheabhsuithe móra ar Bhealach 220 & 220x (Baile an Chollaigh – Lár na Cathrach – Carraig Uí Leighin), cuireadh tús leis an gcéad seirbhís cathrach a ritheann lá agus oíche in Éirinn. Feidhmíonn an tseirbhís de lá agus d'oíche seacht lá na seachtaine anois, ach amháin ar Lá Nollag, agus tá dhá oiread busanna lae á rith is a bhíodh roimhe seo. Ó cuireadh tús leis an tseirbhís go luath in 2019, tá méadú 70% tagtha ar líon na bpaisinéirí.
- I mí na Samhna, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, thug Bus Éireann seirbhís nua isteach (Bealach 225) idir Inis Sionnach – Rinn an Scidígh – Carraig Uí Leighin – Aerfort Chorcaí. Téann bus feadh an bhealaigh gach 30 nóiméad ó 04.00 go meán oíche.
- Le linn 2019 freisin, rinneadh feabhsúcháin ar bhealach 216 (Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh – Lár na Cathrach – Baile an Mhanaigh) agus leathnaíodh na seirbhísí go Baile an Mhanaigh agus an Pasáiste, rud a d'fhág go raibh busanna ag rith ar an mbealach sin breis is dhá oiread chomh minic is a bhíodh roimhe sin.







*Gréasán Bhaile Dhroichead Átha*

- Rinneadh feabhas mór ar sheirbhís an bhaile i mí Lúnasa 2019. Mar thoradh ar an ngréasán nua a bheith ag feidhmiú sa bhaile sin, tháinig ardú 36% ar mhinicíocht na seirbhísí, cuireadh síneadh leis na huaireanta oibríochta agus cuireadh le minicíocht na seirbhísí ag an deireadh seachtaine.
- Cúig bhus nua ar urlár íseal atá ag rith ar an tseirbhís sin, agus iad measartha mór.
- Ó tugadh an tseirbhís isteach, tá méadú os cionn 60% tagtha ar líon na gcustaiméirí.

*Gréasán na Gaillimhe*

- Tugadh isteach amchlár feabhsaithe ar Bhealach 424 i mí na Nollag. Cuireadh go mór le minicíocht na mbusanna gach lá, agus cuireadh síneadh leis na huaireanta oibríochta.
- Cuireadh busanna níos minice ar sheirbhís an tráthnóna ar Bhealach 419 freisin, chun freastal níos fearr a dhéanamh ar an athrú ar riachtanais taistil na gcustaiméirí.
- Chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh ó chustaiméirí, tugadh dhá bhus nua dhá urlár, ar cinn ardacmhainne iad, isteach ar ghréasán Chathair na Gaillimhe le linn 2019.

*Gréasán Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath*

- Tugadh isteach seirbhísí feabhsaithe ar Bhealach 101 agus 101x (Droichead Átha – Baile Brigín – Baile Átha Cliath) i mí Lúnasa, beart a chuir le líon na seirbhísí i rith na mbuaicuaireanta feadh chonair an M1 agus a chuir síneadh leis na huaireanta oibríochta, agus seirbhísí ag feidhmiú anois idir 04:30 agus 01:30.

*Gréasán Mhaigh Eo*

- Cuireadh feabhas ar Bhealach 458 (Béal an Átha – Sligeach – Inis Ceithleann) i Márta 2019. Cuireadh go mór le líon na n-aistear bus, go háirithe ag an deireadh seachtaine, agus cuireadh síneadh leis na huaireanta oibríochta.

*Gréasán Chathair Luimnigh*

- Tugadh isteach cláir ama fheabhsaithe i mBealtaine 2019. Fágann sin go bhfuil seirbhís níos poncúla agus níos iontaofa ar fáil dár gcustaiméirí i Luimneach.

*Gréasán Chathair Phort Láirge*

- Aistríodh feidhmiú Ghréasán Chathair Phort Láirge go conradh nua de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, conradh a fheidhmítear ar bhonn ollchostais, i mí an Mheithimh 2019.
- De bharr infheistíocht nach beag a rinneadh i ngréasán Chathair Phort Láirge i mí na Nollag 2018, tháinig méadú níos mó ná 50% ar líon na bpaisinéirí in 2019.

## Seirbhísí Tráchtála

*Expressway*

- Roghnaigh Expressway soláthraí do thionscadal nua faoina mbeidh córas táillí/ticéadaithe nua á chur i bhfeidhm amach sa bhliain 2020.
- Le linn 2019, thug Expressway dhá sheirbhís bhreise isteach gach lá ar Bhealach 32 (Baile Átha Cliath go Leitir Ceanainn). Leis na seirbhísí breise seo, beidh custaiméirí i nDún na nGall in ann leas a bhaint as eitiltí a fhágann Aerfort Bhaile Átha Cliath go moch ar maidin. Ina theannta sin, táimid ag baint triail as seirbhís nua gan ach líon teoranta stadanna, seirbhís de chineál “X”, ar an mbealach sin.
- Amach sa bhliain 2019, ar mhaithe leis an struchtúr táillí céanna a bheith i bhfeidhm ar fud ghréasán Expressway, thugamar struchtúr praghsála nua isteach ar an mbealach 100X idir Baile Átha Cliath agus Dún Dealgan.
- I gcomhar le Translink, comhpháirtí dár gcuid, thug Expressway isteach seirbhís nua ticéadaithe ar líne ar ár gconairí i mBéal Feirste in 2019. Fágann sé sin gur fusa ag na paisinéirí dul suas ar an mbus agus gur fearr an t-eispéireas a bhíonn acu. Féadfar ticéad a chur in áirithe ar líne agus tá scanadh cód QR i bhfeidhm.
- Tar éis athbhreithniú mionsonraithe ar an ngnó, beartaíodh deireadh a chur leis an socrú a bhí againn le GoBus ar an mbealach idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath agus díriú ar fheidhmíocht ár mbranda féin a fhorbairt.

*Gnóthaí Coimhdeacha*

- Ba bhliain ghnóthach í 2019 i Rannóg na nGnóthaí Coimhdeacha. Tháinig méadú nach beag ar an ioncam mar gheall ar Chraobhchomórtas Eorpach UEFA d’imreoirí faoi 17 i mí na Bealtaine, séasúr gnóthach ceolchoirmeacha i rith an tsamhraidh agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Lúnasa.
- Le linn 2019, thug Bus Éireann isteach bealaí nua ar an tseirbhís Expressway Eurolines 871 (idir Baile Átha Cliath, Holyhead agus Londain). Leis an athrú sin tháinig feabhas arís eile ar eispéireas ár gcustaiméirí agus tháinig borradh faoin ngnó ar an tseirbhís sin i margadh atá thar a bheith iomaíoch.

*Seirbhísí Scoile*

Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Le linn 2019, bhí Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn lena chinntiú go mbeadh na seirbhísí iompair scoile a sholáthraíonn Bus Éireann sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil.

- Taistealaíonn breis is 120,000 leanbh ar bheagnach 7,000 bealach scoile chuig thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre gach lá scoile.
- San áireamh ansin tá beagnach 14,300 leanbh ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Cuirimid seirbhísí ar fáil dóibh a bhíonn dírithe ar fhreastal ar a gcuid riachtanas aonair féin.
- Cuireadh breis is 42 milliún aistear ar bun faoin scéim iompair scoile in 2019.

Rinneadh na haistir sin go sábháilte, éifeachtúil, a bhuí leis an bhfoireann iompair scoile a bhíonn ag obair ar fud na tíre, dream atá tiomanta don obair a dhéanann siad agus a bhfuil an-taithí acu uirthi.

*Borradh faoin Scéim*

- D’fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis agus 395 seirbhís nua in 2018 agus ceadaíodh 1,157 athrú ar na seirbhísí, lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar fheithiclí, aistir bhreise agus síneadh a chur le bealaí atá ann cheana.
- Bhí formhór mór na n-athruithe sin beartaithe chun freastal ar an méadú ar an éileamh ó leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.
- Lean roinnt Scoileanna Speisialta ag feidhmiú ar feadh tréimhse shínte i mí Iúil. Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna seirbhísí iompar do leanaí a théann chuig na scoileanna sin i rith na tréimhse samhraidh seo.

*Bearta Maolaithe Sealadacha*

Thug Bus Éireann isteach roinnt leasuithe ar sheirbhísí i rith mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair chun freastal ar cheantair ina raibh éileamh mór ar thaisteal ar lacáiste. Tugadh isteach na seirbhísí sin le formheas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, sa chás inar comhlíonadh na critéir shainithe a leag an Roinn síos.

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

*Líne Theileafóin do Chustaiméirí – An Scéim Iompair Scoile*

Toisc gur éirigh chomh geal leis i mí Iúil 2018, chuir Bus Éireann córas teileafóin náisiúnta i bhfeidhm do chustaiméirí na n-oifigí iompair scoile arís in 2019 chun teacht le buaicshéasúr na n-íocaíochtaí agus na próiseála iarratas.

- An infheistíocht i gcórais agus sa teicneolaíocht, a faomhadh i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, bhí sí dírithe ar eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú i gcás an 75,000 teaghlach a bhíonn páirteach sa Scéim Iompair Scoile.
- Fuarthas 35,000 glao le linn na tréimhse sin, agus bhain suas le 50% de na fiosruithe le ticéid agus íocaíochtaí.
- Tugadh isteach feidhm nua comhrá gréasáin i mí Iúil 2019 mar ghné bhreise den chlár seirbhísí do chustaiméirí. Bhí an-tóir ag custaiméirí air, agus cuireadh breis is 8,000 comhrá ar bun, a raibh 80% de na custaiméirí sásta leo.
- Cuireadh níos mó ná 250,000 ríomhphost chuig teaghlaigh mar chuid dár bhfeachtas faisnéise chun spriocdhátaí tábhachtacha maidir le híocaíochtaí agus iarratais a chur i gcuimhne do chustaiméirí.
- Feabhsaíodh an chumarsáid le tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, maidir le stádas a n-iarratas.

Mar gheall ar na feabhsuithe foriomlána a tugadh isteach do chustaiméirí in 2019, tháinig feabhas ar shásamh na gcustaiméirí ar an iomlán.



## Feabhas ar an bhFlít Busanna

### Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

In 2019, fuair Bus Éireann 100 feithicil lán-inrochtana nua, a leithdháileadh ar bhealaí ar fud na cathrach, an bhaile agus an ghréasáin idiruirbigh. Tá gach feithicil lán-inrochtana, tá libhré *Transport for Ireland* orthu go léir agus tá an méid seo a leanas amhlaidh ina leith:

- Tá an deimhniú astaíochtaí Euro VI is déanaí acu, a mheastar gurb é an deimhniú is fearr i dtéarmaí astaíochtaí ó fheithiclí nach mbíonn ach méideanna an-íseal ocsaídí nítriúla, hidreacarbóin agus cáithníní á sceitheadh acu
- Tá scáileáin ar bord na mbusanna ar a dtaispeántar faisnéis do phaisinéirí, lena n-áirítear an t-am a mheastar a shroichfear an chéad stad eile
- Dearadh geal nua ar an taobh istigh de na busanna, le suíocháin chompordacha, suíocháin tosaíochta, spás leagtha amach do chathaoir rothaí agus a spás féin do bhugaí linbh
- Soicéid USB, Wi-Fi saor in aisce, agus ceamaraí ar fud an bhus mar chuid de chóras slándála CCTV

*Seirbhísí Cathrach*

- Tugadh isteach 21 bus cathrach nua dhá urlár le linn 2019.
- Cuireadh 19 mbus nua dhá urlár ar an mbóthar ar ghréasán Chathair Chorcaí agus cuireadh dhá cheann eile ar an mbóthar ar ghréasán Chathair na Gaillimhe.
- Cuireadh na busanna nua Cathrach sin in ionad seanfheithiclí aon urláir agus dhá urlár chun freastal ar an bhfás ar líon na bpaisinéirí.
- Ordaíodh 26 bus hibrideach nua in 2019, a ritheann ar leictreachas/díosal.

*Seirbhísí sna Bailte*

- Thug Bus Éireann isteach 26 bus nua den chineál Wright StreetLite, cinn measartha mór, ar fud sheirbhísí Bhus Éireann i Sligeach, Baile Átha Luain, Droichead Átha, san Uaimh agus i mBaile Brigín.
- Thóg na feithiclí sin áit feithiclí a bhí ag dul in aois, rud a chuir feabhas ar eispéireas na gcustaiméirí agus a raibh tairbhí comhshaoil le baint as mar gheall ar astaíochtaí níos ísle.

*Seirbhísí Idiruirbeacha*

- Fuair Bus Éireann 40 cóiste nua idiruirbeach aon urláir, a bhfuil doirse ísle orthu, le húsáid ar sheirbhísí iompair réigiúnacha agus comaitéireachta. Tá na cóistí den chineál Volvo Sunsundegui SB3LE, tá siad 13.5 meádar ar fhad, ar dhá acastóir, tá 49 suíochán iontu agus tá spás buan iontu do chathaoir rothaí. Is féidir dul chuig an spás do chathaoir rothaí trí rampa ag an doras tosaigh, rud a éascaíonn go mór an rochtain ar an mbus i gcás custaiméirí a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu.

### Expressway

- Tugadh chun críche próiseas athnuachana an fhlít feithiclí Expressway nuair a tugadh cead dúinn 30 cóiste nua a cheannach. Is é seo an chéad chéim de phlean infheistíochta ilbhliana san fhlít feithiclí, lena gcuirfear bonn taca faoin seasamh láidir atá ag Expressway mar phríomhsheirbhís cóistí idirchathrach.

## Fócas ar na Custaiméirí

### Inrochtaineacht

Tá Bus Éireann fós ag obair i gcomhar lenár nGrúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas, lena n-áirítear Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Chime agus Comhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn i measc eile, chun cúrsaí inrochtaineachta a fheabhsú dár gcustaiméirí.

- Tá 100% dár bhflít seirbhíse cathrach agus baile lán-inrochtana anois agus tá 90% dár bhflít feithiclí iomlán inrochtana.
- I mí Mheán Fómhair 2019, sheol Bus Éireann, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, dhá fheithicil inrochtana a bhfuil doirse ísle orthu ar Bhealach 480 idir Béal Átha Seanaidh agus Sligeach, agus beidh 36 feithicil inrochtana eile ar an mbóthar ar sheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) i Sligeach, Maigh Eo, Gaillimh agus i gContae an Chláir go luath in 2020.
- I mí na Samhna, rinne Bus Éireann seoladh oifigiúil ar an gCárta JAM in éineacht leis an Aire Ross, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an grúpa Now agus soláthraithe iompair phoiblí eile. Cuideoidh an Cárta JAM le daoine faoi mhíchumas folaithe seirbhísí iompair phoiblí a úsáid agus cuirfidh sé ar chumas an chustaiméara tiománaí an bhus a chur ar an eolas go bhfuil beagán ama breise ag teastáil uaidh nó uaithi.
- Le linn 2019, chríochnaigh Bus Éireann obair chun cúrsaí rochtana a fheabhsú i gcúig stáisiún bus ar fud na tíre. Ba iadsan stáisiúin Shligigh, Bhéal Átha Seanaidh, Mhuineacháin, an Chabhán agus Dhroichead Átha. A bhuí leis an infheistíocht sin, beidh Bus Éireann in ann cur le líon na seirbhísí atá lán-inrochtana.



### Teicneolaíocht

- Lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur feabhas ar ghnéithe teicneolaíochta in 2019 ar mhaithe le soláthar seirbhíse feabhsaithe agus eispéireas custaiméirí níos fearr. Seo a leanas cuid de na príomhthionscnaimh ar thugamar fúthu:
- Réiteach teicneolaíochta nua a sholáthar don tseirbhís Expressway lena gcumasaítear ticéadú ar líne, bailíochtú barrachóid, íocaíocht gan tadhall, áirithint suíocháin agus bainistíocht toraidh.
- Uasghrádú ar na meaisíní díola ticéad ionas gur féidir íocaíocht gan tadhall a dhéanamh.
- Uasghrádú ar mheaisíní ticéad ar an mbus le bogearraí nua, rud a fhágann é 50% – 90% níos tapa ag daoine dul ar an mbus.

### An Cárta Leap

- Tháinig méadú 42% ar úsáid an chárta ar fud na ngréasán uile in 2019, go háirithe ar na gréasáin uirbeacha, na gréasáin baile agus ar an ngréasán comaitéireachta.

### Margaíocht

Bliain iontach a bhí ag Bus Éireann agus Expressway ó thaobh gradam agus torthaí.

- Ghnóthaigh an feachtas *Get to the Airport Ready to Fly* de chuid Expressway dhá ghradam óir ag na Gradaim Margaíochta Cliste a d'eagraigh An Post – i gcatagóir an Taistil, na Siamsaíochta agus na Turasóireachta agus i gcatagóir na Fógraíochta is Cliste.
- Bhí an-toradh ar *Get to the Airport Ready to Fly* in 2019: mheall sé aird an phobail agus rinneadh deimhniú neamhspleách ar an mana a bhí ag gabháil leis, "Over 300 daily departures to and from Dublin Airport".
- Seoladh feachtas margaíochta spriocdhírithe d'úsáideoirí an phas saorthaistil, inar leagadh béim ar nuachtáin áitiúla agus stáisiúin raidió áitiúla chomh maith le taispeántais a bhí dírithe ar dhaoine os cionn 55 bliain. Rinneadh urraíocht ar an scéim OAP B&B de chuid Virgin Media mar chuid den fheachtas freisin.
- Leis an gcéad fheachtas "Cyber Friday" de chuid Expressway, leagadh béim ar luach ar airgead tráth a raibh praghsanna á laghdú go tréan i margadh an-iomaíoch.
- Bhíomar os comhair an tsaoil leis an urraíocht a rinneamar ar CLG Bhaile Átha Cliath agus ar an bhfeachtas "Drive for Five".


ÉALÚ- EMERGENCY EXIT
Bus Éireann
TS 20




Sholáthair Bus Éireann breis is 42m aistear ar sheirbhísí iompair scoile in 2019, agus táimid tiomanta do sheirbhísí sábháilte, éifeachtúla a sholáthar do leanaí scoile ar fud na tíre.

# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid Chorparáideach

- Chun feasacht a mhúscailt agus custaiméirí a mhealladh, reáchtáil Bus Éireann roinnt imeachtaí chun bealaí a sheoladh in 2019. Tionóladh imeachtaí i gCorcaigh go luath in 2019 chun an tseirbhís fheabhsaithe ar bhealach 220 a cheiliúradh, agus reáchtáladh imeachtaí eile níos déanaí sa bhliain i gcomhthráth leis an tseirbhís nua ar bhealach 225. Tionóladh imeachtaí eile i nDroichead Átha i mí Lúnasa chun aird a dhíriú ar na tairbhí iomadúla a ghabhann leis an ngréasán baile feabhsaithe.
- Reáchtáladh feachtais éifeachtacha sa samhradh chun aird a dhíriú ar tháillí €1 leis an gCárta Leap i nGaillimh agus i Luimneach agus cuireadh feachtas náisiúnta "saor in aisce do leanaí" ar bun, rud a chuir go mór leis an éileamh ó phaisinéirí lena linn.
- D'éirigh go geal le feachtas a bhí dírithe ar mhic léinn, lenar mealladh iad chun seirbhís Expressway Bhus Éireann a úsáid, agus baineadh leas as grafaicí nuálacha i stíl na pop-ealaíne agus cur chuige nua maidir le himeachtaí ar an gcampas i rith an fheachtais sin.
- Chun ceiliúradh a dhéanamh ar a bheith #BackInTheDrivingSeat (ar ais ag tiomáint), d'óstáil Bus Éireann imeacht do pháirtithe leasmhara, imeacht ar éirigh go geal leis, in Ard-Mhúsaem na hÉireann i mí na Bealtaine 2019. D'fhreastail níos mó ná 100 páirtí leasmhar ar an imeacht, idir pholaiteoirí, lucht gnó agus lucht na meán, agus deis a bhí ann do Bhus Éireann chun scéal a théarnamh airgeadais a insint chomh maith le torthaí airgeadais na bliana 2018 a chur i láthair.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

- Is cúis bhróid ag Bus Éireann é go dtacaímid le Camchuairt na hÉireann de chuid an Chomhaltais Ceoltóirí, camchuairt a théann i bhfeidhm ar phobail áitiúla, bídís mór nó beag, ar fud na hÉireann.
- Néaltrú: Tá Bus Éireann ina bhall gníomhach de mheitheal oibre FSS maidir leis an néaltrú, *Understand Together*.
- Rannpháirtíocht sa Phobal Áitiúil: Bíonn Bus Éireann ag obair lena lán eagraíochtaí agus carthanais áitiúla ar fud na tíre, tionscadal ceartais Hollyhill agus grúpa pobail an Bhaile Bhig ina measc.
- Frithchiníochas: Tacaíonn Bus Éireann leis an bhfeachtas 'Say No to Racism' (Diúltaigh don Chiníochas), in éineacht leis an gComhairle um Inimircigh in Éirinn, an Údarás Náisiúnta Iompair, agus soláthraithe seirbhísí iompair phoiblí eile.
- Tá Expressway fós ag tacú le foirne sinsearacha peile agus iomána Bhaile Átha Cliath agus na Gaillimhe.
- Ghlac Bus Éireann páirt arís sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2019. Bhí baill foirne ó gach cearn den tír ina n-ambasadóirí, agus iad ag bualadh agus ag comhrá lenár gcustaiméirí agus leis an bpobal le linn an imeachta, a mhair trí lá.
- D'éirigh go geal leis an gcomórtas 'Go Places with BÉ' a reáchtáil Bus Éireann in 2019, comórtas atá dírithe ar scoláirí na hIdirbhliana ar fud na tíre.
- Agus é ag tacú le comhionannas agus éagsúlacht, thacaigh Bus Éireann le Lá Idirnáisiúnta na mBan in 2019.
- Léirigh Bus Éireann a thiomantas don tsábháilteacht leis an tacaíocht a thugamar do Lá Náisiúnta an Mhoillithe.





## Ceannaireacht agus Áit Oibre Iontach

*Is de bharr fhostaithe Bhus Éireann a sheasaimid amach i measc soláthraithe eile. Is iad na fostaithe croílár an ghnó. Tá sé ina sprioc againn a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn, agus seirbhísí á gcur ar fáil ag daoine a chreideann gur áit oibre iontach é Bus Éireann.*

## Ár bhFostaithe

- Ceapadh Eleanor Farrell ina Príomhoifigeach Tráchtála agus ceapadh Seán Loughman ina Phríomhoifigeach Faisnéise.
- Cuireadh Destination 2023, *Our Vision for the Future* i láthair na bhfostaithe.
- Cuireadh *GPS (Growth Performance Success)*, clár bainistíochta agus forbartha feidhmíochta Bhus Éireann, i láthair na mbainisteoirí.
- I mí Dheireadh Fómhair chuireamar *Destination 2023, Our Vision for the Future* os comhair fhoireann bainistíochta Bhus Éireann. Bhíomar dírithe an lá sin ar bhaint amach na n-aidhmeanna agus na gcuspóirí straitéiseacha atá againn agus béim mhór á cur an tráth céanna ar ár gcuid luachanna: Sábháilteacht, Tús Áite don Chustaiméir, Comhoibriú, Smaointeoireacht Chun Cinn agus Feidhmíocht.
- Chuireamar feabhas ar ár gclár um aitheantas d'fhostaithe, *Go the Extra Mile (GEM)* agus cuireadh gradaim áitiúla ar bun faoina scáth sin i dteannta na ngradam bliantúil a bhí á reáchtáil cheana.
- D'fhorbraíomar bealaí nua cumarsáide, lena n-áirítear *BÉ Online*, ardán meán sóisialta, chun cultúr cumarsáide sa dá threo a spreagadh.
- Rinneadh suirbhé ar fhostaithe, *Have Your Say*, chun léargas a fháil ar leibhéil rannpháirtíochta.
- Seoladh feachtas chun mná a earcú le bheith ina dtiománaithe linn.
- Rinneamar Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh.
- Leanamar ag tacú lenár bhfostaithe i bhfeachtais maidir le cúiseanna pobail a leagann siad tábhacht orthu.
- Bhain deichniúr printíseach de chuid Bhus Éireann amach Teastas Leibhéal 6 de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoinar cáilíodh iad le bheith ina Meicneoirí Feithiclí Troma.




### GPS | Cultúr Feidhmíochta a Fhorbairt

Ba mhaith linne i mBus Éireann cultúr bunaithe ar fheidhmíocht a chothú, cultúr ina mbeidh cuspóirí soiléire ag na fostaithe, ina dtabharfar aiseolas macánta dóibh, agus ina mbeidh comhráite oscailte againn faoi ghairmeacha, forbairt agus dul chun cinn. Is é *GPS (Growth, Performance, Success)* clár bainistíochta agus forbartha feidhmíochta Bhus Éireann. Is é sin an creat trína n-úsáidtear spriocanna straitéiseacha ardleibhéil Bhus Éireann mar bhunús chun cuspóirí aonair a fhorbairt agus feidhmíocht a thomhas. Thugamar GPS isteach do bhainisteoirí in 2019, agus rachaimid i mbun rannpháirtíocht le fostaithe riaracháin agus maoirseachta sa chéad ráithe de 2020.

### Go the Extra Míle | Aitheantas do na hAmbasadóirí a léiríonn Luachanna Bhus Éireann

Bunaíodh na Gradaim ***Go the Extra Mile*** de chuid Bhus Éireann in 2018 chun aitheantas agus luach saothair a thabhairt d'fhostaithe a léiríonn ár bhfís agus ár luachanna, agus is cabhair é ó thaobh cultúr a chothú ina mbraitheann ár bhfostaithe go bhfuil siad á spreagadh agus go dtuigtear a bhfiúntas. D'éirigh go geal leis na Gradaim Bhliantúla sin in 2018, agus leathnaíomar an clár le Gradaim Áitiúla dá leithéid ionas gur féidir le bainisteoirí aitheantas a thabhairt don chion a dhéanann a mbaill foirne féin i rith na bliana. In 2019, thugamar aitheantas do níos mó ná 500 fostaí as a n-iarrachtaí den scoth, agus cuireadh searmanas bronnta ar bun i bPáirc an Chrócaigh.

### BÉ Online | Cumarsáid le Gach Fostaí

Toisc gur éirigh go geal leis an treoirthionscadal a reáchtáladh inár n-iosta i mBaile Átha Luain, sheolamar BÉ Online ar fud na tíre in 2019. Is é *BÉ Online* ardán meán sóisialta Bhus Éireann inar féidir le gach fostaí nuacht shóisialta ón gcuideachta agus óna fostaithe a léamh cibé áit a bhfuil siad ag obair. Roimhe sin, ba bheart mall místuama é dul i dteagmháil leis na tiománaithe agus na meicneoirí atá ag obair linn, agus bhímis ag brath ar nuachtlitreacha agus póstaeir chlóite a chuaigh as dáta go tapa. Cuirtear an scéala is nuaí ar an ardán go minic faoin gcaoi a bhfuilimid ag feidhmiú i gcoinne ár gcuspóirí straitéiseacha, mar aon le nuacht faoin bhflít feithiclí. Tugtar aitheantas do na fostaithe air freisin. Tugann 60% dár bhfostaithe cuairt ar an ardán gach lá.



# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## *Have Your Say* | Suirbhé maidir le Rannpháirtíocht Fostaithe

Is é ár gcuspóir é a bheith inár n-áit iontach le bheith ag obair do gach duine, agus fostaithe díograiseacha dílse a bheith againn atá toilteanach beart breise a dhéanamh dá mbainisteoir, dá bhfoireann agus dá gcustaiméirí. In 2019, thomhaiseamar an meon sin (Rannpháirtíocht Fostaithe) trí *Have Your Say*, suirbhé ar fhostaithe a seoladh i rith an tsamhraidh.

Thug an suirbhé léargas luachmhar ar an meon atá ag na fostaithe i leith a bheith ag obair le Bus Éireann. Rinneamar an t-aiseolas sin a bhailíochtú lenár dTiománaithe Paisinéirí Bóthair agus tá pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm againn chun dul i ngleic le saincheisteanna a ardaíodh. Sa chéad ráithe de 2020, déanfaimid na torthaí a bhailíochtú leis an gcuid eile dár bhfostaithe.

I rith na bliana, d'úsáideamar torthaí an tsuirbhé chun bonn eolais a chur faoin straitéis cumarsáide agus rannpháirtíochta fostaithe atá againn agus chun an straitéis sin a fhorbairt.

## Ag Tacú lenár bPobail

Bíonn ár bhfostaithe i dteagmháil le pobail ar fud na hÉireann, agus is cúis bhróid acu é tacú le cúiseanna a dhéanann difear don oiread sin daoine. Mar shampla amháin de sin, in 2019 chaith na fostaithe geansaithe Nollag chun airgead a bhailiú don charthanas a roghnaíomar. Bhí ríméad ar Bhus Éireann tacú leis an gcúis sin, agus is é an ríméad céanna a bhí ar a lán de na paisinéirí.

*"D'éirigh go breá le Lá Geansaithe Nollag Bhus Éireann agus bailíodh €3,060 san iomlán do charthanas iontach, Cumann Alzheimer na hÉireann.*

*Buíochas mór le gach duine a ghlac páirt agus a thacaigh le cúis a mbaineann an-fhiúntas léi."*

*Aisling Harte*

## Oiliúint don Am atá Romhainn | Clár Printíseachta Bhus Éireann

Tá traidisiún seanbhunaithe ag Bus Éireann maidir le printísigh a fhorbairt chun tabhairt faoi róil Innealtóireachta agus Chothabhála linn. Tugann gach printíseach faoi chlár oiliúna ceithre bliana, a chuireann Bus Éireann ar bun i gcomhar le SOLAS. Seacht gcéim atá sa chlár oiliúna do phrintísigh, trí chéim lasmuigh den láthair oibre agus ceithre cinn ag an láthair oibre. San iomlán, cuirfidh ár bprintísigh i gcrích 208 seachtain oiliúna agus bronnfar Sainteastas Leibhéal 6 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann nó QQI) orthu sa Mheicnic Feithiclí Troma. In 2019, bhain deichniúr printíseach amach Teastas Leibhéal 6 de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoinar cáilíodh iad le bheith ina Meicneoirí Feithiclí Troma.

## Ag Treorú an Bhealaigh | Éagsúlacht agus Cuimsiú

D'fhreastail Joanne Duffy, an Bainisteoir Seirbhísí, ar an gcomhdháil a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach in 2019, "Towards a more inclusive and diverse transport sector", mar aon le soláthraithe iompair Eorpacha eile. Cuideoidh an fhaisnéis ón gcomhdháil linn cruth a chur ar straitéis éagsúlachta Bhus Éireann in 2020, go háirithe maidir le conas is féidir linn breis tiománaithe mná a earcú. Tá áthas ar Bhus Éireann a bheith ina bhall den eagraíocht Club 30%, eagraíocht atá tiomanta don chothromaíocht inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal in earnáil an ghnó, agus ina bhall de Chairt Éagsúlachta na hÉireann chomh maith. Faoi láthair is mná iad thart ar 40% d'fhoireann ceannaireachta an Phríomhfheidhmeannaigh agus 30% den fhoireann bainistíochta.

## Éagsúlacht agus Cuimsiú a Chur Chun Cinn | Lá Oscailte chun Tiománaithe Mná a Earcú

Toisc go bhfuil ganntanas lucht saothair ann agus nach mná iad ach 3% de na tiománaithe go léir, thugamar faoin dúshlán mná a spreagadh chun smaoineamh ar ghairm in earnáil na seirbhísí iompair. Sheolamar feachtas ar na meáin shóisialta, ar an raidió agus i gcainéil áitiúla. Chonaic beagnach 50,000 duine ár bpostálacha ar Facebook agus thug 8,281 duine cuairt ar an leathanach faisnéise atá againn ag www.buseireann.ie





Reáchtálamar imeachtaí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh i mí an Mhárta, agus bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh 174 bean chuig ár dtrí iosta chun bualadh leis an bhfoireann, féachaint ar an bhflít feithiclí, breathnú ar an gcóras AVL, agus féachaint conas a bheith i do thiománaí le Bus Éireann. Rud is tábhachtaí fós, fuair siad amach conas iarratas a chur isteach ar phost linn. Mar thoradh ar an bhfeachtas, d'earcaíomar 15 thiománaí mná nua.

Líon na rannpháirtithe suirbhé isteach ag deireadh a seisiún. Mheas 98% go raibh an t-imeacht 'ar fheabhas' agus dúirt 100% go molfaidís do bhean eile dul ag tiomáint le Bus Éireann. Léiríodh roinnt tuairimí iontacha sa cheistneoir aiseolais freisin, mar shampla:

*"Níor thuig mé gur áit oibre chomh cairdiúil é seo agus is iontach mar a chuidíonn an fhoireann go léir le chéile."*

*"Bhraith mé go bhféadfá ceist ar bith a chur agus bhí an fhoireann sásta an t-eolas a thabhairt duit. Bhain mé an-sult as an lá."*

### Mná sa Lucht Oibre a Spreagadh agus a Chumasú | Lá Idirnáisiúnta na mBan

Gach bliain ar 8 Márta, déantar Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh ar fud an domhain. Is é an téama #BalanceForBetter (Feabhas ar Bhonn Cothromaíochta) a bhí i gceist i mbliana, agus baineadh leas as Lá Idirnáisiúnta na mBan 2019 chun cothromaíocht inscne a spreagadh ar fud an domhain.

Reáchtálamar sraith naoi n-imeacht ar fud na tíre do mhná amháin agus bhí Sinead Kilkelly, an Príomhoifigeach Acmhainní Daonna, nó Miriam Flynn, an Príomhoifigeach Scoileanna, ina mbun. In éineacht le comhghleacaithe ó Iarnród Éireann, leagadh amach na himeachtaí chun cultúr idirphlé agus rannpháirtíochta oscailte a fhorbairt. Bhí na comhráite dírithe ar ghairmeacha agus ar fhorbairt, agus ar na dúshláin a bhíonn romhainn san áit oibre. D'inis ár gcomhghleacaithe scéalta dúinn faoi na mná a spreagann iad agus faoina slí ghairme. D'inis siad dúinn freisin faoi chéimeanna is féidir a ghlacadh chun cothromaíocht agus dul chun cinn níos fearr a bhaint amach.

Ó 2013 i leith, tá Grúpa Cuideachtaí CIÉ ag tacú le himeachtaí a bhaineann le Lá Idirnáisiúnta na mBan, agus freastalaíonn thart ar 180 bean orthu gach bliain. I mbliana, bhí Iarnród Éireann ina óstach ar an imeacht den chéad uair, agus reáchtáladh ar thraein é agus in óstán i nDroichead Átha. Bhí triúr príomhchainteoirí i láthair: Joanne O'Riordan, Siobhan Murray agus Fiona Ross, agus labhair siad óna gcroí faoina dtaithí shaoil féin, faoi na dúshláin a bhí rompu, agus faoin gcaoi a ndeachaigh na heispéiris sin, agus an teacht aniar a cothaíodh dá mbarr, i bhfeidhm orthu. Spreag siad mná na Cuideachta seo chun barr a gcumais a bhaint amach agus gan glacadh le teorainneacha gan ghá.

Sheol Bus Éireann an feachtas 'Respect Your Driver' (Meas ar an Tiománaí) in 2019.

### Deiseanna

Tagann roinnt deiseanna chun cinn i gcaitheamh na bliana sa chaoi is gur féidir lenár bhfostaithe dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid gairmeacha. In 2019, tugadh ardú céime do 58 fostaí san iomlán. Bhí deiseanna ag na baill foirne oifige freisin ardú céime a bhaint amach ina gcuid ról cléireachais agus feidhmiúcháin. Tugadh ardú céime do 18 dtiománaí, agus tugadh ról maoirseora do dheichniúr acu. I gcás a lán de na céimeanna gairme sin, tacaíodh leo trí Dhuaiscéim Bhus Éireann, faoina dtacaítear le fostaithe agus cúrsaí ábhartha á ndéanamh acu, amhail an Teastas Inniúlachta Gairmiúla sa Bhainistíocht Iompair, cáilíocht a bhíonn de dhíth orthu siúd ar mian leo cur isteach ar ról maoirseora.

Bíonn tóir ag tiománaithe i gcónaí ar phost le Bus Éireann. D'éirigh le breis is 200 tiománaí a chuir iarratais isteach agus tháinig siadsan ag obair le Bus Éireann i rith na bliana 2019 chun tacú leis an raon mór feabhsuithe seirbhíse atá á gcur i bhfeidhm againn. Cuirtear oiliúint chuimsitheach ionduchtúcháin ar na tiománaithe, mar aon le hoiliúint i dtaobh eolas ar na bealaí, sula dtosaíonn siad ag obair.

### Ceardlanna 'Delight the Customer'

- Cuireadh níos mó ná 170 cúrsa nuálach ar siúl ar fud na tíre ag ar cuireadh oiliúint ar fhostaithe maidir le seirbhís do chustaiméirí.



## Is muidne Cuideachta bus náisiúnta na hÉireann agus tá sé ina chuspóir againn daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol.



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Cobhsaíocht airgeadais

### Feidhmíocht Airgeadais

In 2019, rinne Bus Éireann brabús €2.3m tar éis costais eisceachtúla. Dul chun cinn a bhí ansin i gcomparáid le 2018 tráth a ndearnamar caillteanas €6.4m tar éis costais eisceachtúla. Is éacht mór é sin agus is é seo an chéad uair ó 2014 a rinne an Chuideachta brabús tar éis costais eisceachtúla. Tá an feabhas sin bunaithe ar bhreis éifeachtúlachta, ar an obair atá fós ar bun faoi na tionscnaimh sábhála costais ar cuireadh tús leo i bplean na bliana 2017 maidir le hathrú ó bhonn, béim níos mó a bheith á cur ar chistiú iomlán ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena ndéantar íoslaghdú ar ghníomhaíocht neamhchistithe, laghdú nach beag ar líon na mbusanna a fhaightear ar cíos (24.1% go €8.9m), agus méadú a bheith tagtha ar ioncam Expressway i gcomparáid leis an mbliain anuraidh.

Lean an méadú ar líon na bpaisinéirí a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí in 2019 agus tháinig méadú 6.9% ar líon iomlán na n-aistear go 89.4m in 2019. Mar thoradh air sin, tháinig méadú 7.0% ar an ioncam iomlán ó phaisinéirí bóthair go dtí €163.0m in 2019. Mhéadaigh an t-ioncam iomlán a rinne Expressway go €60.7m, méadú 2%, agus tháinig méadú 9.2% ar an ioncam iomlán faoin OSP, go €154.9m. Mar gheall ar an líon paisinéirí a bheith ag dul i méid, tháinig méadú ar líon na dtimpistí, rud is cúis imní dúinn, agus méadú dá réir ar an gcostas a bhaineann le héilimh ó thríú páirtithe. Beimid ag díriú go tréan air sin anois.

Tháinig ardú 9.8% ar an bhFóirdheontas OSP in 2019 agus tháinig méadú 10.0% ar an gcistiú ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa dá chás sin, tá an méadú bunaithe ar sheirbhísí breise a bheith á soláthar.

As an mbrabús €2.3m, tá €0.7m inchurtha i leith gníomhaíocht OSP agus tá an €1.6m eile inchurtha i leith na gníomhaíochta nach mbaineann leis an OSP.

| | OSP | Seirbhísí Scoile & Tráchtála | Roimh Chostais Eisceachtúla | Costais Eisceachtúla | Brabús/ (Caillteanas) |
|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | €0.7m | €1.6m | €2.3 | €0.036 | €2.3m |
| 2018 | €0.5m | €1.0m | €1.6m | €7.9m | (€6.4m) |

In 2019 tháinig laghdú ar an TRÚCDA go €8.8m i gcomparáid le €9.7m in 2018. Ba é ba chúis leis sin go príomha an tionchar a bhí ag dámhachtain phá 2.75% (an chéad bhliain den chomhaontú trí bliana a rinne an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) agus muirear pinsin a bhain le blianta roimhe seo. D'fhonn na seirbhísí breise OSP a theastaíonn ón Údarás Náisiúnta Iompair le linn 2019 a sholáthar, b'éigean cur le líon na bhfostaithe, agus líon na dtiománaithe go háirithe. Tháinig méadú 10.4% ar chostais phárolla agus costais ghaolmhara go €142.9m in 2019, tráth a raibh 2,727 duine fostaithe againn ar an meán, i gcomparáid le €129.4m in 2018 agus meánlíon fostaithe 2,562.

Infheistíodh €15.7m in 2019 i gcomparáid le €26.2m in 2018. Caitheadh an chuid is mó den airgead sin ar fheithiclí agus ní chuimsítear ann caiteachas €1.6m ar mhaoin a choinnítear ar chlár comhardaithe CIÉ.

Le linn 2019 rinneadh infheistíocht mhór sna feithiclí agus sna custaiméirí, agus cheadaigh an Bord dúinn 30 feithicil Expressway nua a cheannach agus córas nua áirithinte suíochán a chur i bhfeidhm. Ní beag an méid airgid é sin agus ní raibh an infheistíocht indéanta go dtí gur tugadh faoi phróiseas cuimsitheach chun measúnú airgeadais a dhéanamh ar an gcaipiteal.

Neartaíodh Clár Comhardaithe na Cuideachta le linn 2019 agus anois tá glansócmhainní reatha dar luach €37.5m (2017: €28.2m) againn agus luach €16.0m de ghlansócmhainní, méadú ó €13.7m in 2018.

### Rialú Airgeadais agus Rialachas Corparáideach

Le linn 2019 chuir an Chuideachta smacht feabhsaithe i bhfeidhm maidir le rialú caipitil agus rialú an chaiteachais oibriúcháin. Tháinig an Coiste Stiúrtha Caipitil le chéile 12 uair le linn 2019 chun rialachas agus déine na gcinntí infheistíochta a áirithiú, agus iad ag féachaint chuige go mbeadh gach cinneadh bunaithe ar chásanna gnó mionsonraithe. Leis sin, cinntítear go ndéantar meastóireacht chríochnúil ar roghanna agus go ndéanann ár mBord cinntí a bhfuil bonn stuama eolais leo ó thaobh caiteachas caipitil.

Díríodh go mór in 2019 freisin ar an aird mhór atá á tabhairt againn anois ar ghníomhaíocht neamhchistithe. Agus aghaidh á tabhairt ar an ábhar imní áirithe sin, tionscnaíodh cruinnithe rialta sa Chuideachta féin agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun costais bhreise a scrúdú de réir mar a dhéantar seirbhísí a mhéadú nó a fheabhsú. Leis an tsoiléire sin, féachtar chuige go ndéantar na cinntí cearta gnó maidir leis na gnéithe iomchuí den ghnó atá ríthábhachtach i dtaobh a bhfuil i ndán don Chuideachta feasta. Díríodh go mór freisin ar ghnó Expressway a bheith ag obair i ndlúthpháirt leis an rannóg tráchtála ionas go mbeidh an gnólacht níos láidre, go mbeidh cur chuige níos straitéisí aige agus go mbeidh teacht aniar níos fearr ann ó thaobh an gheilleagair de.

Forbraíodh straitéis nua soláthair, bunaithe ar shé ghné ar leith, i rith na bliana lena n-áirítear cur chuige feabhsaithe maidir le comhlíonadh i réimse an tsoláthair agus an rialachais lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na ceanglais rialála atá uirthi i bpríomhréimsí agus go mbeidh sí ag cloí leis an dea-chleachtas maidir le bainistíocht creataí agus conarthaí

In 2019, d'ullmhaigh Bus Éireann buiséad ón mbun aníos agus chuir sé an buiséad sin i bhfeidhm d'fhonn cuntasacht buiséid a áirithiú ar fud gach réimse gnó. Tá cruinnithe rialta i bhfeidhm anois ar fud an ghnólachta go léir ar mhaithe le trédhearcacht agus tuiscint ar na torthaí agus na táscairí feidhmíochta gaolmhara a chinntiú agus bearta ceartaitheacha

a chomhaontú agus monatóireacht a dhéanamh orthu nuair is gá sin. Tionóltar cruinnithe tréimhsiúla leis an bhfoireann ardcheannaireachta chun na torthaí a athbhreithniú agus a chíoradh.

Amach in 2019, mar chuid den tsamhail chostála i leith na dírdámhachtana, rinneadh tuilleadh forbartha ar bhuiséadú ón mbun aníos agus bunaíodh na costais ar phríomhtháscairí feidhmíochta de réir suímh, lenar cinntíodh go bhfuil an gnó OSP lánchistithe faoin gConradh Dírdámhachtana nua a síníodh leis an Údarás Náisiúnta Iompair i mí na Nollag. Gné lárnach de sin ba ea meitheal oibre thrasfheidhmiúil a chinntigh go raibh an tuiscint chéanna ar fud an ghnó ar na riachtanais ó thaobh líon na bhfostaithe. Rinneadh anailís iomlán ar acmhainní a bhí le spáráil, rud a d'fhág go bhféadfaí buiséad céimnithe a chur i bhfeidhm, atá in oiriúint do na séasúir éagsúla

In 2019 chuir an Chuideachta tús leis an bpróiseas chun an fheidhm airgeadais a scrúdú lena chinntiú go mbeidh sí oiriúnach don ghnó san am atá le teacht. Leanfar leis an obair sin in 2020 agus tabharfar aghaidh ar ár bpróisis, ár gcórais, na teicneolaíochtaí, anailísíocht sonraí agus ár n-acmhainní d'fhonn teacht aniar a chothú ó thaobh cúrsaí airgeadais.

Tá an Chuideachta lántiomanta do chloí leis na ceanglais atá orainn faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. In 2019, thug sí isteach Creat Comhlíonta nua chun cabhrú le cosaint an chéad agus an dara líne maidir le monatóireacht ar chomhlíonadh agus athbhreithnithe ar dhearbhú cáilíochta. Déantar tuarascáil ráithiúil ar chomhlíonadh a phlé leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí agus an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil sin. Ina theannta sin, rinne an Chuideachta athbhreithniú domhain ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais chorparáidigh atá orainn faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus mar thoradh air sin tugadh cothrom le dáta an Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh do Stiúrthóirí agus Fostaithe

Le linn 2019, d'éirigh le Bus Éireann a Cheadúnas Oibriúcháin um Iompar Paisinéirí ar Bóthar a athnuachan i gcomhair na tréimhse 2019/2024, bhunaigh sé a chlár inmheánach um Úinéireacht Thairbhiúil, thug sé faoi athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird de réir an Chóid Chleachtais, thug sé faoi athbhreithniú ó thaobh Dearbhú Cáilíochta ar chomhlíonadh an athbhreithnithe faoi Chód Caiteachais Phoiblí 2019 (athbhreithnithe), rinne sé athbhreithniú ar chomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, chuir sé Beartas Nua um Bainistíocht Calaoise i bhfeidhm agus rinne sé comhaontuithe seirbhísí le Grúpa CIÉ, comhaontuithe a bhaineann le seirbhísí a sholáthraítear go lárnach.

### Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais agus Cistiú

D'fhonn cloí leis an gcur chuige inbhuanaitheachta, tá sé tábhachtach cistiú leordhóthanach a dhéanamh ar na seirbhísí OSP agus na seirbhísí scoile a sholáthraíonn Bus Éireann don Údarás Náisiúnta Iompair agus don Roinn Oideachais agus Scileanna. Sonraítear i gcuntas brabúis agus caillteanais na bliana 2019 go bhfuarthas cistiú €58.0m i leith na hoibleagáide seirbhíse poiblí i rith na bliana sin, méadú €5.1m i gcomparáid le 2018. Tháinig méadú ar an ioncam ón tseirbhís scoile go €203.5m freisin, ó €185.3m in 2018. Léiríonn sé sin na seirbhísí méadaithe a theastaíonn ón Údarás Náisiúnta Iompair agus an t-éileamh méadaithe ar sheirbhísí iompair scoile, go háirithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. I mí na Nollag shínigh Bus Éireann Conradh Dírdhámhachtana nua lena gclúdaítear an tréimhse go dtí 2024, faoinar féidir leis an gCuideachta seirbhísí OSP a sholáthar trí chonradh lánchistithe.

D'fhonn méadú brabúis agus ardú ar líon na bpaisinéirí a chothú feasta ar fud ghnó Expressway, cheadaigh an Bord caiteachas caipitil chun suas le 30 bhus nua Expressway a cheannach. Tá sé thar am an infheistíocht mhór sin a dhéanamh agus, leis sin, cuirfear Expressway i riocht maith de réir mar a bheidh an t-iomaíochas ag géarú sa mhargadh.

Maidir lenár ngnó scoile, táimid ag éascú faoi láthair d'athbhreithniú neamhspleách, a bhfuiltear ag súil leis go dtabharfar chun críche é faoi lár na bliana 2020. Beidh sé sin ina bhonn eolais i gcomhair plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna amach anseo.

Gach bliain déanann Bus Éireann athbhreithniú ar a phlean gnó rollach cúig bliana, a ndéanann NewERA athbhreithniú bliantúil air. Tá feabhas tagtha ar ghlansócmhainní na cuideachta ó 2019 agus is fiú €16.0m anois iad, méid atá i bhfad níos mó ná na tairseacha a theastaíonn le haghaidh ceadúnas oibríochta bliantúil. Tá feabhas tagtha freisin ar an iarmhéid idir Chuideachta le CIÉ ó 2019, agus tá glanmhéid €101.0m dlite do Bhus Éireann anois, méadú €16.1m i gcomparáid le 2018.

B'ionann na gealltanais chaipitil amhail an 31 Nollaig 2019 agus €15.4m, lena n-áirítear €13.3m i leith 30 bus nua Expressway.

### Ionchas Airgeadais

Tá na dúshláin atá ag gabháil leis an easpa cinnteachta faoin mBreatimeacht fós ag dul i bhfeidhm ar go leor Cuideachtaí, Bus Éireann ina measc. Tá Bus Éireann ag cur i bhfeidhm a phlean um Athrú Ó bhonn i gcomhair an Bhreatimeachta i gcomhréir leis an bpróiseas idirbheartaíochta idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le fágáil an Aontais. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí an scéal is nuaí ar an ábhar sin go rialta

Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá Bus Éireann ag déileáil leis an ráig COVID-19 a raibh éifeacht mhór aici ar líon na bpaisinéirí le linn 2020 agus, is dócha, isteach sa bhliain 2021. Chruthaigh an ráig sin timpeallacht dhúshlánach a bhfuil an Chuideachta ag déileáil léi i dteannta lenár bpríomhpháirtithe leasmhara go léir. Tá cur síos ar na tionchair i mír an Gnóthas Leantaigh i dTuairisc na Stiúrthóirí.

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Barr Feabhais Oibriúcháin

### Sábháilteacht

Tá cúrsaí sábháilteachta fós faoi chúram na foirne ardbhainistíochta agus Choiste Sábháilteachta an bhoird, ar athraíodh a ainm go dtí an Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta in 2019. Rinneadh téarmaí tagartha an Choiste a athbhreithniú agus tugadh cothrom le dáta iad.

- Rinneadh leathnú ar Phlean Éigeandála na Cuideachta in 2019 agus tugadh cothrom le dáta é, agus reáchtáladh dhá sheisiún chun cásanna a thástáil ar mhaithe le cabhrú le pleanáil freagartha éigeandála. Bhain ceann amháin le cás éigeandála ar sheirbhís iompair scoile agus an ceann eile le cás éigeandála a raibh paisinéirí ar bóthar i gceist ann.
- Cuireadh chun feidhme próiseas athbhreithnithe maidir le hiniúchadh ar shábháilteacht san áit oibre i rith na bliana ag gach láthair oibríochta.
- Ullmhaíodh agus cuireadh i láthair in 2019 nuashonrú iomlán ar Bheartas Sábháilteachta, Córas Bainistíochta Sábháilteachta agus Ráiteas Sábháilteachta na Cuideachta.
- Foilsíodh 'Driving Safely', leabhrán cuimsitheach nua ina dtugtar comhairle maidir le sábháilteacht tiománaithe, i rith na bliana. Tugtar breac-chuntas sa leabhrán ar phróisis bainistíochta sábháilteachta na Cuideachta agus tugtar comhairle ann maidir le sábháilteacht agus slándáil tiománaithe agus paisinéirí.
- Ní bhfuair aon phaisinéir ná aon fhostaí bás i dteagmhas a bhain leis an obair in 2019. Ar an drochuair, bhí feithiclí de chuid na Cuideachta páirteach i dtrí thuairt ina bhfuair duine bás i rith na bliana – dhá cheann ina raibh coisithe i gceist agus ceann amháin ina raibh gluaisrothaí i gceist.
- Bhí ráta na dtuairteanna agus na dtimpistí a tharla d'fhostaithe in 2019 i bhfad ní b'ísle ná mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe seo. Tháinig méadú ar an ráta timpistí i gcás paisinéirí ar bóthar, go háirithe ar ár gcuid seirbhísí cathrach. Tugadh isteach roinnt beart sa dara leath den bhliain chun stop a chur leis an treocht sin.
- Tionóladh comhdháil sábháilteachta i mBaile Átha Luain i mí Dheireadh Fómhair, ar ar fhreastail ionadaithe sábháilteachta agus oifigigh shábháilteachta ó gach cearn den tír. Bhí an-áthas orainn aoichainteoirí a bheith inár gCuideachta ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ón nGarda Síochána. Ghlac siadsan páirt i seisiún fóraim agus seisiún smaointeoireachta cuimsitheach faoi phríomhábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht.
- Rinneadh nuashonrú eile ar an gcóras CRM (bainistíocht ar an gcaidreamh le custaiméirí) maidir le tuairisciú ar thimpistí agus ar theagmhais chun anailís bhreise a sholáthar i ndáil le treochtaí i dtaobh timpistí agus i ndáil le faisnéis ón gcóras CCTV. Chuidigh sé sin linn timpistí a imscrúdú agus le bainistiú na n-éileamh ina ndiaidh.
- Leanadh leis an leathnú atá á dhéanamh ar na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le sábháilteacht agus cuireadh ceann breise leo: tuairisciú ar chásanna inar tugadh íde béil d'fhostaithe agus ina ndearnadh damáiste mailíseach do mhaoin.

### *Iompar Scoile*

- Is é sábháilteacht na leanaí scoile a bhíonn ag taisteal ar na seirbhísí iompair scoile an tosaíocht is mó atá againn i gcónaí.
- Is léir arís eile go bhfuil teist sábháilteachta mhaith againn i bhfianaise laghdú 23% a bheith tagtha ar líon na dtuairteanna a tharla d'fheithiclí de chuid Bhus Éireann.
- Lean Bus Éireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar aghaidh ag obair i gcomhar lena chéile in 2019 lena chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht fós ina príomhthosaíocht i bhfeidhmiú na Scéime Iompair Scoile.
- Bhíomar ag díriú go mór freisin ar feadh na bliana 2019 ar an tsábháilteacht ar bhusanna scoile a chur chun cinn agus teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl do leanaí scoile.

D'fhreastail Bus Éireann ar roinnt imeachtaí sábháilteachta i rith na bliana lena n-áirítear na tionscnaimh "Keep Safe" i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.






### Cosaint Leanaí

Ag teacht le ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, is gné lárnach den éiteas tá ag Bus Éireann é leanaí a choinneáil slán sábháilte agus iad faoinár gcúram. Sa leabhrán maidir leis an mBeartas um Chosaint Leanaí, sonraítear na príomhphrionsabail a bhaineann le cosaint leanaí san eagraíocht seo. Déantar é a dháileadh ar bhaill foirne Bhus Éireann, ar chonraitheoirí iompair scoile agus ar na tiománaithe atá ainmnithe acusan. Is é is aidhm don leabhrán maidir leis an mBeartas um Chosaint Leanaí sábháilteacht agus leas na leanaí a iompraímid a chur chun cinn tuilleadh, agus leagtar amach ann na nósanna imeachta atá le leanúint ag ár bpearsanra agus muid ag déileáil le haon ábhar imní a bhaineann le cosaint leanaí.

### Grinnfhiosrú

Is é príomhfhócas Oifig Grinnfhiosrúcháin Bhus Éireann a chinntiú go gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016. Féachtar ann leis an sármhaitheas a chothú i gcaighdeáin oibríochta chun tacú le sábháilteacht agus leas na leanaí a iompraímid, go háirithe iad siúd a bhaineann leas as na seirbhísí iompair scoile dár gcuid.

A bhuí leis an gCóras Grinnfhiosrúcháin ar Líne, a seoladh in 2018, tá cuíchóiriú déanta ar an bpróiseas grinnfhiosrúcháin agus soláthraítear ann próiseas iarratais áisiúil a chuidíonn le húsáideoirí inmheánacha agus le húsáideoirí seachtracha araon.

In 2019, rinne Oifig Grinnfhiosrúcháin Bhus Éireann iarratais a phróiseáil i leith 4,431 iarratasóir. Is ionann sin agus méadú 50% ar líon na n-iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a próiseáladh in 2018.

Leis an gCóras Grinnfhiosrúcháin ar Líne, déanta uathoibriú ar thromlach an chomhfhreagrais le hiarratasóirí. Nuair a cheadaítear d'iarratasóirí seirbhís a fheidhmiú thar ceann Bhus Éireann, cuirtear cóip leictreonach chucu de Chód Iompair oifigiúil na Cuideachta agus dá leabhrán maidir leis an mBeartas um Chosaint Leanaí.

## Rioscaí

*Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbíonn cur chuige láidir spriocdhírithe againn sa Chuideachta i gcónaí maidir le rioscaí a bhainistiú.*

*Is ar an mbord atá an fhreagracht fhoriomlán as a chinntiú go mbeidh na rioscaí atá ag bagairt ar an gCuideachta i gcomhréir le baint amach a cuid spriocanna straitéiseacha agus leis an luach fadtéarmach do na páirtithe leasmhara.*

Is iad an tsábháilteacht agus an bhainistíocht rioscaí fós an tosaíocht is airde dá bhfuil ag comhaltaí an Bhoird agus ag an bhFoireann Ardbhainistíochta.

Tá próisis mhionsonraithe, sásraí athbhreithnithe agus córas srianta agus ceartúchán i bhfeidhm chun an dearbhú cáilíochta tráthúil a sholáthar a theastaíonn sa chaoi is go mbeidh an Bord agus an Fhoireann Ardcheannaireachta in ann breithiúnais agus cinntí eolasacha a dhéanamh mar is gá.

**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**
Department of Public Expenditure and Reform

- Tugadh cothrom le dáta Creat Bainistíochta Riosca na Cuideachta le linn 2019. Tá an creat sin ag teacht le forálacha ISO 31000: 2018 agus comhlíonann sé ceanglais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Treoir maidir le Bainistiú Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

  Rinne an Fhoireann Ardcheannaireachta athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar chlár riosca na Cuideachta i rith na bliana. Tuairiscíodh príomhrioscaí agus iad siúd lasmuigh den lamháltas do gach cruinniú Boird.

## Spriocanna Comhshaoil agus Aeráide

*Tá 53% de na feithiclí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine.*


Tá an Bord agus an Fhoireann Ardbhainistíochta fós ag díriú go tréan ar bhainistíocht fuinnimh agus ar inbhuanaitheacht breosla. Táimid meáite ar chuspóirí agus spriocanna an rialtais a bhaint amach maidir le bainistíocht fuinnimh agus inbhuanaitheacht chomhshaoil. Bunaíodh Foireann Fuinnimh thrasfheidhmiúil nua in 2019 agus glacadh Beartas Fuinnimh nua.

- Cuireadh tús le próiseas chun córais bainistíochta fuinnimh na cuideachta a fheabhsú in 2019, agus tá an próiseas sin á chistiú trí Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh an Rialtais. Is é an cuspóir atá leis ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh agus deimhniú bainistíochta fuinnimh ISO50001 a bhaint amach in 2020.
- Rinneadh éascú eile fós ar fheidhmiú an chórais teileamaitice ar an bhflít busanna, cuireadh oiliúint ar fhostaithe agus feistíodh na feithiclí go léir agus é i gceist againn an córas a chur i bhfeidhm i mí Feabhra 2020. Fágann an córas sin gur fearr an aird a bhíonn ag na tiománaithe ar a bhfeidhmíocht tiomána, agus ar an tionchar a bhíonn ag an tiomáint ar ídiú breosla agus ar shábháilteacht na bpaisinéirí.
- Tháinig feabhas 14.8% (deimhnithe ag SEAI) ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh ón mbliain bhunlíne go 2019. Tá sé beartaithe go leanfar leis an dul chun cinn sin in 2020.
- Ceadaíodh córas nua bainistíochta breosla in 2019 agus cuirfear i bhfeidhm é in 2020.
- Ghlac Bus Éireann páirt i dtriail mhór a baineadh as breoslaí malartacha ag deireadh 2018 agus sa chéad leath de 2019, faoi stiúir na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Baineadh úsáid as saoráidí Bhus Éireann ag an gCloch Leathan i mBaile Átha Cliath agus i dTobar an Chaipín i gCorcaigh i gcomhair na trialach. Is éard a bhí i gceist leis an tionscnamh ná monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus feidhmíocht astaíochtaí i gcás sé chineál éagsúla feithicle. Chuir sé bonn eolais faoi bheartas an Rialtais maidir leis an infheistíocht i bhfeithiclí iompair phoiblí agus táimid ag súil leis an gcéad bhaisc busanna hibrideacha, atá á gcistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair, in 2020.


## Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- Tá 53% de na feithiclí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine. Cuirfear leis an gcéatadán sin arís, go dtí 60%, in 2020 tráth a bhfuil sé pleanáilte busanna nua a fháil.
- D'úsáideamar 317,841 meigeavata fuinnimh san iomlán i rith na bliana 2019, agus tharla an méadú sin mar gheall ar na seirbhísí breise a cuireadh ar fáil in 2019 agus mar gheall ar an mbrú tráchta a bheith ag dul in olcas.

Seo a leanas, i meigeavataí, an fuinneamh a d'úsáideamar:




Díosal Leictreachas Gás/Téamh




### Spriocanna Comhshaoil agus Aeráide

Mar fhreagairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide ar domhan agus ar an bhfonn atá orainn a bheith páirteach sa réiteach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar in Éirinn a laghdú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú, ba bheart cinniúnach é foilsiú an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide in 2019 don Chuideachta agus do sholáthraithe iompair phoiblí eile. Tá spriocanna dúshlánacha ann don Chuideachta. Toisc gur comhlacht poiblí muid, is é an sprioc atá leagtha síos dúinn ná laghdú iomlán 30% ar astaíochtaí $CO_2$ faoi 2030. Tháinig laghdú 7% ar astaíochtaí $CO_2$ na Cuideachta ón mbliain bhunlíne (2009). Tá feidhmiú an phlean maidir leis an bhflít feithiclí agus an phlean um chaipiteal bonneagair ríthábhachtach ionas go mbainfidh Bus Éireann amach spriocanna an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, mar aon le hinfheistíocht leanúnach i bhfeithiclí nua ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tosóimid ag aistriú chuig breoslaí malartacha inbhuanaithe in 2020, tráth a bhfaighimid 26 bus leictreach hibrideach. In 2019 cuireadh tús leis an bpleanáil chun flít busanna Bhaile Átha Luain a bheith ag feidhmiú le leictreachas amháin, mar chuid de threoirthionscadal i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Socraíodh triail a bhaint as busanna hidrigine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath freisin agus déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú ar an triail sin.

Táimid ag díriú fós ar cháilíocht an aeir, go háirithe i dtimpeallachtaí uirbeacha. Comhlíonann 53% dár bhflít feithiclí seirbhíse na caighdeáin Euro VI is déanaí anois, rud a chiallaíonn nach dtagann ach astaíochtaí fánacha ocsaídí nítriúla, hidreacarbóin agus cáithníní as sceithphíopa na bhfeithiclí sin. Céatadán 60% a bheidh i gceist nuair a bheidh na busanna nua atá ar na bacáin faighte againn. Tá an Chuideachta páirteach sa ghrúpa comhairleach UTRAP ar fheabhsú cháilíocht an aeir uirbigh.

1. **Ó Charr go Bus**

   ***Ach acmhainní a bheith á roinnt ag níos mó daoine, is lú an líon carranna a bhíonn ar an mbóthar agus is lú an méid astaíochtaí $CO_2$ a bhíonn ann***

   - Dá mhéad daoine a bheidh ag taisteal ar ár gcuid seirbhísí féin, is ea is fearr é don chomhshaol, don gheilleagar agus don tsochaí i gcoitinne.
   - Is é is dual dár ngnó féin cur le húsáid na seirbhísí iompair phoiblí agus dírímid air sin ar an iomaí leibhéal.
   - Déanaimid ár gcion trí idirphlé gníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir, tráth a molaimid an t-iompar poiblí.
   - Príomhghné de sin is ea an oiread buntáistí is féidir a bheith ag na paisinéirí a chinneann taisteal ar ár gcuid seirbhísí.
   - Ina theannta sin, tá sé tábhachtach éifeachtaí dearfacha an taistil ar bhusanna a chur in iúl de réir mar a iompaíonn breis daoine ar an gcóir iompair sin.

2. **Busanna Folmha sa Trácht**

   ***Dá fheabhas a dhéanaimid an trácht a phleanáil, an táirgeadh a chuíchóiriú agus seachaint nach mbeidh busanna folmha ar an mbóthar, is ea is mó an luach a sholáthraímid do phaisinéirí agus don tsochaí***


   - Is coincheap tábhachtach é céatadán na mbusanna folmha sa trácht a laghdú chun pleanáil tráchta chliste a bhaint amach.
   - Is é an sprioc atá againn an acmhainn a sholáthar chun freastal ar riachtanais na bpaisinéirí.
   - Tá sé ríthábhachtach freisin ár mbusanna a líonadh le paisinéirí chun astaíochtaí a ísliú agus ár n-acmhainní teoranta a chaomhnú. Gné thábhachtach amháin is ea na sceidil a bharrfheabhsú sa chaoi is nach mbeidh na busanna díomhaoin ná folamh.
   - Gné eile is ea a chinneadh céard é an fad slí is giorra idir an t-iosta bus agus an chéad stad,
   - Dá mhéad comhoibrithe agus idirphlé a bhíonn againn le paisinéirí, is ea is fearr is féidir na seirbhísí iompair phoiblí a chur in oiriúint do riachtanais na bpaisinéirí agus an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú ag an am céanna.

## Trialacha ar Bhreoslaí Malartacha

- Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cuireadh do Bhus Éireann, do Bhus Átha Cliath agus don Údarás Náisiúnta Iompair páirt a ghlacadh sa phleanáil i dtaobh na dtrialacha atá beartaithe ag an Roinn ar Bhreoslaí Malartacha, agus tacú leo.
- Is é is aidhm leis na trialacha sin bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo maidir le teicneolaíochtaí inbhuanaithe i gcomhair gléasraí cumhachta nach ngineann mórán astaíochtaí nó nach ngineann astaíochtaí ar bith a úsáid sna busanna poiblí.
- Ó lár 2018 ar aghaidh, bhí Foireann Bainistíochta na hInnealtóireachta de chuid Bhus Éireann ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun na trialacha a phleanáil agus a eagrú d'fhonn a mheas cé chomh maith is atá rogha teicneolaíochtaí malartacha cumhachta atá ann cheana agus cinn atá á bhforbairt.
- Cuireadh tús leis na trialacha ag deireadh 2018 agus leanadh leo go dtí Aibreán na bliana 2019.
- I measc na dteicneolaíochtaí a bhí i gceist sna trialacha bhí roinnt busanna aon urláir agus busanna dhá urlár a ritheann ar leictreachas amháin, ar chumhacht hibrideach, ar ghás nádúrtha comhbhrúite agus ar chealla breosla hidrigine. Bhí siadsan á dtástáil i gcomparáid le teicneolaíochtaí díosail astaíochtaí ísle atá ann cheana.
- Tá sé beartaithe ag an Roinn torthaí comparáideacha na trialach a úsáid lena chinneadh cé na teicneolaíochtaí is fearr lena n-úsáid ar fheithiclí iompair phoiblí amach anseo, sa chaoi is gur féidir linn na spriocanna fuinnimh náisiúnta a bhaint amach faoi 2030.

Seo thíos ár n-astaíochtaí carbóin i leith na mblianta 2019 agus 2018, agus iad luaite ina kg $CO_2$:

**Astaíochtaí Carbóin 2019 agus 2018**




Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications, Climate Action & Environment

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Maoin agus Saoráidí

*A bhuí leis an bhfeabhsúchán leanúnach inár saoráidí do chustaiméirí agus d'fhostaithe, tá an bonneagar againn chun tacú le fás acmhainne agus aistriú chuig breoslaí malartacha.*

Is príomhréimse fócais i gcónaí é foirgnimh agus saoráidí na gcustaiméirí agus na bhfostaithe a fheabhsú. In 2019 tugadh chun críche 31 tionscadal chun saoráidí a fheabhsú, mar aon le cúig thionscadal chun feabhas a chur ar an rochtain ar stáisiúin. Rinneadh go leor obair phleanála agus dhearaidh freisin ar phríomhthionscadail mhóra, lena n-áirítear saoráid nua atá pleanáilte i Luimneach (Bóthar Bhaile an Róistigh), athdhearadh a dhéanamh ar an mBusáras, agus oibreacha leictreacha ag cúig gharáiste. De réir mar a chuirtear le seirbhísí, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an bonneagar in ann freastal ar an bhfás sin. Leis an aistriú chuig feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha sna 10 mbliana amach romhainn, beidh brú ar an mbonneagar.

## Teicneolaíocht

*Cuidíonn an teicneolaíocht nua linn fíor-dheiseanna a spreagadh chun fás a chur chun cinn, cur le héifeachtúlachtaí costais agus athrú ó bhonn a dhéanamh ar an ngnó.*

Lean Bus Éireann ag cur feabhas ar ghnéithe teicneolaíochta dá ghnó in 2019, lena n-áirítear:

- D'ullmhaigh an Bord straitéis agus treochlár teicneolaíochta nua trí bliana agus rinne sé é a fhormheas
- Aistríodh ár gcóras TF Acmhainní Daonna chuig an néal
- Tugadh isteach aip nua rannpháirtíochta leis na fostaithe darb ainm 'BÉ Online', a chuireann ar ár gcumas dúinn faisnéis agus pleananna an chuideachta a chur ar fáil, duillíní pá leictreonacha a eisiúint agus uainchláir ar líne agus faisnéis faoin sceideal a chomhroinnt
- Thugamar chun críche an cruthúnas coincheapa maidir le líonra nua ardacmhainne gan sreang sna hiostaí, lena gcuirtear ar ár gcumas dúinn uaslódáil/íoslódáil chianda a dhéanamh ar fhaisnéis faoi thicéid bhus, faisnéis CCTV, faisnéis faoin áit a bhfuil na busanna agus faisnéis ó na tacagraif



# Brabús €2.3 milliún a rinne an Chuideachta in 2019 roimh chostais eisceachtúla.



# Toisc go mbímid seasta meáite ar na caighdeáin is airde a sholáthar do gach custaiméir trí oibríocht éifeachtúil, éifeachtach, cinntítear gurb iad an cháilíocht, an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht is bonn leis an éiteas seirbhíse foriomlán atá againn.



# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile



## An Bord Stiúrthóirí:

### Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin

An tUasal Aidan Murphy

An tUasal Diarmuid Corry

An tUasal Gerard Ryan

Deirdre Ashe Uasal

An tUasal Thomas O'Connor

An tUasal Stephen Hannan

An tUasal Brendan Lenihan *(ceapadh é ar 5 Aibreán 2019)*

Miriam Hughes Uasal *(ceapadh í ar 5 Aibreán 2019)*

An tUasal Richard Manton *(ceapadh é ar 5 Aibreán 2019)*

### Príomhfheidhmeannach

An tUasal Stephen Kent

### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Delaney
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath 7

**Suíomh Gréasáin:** www.buseireann.ie
**Uimhir Chláraithe:** 119570

Cuideachta Faoi Theorainn Scaireanna agus Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014

### Iniúchóirí Neamhspleácha

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

# Beathaisnéisí na Stiúrthóirí



## Aidan Murphy

Ceapadh Aidan Murphy ina chomhalta de bhord Bhus Éireann den chéad uair i mí Aibreáin 2013 agus ina Chathaoirleach ar an mbord i mí Iúil 2014. Tháinig a théarma oifige chun críche ar 8 Iúil 2017 agus athcheapadh é ina Stiúrthóir agus ina Chathaoirleach ar 6 Nollaig 2017.

Tá taithí na mblianta ag Aidan ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhíodh sé ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, Bainisteoir Ginearálta ag Wincanton Ireland agus Stiúrthóir Lóistíochta ag Allegro Ltd. Ba é an príomhchainteoir ag roinnt imeachtaí slabhra soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is comhalta é den Instiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT) agus iarUachtarán uirthi.

Tá Aidan ina chomhalta de Choiste Straitéise an Bhoird freisin agus is comhalta Boird le Grúpa CIÉ é chomh maith. Tá sé ina bhall de Choiste Straitéise Bhord CIÉ chomh maith, agus ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar M&M Walshe Group.



## Deirdre Ashe

Ceapadh Deirdre Ashe ina comhalta den bord i mí Iúil 2014 agus athcheapadh í i mí Lúnasa 2017 do dhara téarma.

Le linn an ama seo bhí sí ina Cathaoirleach ar an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI), ar an gCoiste Luacha Saothair, ar an gCoiste Luach Saothair agus is Cathaoirleach ar an gCoiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara í faoi láthair. Tá sí ina comhalta den Choiste Straitéise ónar ceapadh í i 2014.

Is Stiúrthóir Cairte í Deirdre agus taithí aici mar Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach. Is iar-Stiúrthóir í ar ar Aviva Health, Cumann Asma na hÉireann agus Life Sure. Mar cheannasaí sinsearach le an-taithí in árachas intíre agus idirnáisiúnta bhí sí i gceannas ar Rannáin Tomhaltóra Liberty, Aviva agus Vivas Health sna margaí Árachas Ginearálta agus Sláinte. Is saineolaí í i nDigitiú agus bhí sí in ceannasaí ar Chláracha Athrú Idirnáisiúnta do Liberty Insurance.



## Gerard Ryan

Ceapadh Gerard Ryan ina chomhalta den bhord i mí Iúil 2012 agus athcheapadh é in 2015 agus arís in 2018.

Tá poist ardbhainistíochta ag Gerard le breis is 20 bliana anuas san earnáil seirbhísí airgeadais agus san earnáil TF in eagraíochtaí éagsúla. Tá sé ina Stiúrthóir Oibríochtaí i láthair na huaire le Acorn Life DAC, cuideachta Éireannach árachais saoil faoi úinéireacht phríobháideach, atá lonnaithe i nGaillimh. Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin is ea é le Acorn Insurance Ltd, broicéir árachais ghinearálta atá ina chuid den mháthair Chuideachta Acorn Group Ltd. Tá an-chuid oibre déanta aige i réimse na bainistíochta ginearálta, agus tá neart taithí aige ó thaobh bainistiú airgeadais agus costais, bainistiú agus measúnú tionscadail, athrú gnó, nuálaíocht ar bhonn na teicneolaíochta agus freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath Céim Mháistir sa Riarachán Gnó air agus bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, céim Baitsiléara Eolaíochta san Eolaíocht Ríomhaireachta air.

Tá Gerard ina chomhalta den Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC) freisin agus ina Chathaoirleach ar Choiste Straitéise an bhoird.



## Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar bhord Bhus Éireann ar 1 Nollaig 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.

Tiománaí bus de chuid Bhus Átha Cliath is ea é agus bíonn sé ag obair i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Bhí sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair agus ar an gCoiste Rannán, agus is Ionadaí Iosta é.

Tá Stephen ina chomhalta boird de chuid CIÉ ó mhí na Nollag 2017 i leith agus tá sé ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.



## Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas O'Connor ar bhord Bhus Éireann ar 25 Iúil 2018 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.

Tá Thomas ina thiománaí bus le Bus Átha Cliath, i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta d'Fheidhmeannas Náisiúnta an cheardchumainn sin agus is é atá ina Rúnaí ar Chraobh Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith.

Tá Thomas ina chomhalta Boird de chuid CIÉ ó mhí na Nollag 2017 i leith agus tá sé ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.



## Diarmuid Corry

Ceapadh Diarmuid ar Bhord Bhus Éireann ar 3 Lúnasa 2018 agus ceapadh é freisin ina Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta agus Rochtana an bhoird agus is comhalta den Choiste Straitéise é..

Is comhairleoir é Diarmuid a bhíonn ag plé le dearadh córas leictreonach, agus go háirithe le haer agus spásárthaí. Bhunaigh sé ACRA Control Ltd., soláthraí uirlisí tástála eitilte don tionscal aeraspáis, agus bhíodh sé ina Stiúrthóir ar an gCuideachta sin go dtí gur ceannaíodh í in 2011. Faoi láthair tá sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta le Réaltra Space Engineering, rannán de chuid Realtime Technologies Ltd. Tá céim mháistir ag Diarmuid san Innealtóireacht Leictreonach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá céim MBA bainte amach aige chomh maith.



## Richard Manton

Ceapadh Richard Manton ar bhord Bhus Éireann in Aibreán 2019. Is comhalta den Choiste Sábháilteachta agus Rochtana, agus Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara an Bhoird é.

Is bainisteoir sinsearach ag Innealtóirí na hÉireann é Richard, atá freagrach as caighdeáin pholasaithe, ghnóthaí poiblí agus acadúla. Bhí poist i dtaighde agus i teagasc ag OÉ Gaillimh aige roimhe agus bhí sé ina ionadaí pobail ar Choiste um Bheartais Straitéiseacha Iompair Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Is Innealtóir Cairte le hInnealtóirí na hÉireann agus Institiúid Cairte Mórbhealaí agus Iompair é Richard. Tá PhD aige in Innealtóireacht Shibhialta, le speisialtóireacht in iompair inbhuanaithe.



## Miriam Hughes

Ceapadh Miriam Hughes ar an Bhord i 2019. Is Stiúrthóir Cairte leis an IOD í Miriam, sainchomhairleoir neamhspléach gnó straitéiseach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach. Is comhalta í den Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht an Bhoird agus den Choiste Sábháilteachta agus Rochtana an Bhoird.

Is iar-POF í de cheann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éireann, DDFH&B. Le linn a tréimhse oifige seacht mbliana déag ag DDFH&B, bhainistigh sí an iliomad éadáil, leaganacha gnó nua agus le déanaí threoraigh sí atheagrú an ghnó le cuideachta nua cumarsáide, JWT folk, a chruthú. Bhí DDFH&B 75% faoi úinéireacht áitiúil agus speisialaithe i bhfógraíocht, in inneachair dhigitigh, i mbainistiú clú, in ócáidí eispéireasach agus i bPR branda. D'oibrigh sí le cliaint mhóra mar Bhord Gáis, an Crannchur Náisiúnta, Littlewoods, Irish Life agus SuperValu.

Is cathaoirleach ar bhord Barnardos Ireland Miriam faoi láthair, is Meantóir í ar Phainéal Fiontraíocht Éireann, is Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach í ag Pluto (páirt de ghrúpa TPI) agus is sainchomhairleoir straitéiseach í ar líon gnóthaí beaga. Is céimí de COBÁC í Miriam agus tá BComm agus MBS i Margaíocht aici. Is iaruachtarán í ar Institiúid Mhargaíochta na hÉireann í, is iarchomhalta de Chomhairle Trádála Bhaile Átha Cliath í, is iarchomhalta boird de Fhoras Ospíse na hÉireann í agus is comhalta reatha í de chomhairle IMI.



## Brendan Lenihan

Ceapadh Brendan Lenihan ar bhord Bhus Éireann in Aibreán 2019. Tá sé ina Chathaoirleach ar an Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC) an Bhoird agus is comhalta é den Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara chomh maith.

Is Stiúrthóir Bainistíochta ar Navigo Consulting é Brendan, comhairleoir speisialtóra sa réimse comhairlithe Straitéise, Pleanála Gnó agus Rialaithe. Roimh seo, d'oibrigh sé mar Stiúrthóir Airgeadais Grúpa i gcuideachta mhór réadmhaoine agus mar phartnéir le Andersen, ar oibrigh sé leo in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách é ar líon Cuideachtaí príobháideacha, carthanais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Is iar-Uachtarán é ar Chuntasóirí Cairte na hÉireann. Tá Baitsiléir Tráchtála ag Brendan ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Dioplóma Iarchéime sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ó COBÁC, is Cuntasóir Cairte é le taithí iar-cháilíochta níos mó na 25 bliain, agus bronnadh Dioplóma Gairmiúil i Rialachas Corparáideach ó Scoil Ghnó Smurfit, COBÁC air le déanaí.

# An Fhoireann Ardbhainistíochta



## Stephen Kent – Príomhfheidhmeannach

Sular ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2018, ceapadh Stephen Kent ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach i bhFómhar na bliana 2018, tar éis dó a bheith ina Phríomhoifigeach Tráchtála roimhe sin ón uair a tháinig sé ag obair le Bus Éireann in 2013.

Tháinig Stephen chugainn ó C&C Group áit a mbíodh sé ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, agus roimhe sin bhíodh sé ag obair i róil ardbhainistíochta éagsúla le Waterford Crystal agus Waterford Foods (atá ina chuid de Glanbia plc anois). Tá céim BBS ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh agus MBA ó Ollscoil Herriot Watt, agus is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é freisin.



## Allen Parker – Príomhoifigeach Custaiméirí

Thosaigh Allen Parker ag obair i ról nua an Phríomhoifigigh Custaiméirí i mí na Bealtaine 2018.

Tá taithí 27 bliain ag Allen sa mhargadh busiompair in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Le blianta beaga anuas bhí Allen ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aircoach (fo Chuideachta de chuid First Group plc).

Thosaigh Allen ar a ghairm bheatha san iompar poiblí le Bus Éireann sna 1990idí sular thug sé faoi phost le Comfort Delgro in Éirinn, lena n-áirítear mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Citylink, oibreoir cóistí idirchathrach. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ag obair le First Group plc i róil shinsearacha éagsúla.

Ina ról mar Phríomhoifigeach Custaiméirí, tá Allen lánfhreagrach as gach gné den soláthar seirbhíse agus as feabhsú leanúnach a spreagadh maidir le heispéireas taistil na gcustaiméirí. Cuimsítear sa ról feidhmíocht agus pleanáil, oibríochtaí, innealtóireacht agus gach gné d'eispéireas taistil na gcustaiméirí, cumarsáid, faisnéis agus inrochtaineacht. Is ar an bPríomhoifigeach Custaiméirí atá an fhreagracht as oibleagáidí conartha uile an Údaráis Iompair Náisiúnta a bhainistiú freisin.

Tá BSc (Onóracha) sa Teicneolaíocht Iompair ó Ollscoil Uladh ag Allen.



## Miriam Flynn – Príomhoifigeach Scoile

Thosaigh Miriam Flynn i ról an Phríomhoifigigh Scoile i mí Feabhra 2018 agus is í atá freagrach as feidhmiú agus riar na Scéime Iompair Scoile atá á reáchtáil ag Bus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Bhíodh Miriam ag obair i róil éagsúla sa Chuideachta roimhe sin, amhail Seirbhís do Chustaiméirí, Díolachán agus Margaíocht, Forbairt Gnó agus Oibríochtaí. Chaith sí an tréimhse 15 bliana roimhe sin i ról an Bhainisteora Réigiúnaigh, áit a raibh freagracht fhoriomlán uirthi as oibríochtaí Bhus Éireann i Réigiún an Iardheiscirt.

Bhain sí céim Baitsiléara Tráchtála amach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus tá Dioplóma Iarchéime sa Mhargaíocht aici ó Scoil Ghnó Smurfit, UCD, áit a ndearna sí clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin le Grúpa CIÉ freisin.

Is comhalta í den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn agus tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aici in Oibríochtaí Iompair Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Bóthar.



## Tom Delaney – Príomhoifigeach Airgeadais

Tháinig Tom Delaney chuig Bus Éireann ó Bhanc Shasana chun bheith ina Phríomhoifigeach agus ina Rúnaí Cuideachta i mí Aibreáin 2018. Tá taithí airgeadais breis agus 25 bliain ag Tom ar an ardleibhéal in earnálacha na seirbhísí airgeadais, na déantúsaíochta, na mear-earraí tomhaltais agus na teileachumarsáide, ar bhonn a chuid oibre i ngnólachtaí gormshlise ar nós Coca Cola, Grafton Group, Eircom agus Glanbia.

Chomh maith le cúraimí airgeadas agus cúramaí rúnaíochta na Cuideachta, is é Tom atá freagrach as cúrsaí TF, rialáil agus comhlíonadh i réimse an tsoláthair le Bus Éireann.

Is comhalta é Tom de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, tá céim MSC aige san Airgeadas agus Dlí ó Ollscoil Queen Mary Londan, dioplóma sa dlí dócmhainneachta ón ICAI agus is lánchomhalta é de Chumann Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.



## Sinéad Kilkelly – Príomhoifigeach na bhFostaithe

Thosaigh Sinéad Kilkelly ag obair le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach na bhFostaithe i mí Lúnasa 2018. Tháinig sí chuig Bus Éireann tar éis di naoi mbliana a chaitheamh ag obair leis an Etihad Aviation Group in Abú Daibí, áit a raibh sí ina Leas-Uachtarán ar Sheirbhísí na bhFostaithe. Sa ról sin, bhí Sinéad i gceannas ar shraith clár maidir le mórathrú ar an eagraíocht agus bhí freagracht uirthi freisin as straitéis agus feidhmíocht i leith na nAcmhainní Daonna agus as teicneolaíocht agus seirbhísí Acmhainní Daonna, chomh maith leis an earcaíocht agus an anailísíocht i leith na bhfostaithe sa Ghrúpa (25,000 duine).

Sula ndeachaigh sí ag obair le Etihad, bhí poist ag Sinéad le RBS, Grúpa Bhanc Uladh agus Intel Ireland. Bhíodh cónaí uirthi san Astráil san am atá caite freisin.

Tá MBA ag Sinéad ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus is Comhalta Cairte í den Institiúid Cairte Pearsanra agus Forbartha (CIPD).



## Eleanor Farrell – Príomhoifigeach Tráchtála

Is ceannaire sinsearach le tréan taithí í Eleanor a bhfuil dea-theist tráchtála uirthí in athrú agus nuálaíocht chustaiméir-lárnach, in éineacht le forbairt straitéise agus ardchaighdeán feabhais oibríochta.

Le déanaí, bhí ról ceannaireachta domhanda ag Eleanor le Google mar Cheannaire Domhanda Oibríochtaí agus Straitéise, Ionduchtú Custaiméirí. Chuaigh Eleanor chuig Google ó Vodafone Ireland áit a raibh sí ina Ceannaire ar Bhainistíocht Luach Chustaiméara agus Ceannaire Straitéise agus Pleanála Tráchtálaí.

Níos luaithe ina gairm bhí sí mar Shainchomhairleoir Bainistíochta le McKinsey & Company, áit a raibh sí ina ceannaire ar líon clár straitéise agus athraithe an-tábhachtacha.

Tá céim MBA ag Eleanor ó COBÁC Coláiste Ghnó Céimí Michael Smurfit agus céim MSc i Ríomhaireacht. Is Cathaoirleach í ar Shamáraigh na hÉireann agus tá sí ina comhalta de Bhord na Samáraigh RA.



## Seán Loughman - Príomhoifigeach Faisnéise

Tugann Seán Loughman eolas fairsing agus domhain teicneolaíoch chuig ról nuabhunaithe an Phríomhoifigigh Faisnéise. Tá taithí aige i straitéis, forbairt agus soláthar, i gCuideachta le hanailísíocht agus nuálaíocht dhigiteach agus sonraí

Le linn gairm fadréimseach ag Eir, bhí róil tábhachtacha Stiúrthóra aige i réimsí athrú teicneolaíochta agus forbairt táirgí. Ba Stiúrthóir Straitéise TF, Ailtireachta agus Réitigh é in a phost is déanaí.

Níos luaithe ina ghairm bhí líon ról sinsearach ag Seán i gcuideachta Shualannach Ericsson, in Éirinn agus thar lear.

Tá céim Bhaitsiléar san Innealtóireacht Leictreonach ó COBÁC ag Seán.



## Rory Leahy – Príomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta

Ceapadh Rory Leahy ina Phríomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta i mí Feabhra 2018 agus is é atá freagrach as beartas agus straitéis sábháilteachta na cuideachta, bainistíocht riosca, maoin agus feidhmíocht fuinnimh. Tar éis dó seal a chaitheamh ag obair le hIarnród Éireann, tháinig Rory go Bus Éireann agus bhí róil éagsúla aige ag plé le forbairt ghnó, oibríochtaí agus bainistíocht ghinearálta réigiúnach. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta ag Rory ó UCD agus tá dioplóma iarchéime sa Bhainistíocht Chomhshaoil aige ó Choláiste na Tríonóide, chomh maith le céim Mháistir sa Bhainistíocht Oibríochtaí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla sa Bhainistíocht Oibríochtaí Iompair Paisinéirí ar Bóthar (Idirnáisiúnta) aige freisin.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na Stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí gréasán comhtháite seirbhísí a bhainistiú agus a phleanáil, trí úsáid a bhaint as a chuid acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí. Áirítear sa ghréasán comhtháite sin seirbhísí cóiste cian-iompair, seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéireachta, cathracha, cúigeacha agus baile. Chomh maith leis sin, tá an Chuideachta freagrach as an Scéim Iompar Scoile náisiúnta a bhainistiú agus a sholáthar thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Is é Córas Iompair Éireann, ar fo Chuideachta de chuid Bhus Éireann é, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibríochtúil, Airgeadais agus Innealtóireachta

Mar chuid den mhonatóireacht a dhéantar ar fheidhmíocht na Cuideachta déanann foireann bainistíochta agus Stiúrthóirí na Cuideachta athbhreithniú rialta ar phríomhtháscairí oibriúcháin agus feidhmíochta airgeadais.

Thabhaigh an Chuideachta brabús iareisceachtúil de €2.3m i 2019 (2018: (€6.4m). Bhí seo tar éis íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) dar luach €58.0m (2018: €52.8m). Mhéadaigh ioncam ó sheirbhísí 8.6% bliain ar bhliain go €366.5m. Ag 31 Nollaig 2019 bhí glanshóchmainní reatha de €37.5m (2018 €28.2m) agus glanshóchmainní de €16.0m, méadaithe ó €13.7m in 2018, ag clár comhardaithe na Cuideachta. Mhéadaigh líon na bpaisinéirí 6.9% go 89.4m i 2019.

## Díbhinní

Ní dhearnadh aon díbhinní a mholadh, a dhearbhú ná a íoc i rith na bliana 2019 (2018: €nialas).

## Cúlchistí

Bhí €50.2m mar caillteanais carnach ag críoch 2019, i gcomparáid le €52.5m i 2018.

## Príomhrioscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Tá an Chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Déantar na príomhrioscaí agus na príomhábhair neamhchinnteachta a shainaithint agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí ag an gCuideachta a ndéantar nuashonrú leanúnach air lena athbhreithniú ag na Stiúrthóirí agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta. Athbhreithníonn an Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí le tacaíocht ón Choiste Sábháilteachta agus Rochtana, ó Choiste Straitéise an Bhoird, ón Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara. Déanann an Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI) athbhreithniú agus monatóireacht ar an rialú inmheánach agus ar rioscaí iniúchóireachta.

Bíonn an Chuideachta ag brath ar dhálaí dearfacha inbhuanaithe an mhargaidh dá cuid seirbhísí iomlán. Lean an Chuideachta den mhonatóireacht mhion ar ioncaim agus ar chostais go 2019 agus ar aghaidh tríd theagmháil fhairsing lena geallsealbhóirí.

Cuirtear rioscaí agus deiseanna Airgeadais agus Eacnamaíocha i láthair an GRAI agus an Bhoird ar bhonn rialta. Bíonn an Chuideachta ag brath ar chistiú leordhóthanach do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí bus scoile ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi seach. Ní mór don Chuideachta téarmaí agus coinníollacha an chonartha seirbhíse poiblí dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus an chonartha thairisceana iomaíoch do Sheirbhísí Phort Láirge a chomhlíonadh.

Déantar bainistiú daingean ar an leachtacht ar bhonn Ghrúpa CIÉ. Tá foireann ghairmiúil thiomanta againn a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cistí, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

## Infheistíocht Chaipitiúil

Bhí an caiteachas caipitiúil cothrom le €15.7m in 2019 (2018: €26.4m). In 2019 fuair an Chuideachta cistiú caipitil do sheirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair ar fiú €16.2m é (2018: €22.2m), lena n-áirítear deontais €0.0 milliún (2018: €2.5 milliún) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar chumas na Cuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

## Scairchaipiteal agus Cúlchistí

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na Cuideachta leagtha amach i nóta 16.

Níl fo Chuideachta ar bith ag an gCuideachta ná infheistíocht ar bith i gCuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe seo.

D'fheabhsaigh chúlchistí na Cuideachta i rith 2019 agus tá caillteanais carntha cothrom le €50.2m aici ag deireadh 2019 (2018: €50.2m).

## Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta a thionól uair amháin gach bliain féilire cibé tráth (nach faide ná cúig mhí dhéag tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin) agus cibé áit a leagfaidh na Stiúrthóirí síos. Féadfaidh na Stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann.

## An Bord

Is tríd an mbord Stiúrthóirí atá an Chuideachta á rialú. Thionóil comhaltaí an bhoird deich gcruinniú in 2019 (seacht gcruinniú in 2018) agus is ann do sceideal míreanna ar leith atá le ceadú aige. Cuimsítear sa bhord Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin amháin, a raibh beirt acu ina Stiúrthóir is oibrí ag deireadh na bliana. Níl aon Stiúrthóirí feidhmiúcháin ar an mbord.

## Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú

Mar an cuideachta bus náisiúnta, tá Bus Éireann tiomanta do áit oibre a chruthú a chuireann éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú go gach duine chun cinn. Oibríonn Bus Éireann leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cinntiú go bhfanann an Bhord go hiomlán machnamhach ar an phobal a fhreastalaíonn muid ar, agus creideann muid go gcuireann Bord éagsúil agus cothrom go suntasach le cumas foriomlán an Bhoird an cúram dúshlánach seo a chur i bhfeidhm.

## Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Anseo thíos tá liosta sonraí maidir le tinreamh na Stiúrthóirí ag cruinnithe boird/coiste a reáchtáladh in 2019:

| | Bord | Athbhreithniú ar Iniúchtaí agus Rioscaí | Sábháilteacht | Straitéis | Cultúr, Daoine agus Custaiméir |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal Aidan Murphy | 10/10 | | | 5/5 | |
| An tUasal Diarmuid Corry | 10/10 | | 4/4 | 5/5 | |
| An tUasal Gerard Ryan | 9/10 | 9/9 | | 5/5 | |
| Deirdre Ashe Uasal | 10/10 | 5/5 | | 4/5 | 1/1 |
| An tUasal Thomas O'Connor | 10/10 | | 3/4 | | |
| An tUasal Stephen Hannon | 9/10 | | 2/4 | | |
| An tUasal Brendan Lenihan | 7/7 | 6/6 | | | 1/1 |
| Miriam Hughes Uasal | 7/7 | 6/6 | 2/2 | | |
| An tUasal Richard Manton | 6/7 | | 2/2 | | 1/1 |

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

## An Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC)

Is an Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI) a tugadh ar an Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC) roimh seo. Le linn 2019 bhí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus neamh-Stiúrthóir seo a leanas páirteach sa Ghrúpa:

| | |
|---|---|
| Deirdre Ashe Uasal | *(Cathaoirleach)*<br>*(ceaptha ar an 1 Lúnasa 2018, chuaigh ar scor ar 24 Meitheamh 2019)* |
| An tUasal Gerard Ryan | |
| An tUasal Brendan Lenihan | *(ceaptha mar Chathaoirleach an GRAI ar an 24 Meitheamh 2019)* |
| Miriam Hughes Uasal | *(ceaptha ar an 24 Meitheamh 2019)* |
| An tUasal Paul Mc Cann | *(neamh-Stiúrthóir agus comhalta den ARC)* |

Ceapadh Paul Mc Cann mar comhalta den ARC le linn Lúnasa 2018 agus chuaigh sé ar scor ón Ghrúpa ar 24 Deireadh Fómhair 2019. Níorbh Stiúrthóir é Paul Mc Cann. Ceadaíonn téarmaí tagartha an ARC comhthoghú daoine chun an Choiste.

Tháinig an ARC le chéile naoi n-uaire le linn 2019 (2018: sé).

Is iad na príomhdhualgais atá ar an ARC maoirseacht a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear cinntí maidir le ceapadh an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas, éirí as nó dífhostú. Pléann sé cineál agus raon feidhme na hiniúchóireachta agus a cuid torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Chomh maith leis sin, déanann an ARC monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gCuideachta.

Déanann sé athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca na Cuideachta tríd an eolas is déanaí a fháil ó rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón bhfoireann ardbhainistíochta, an t-eolas is déanaí ón Phríomhoifigeach Riosca agus Sábhailteacht nua-ceaptha san áireamh.

De réir an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rinneadh measúnú neamhspleách ar ARC i ndeireadh na bliana 2018 agus cuireadh an measúnú sin i láthair ag cruinniú de chuid ARC i Feabhra 2019.

Rinneadh athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an ARC i rith 2019 agus cheadaigh an Bord Bhus Éireann Téarmaí Tagartha athbhreithnithe i Feabhra 2020. Athainmniú an an Ghrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (ARC) go dtí an an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí Feabhra 2020.

Tar éis do gach caidreamh idir an Chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí a mheas, ní dóigh leis an ARC go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspleáchas an iniúchóra.

## Coiste Sábháilteachta (agus Rochtana) an Bhoird

Thionóil an Coiste Sábháilteachta de chuid Bhord Bhus Éireann, coiste a bunaíodh ar leibhéal fobhoird in 2004, ceithre chruinniú (ceithre chruinniú in 2018) i rith na bliana 2019. Déanann an Coiste sin monatóireacht ar fheidhmíocht sábháilteachta na Cuideachta bunaithe ar phlean bliantúil sábháilteachta, mar aon le spreagadh a thabhairt don oiread rannpháirtíochta agus is féidir i bhfeasacht sábháilteachta agus i gcosc timpistí ar fud na Cuideachta.

Bhí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste in 2019:

| | |
|---|---|
| An tUasal Diarmuid Corry | *(Cathaoirleach)* |
| An tUasal Thomas O'Connor | |
| An tUasal Stephen Hannon | |
| Miriam Hughes Uasal | *(ceaptha ar 24 Meitheamh 2019)* |
| An tUasal Richard Manton | *(ceaptha ar 24 Meitheamh 2019)* |

Athainmníodh an Coiste go dtí an Coiste Sábháilteachta agus Rochtana ar 24 Meitheamh 2019.

## Coiste Straitéise an Bhoird

Bíonn an coiste seo ag déileáil le cúig réimse ar leith – forbairt fiontar, nuálaíocht teicneolaíochta, margaíocht agus taighde, agus beartas agus pleanáil – mar aon le cúrsaí straitéise, chomh maith le acmhainní daonna agus ceisteanna luach saothair. Tháinig an coiste le chéile cúig uair i rith na bliana 2018 (ceithre uair in 2018). Díscaoileadh an Coiste Luacha Saothair i 2018 agus tógadh a chuid oibre isteach sa Coiste Straitéise. Bhí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste Straitéise in 2018. Ar 24 Meitheamh 2019, aistríodh téarmaí tagartha an Coiste Luach Saothair go dtí an An Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara nuabhunaithe.

Cuimsíonn na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas an Coiste Straitéise i 2019:

| | |
|---|---|
| An tUasal Gerard Ryan | *(Cathaoirleach)* |
| Deirdre Ashe Uasal | |
| An tUasal Aidan Murphy | |
| An tUasal Diarmuid Corry | |

## Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara

Bunaíodh an coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara ar 24 Meitheamh 2019. Bunaíodh é le moltaí a mheas, a threorú, tuairisciú orthú agus a dhéanmah leis an mBord ar an réimse de chultúr, daoine agus straitéis cuistaiméara Bhus Éireann.

Bhí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste le linn 2019:

| | |
|---|---|
| Deirdre Ashe Uasal | *(Ceaptha mar Chathaoirelach 24 Meitheamh 2019)* |
| An tUasal Brendan Lenihan | *(Ceaptha ar 24 Meitheamh 2019)* |
| An tUasal Richard Manton | *(Ceaptha ar 24 Meitheamh 2019)* |

## Sláinte agus sábháilteacht

Tá an Chuideachta tiomanta d'fholláine a fostaithe a chinntiú trí ionad oibre sábháilte a choimeád ar bun agus an reachtaíocht fostaíochta ábhartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Déantar monatóireacht ar an rialachas ar Shláinte agus Sábháilteacht trí Choiste Sábháilteachta an bhoird.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Chuideachta an fhreagracht atá uirthi i dtaobh féachaint chuige go gcomhlíonfar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, i ngach gné ábhartha. Is é beartas íocaíochta na Cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

## Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na Cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád de réir Alt 281 go dtí Alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Is ag Bus Éireann, an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7, atá na leabhair chuntais á gcoimeád.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann Stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar Stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019. D'fhóin siad mar Stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura luaitear a mhalairt.

| | |
|---|---|
| An tUasal Aidan Murphy | *(Cathaoirleach)* |
| An tUasal Diarmuid Corry | |
| An tUasal Gerard Ryan | |
| Deirdre Ashe Uasal | |
| An tUasal Stephen Hannan | |
| An tUasal Thomas O'Connor | |
| An tUasal Brendan Lenihan | *(ceaptha ar 5 Aibreán 2019)* |
| Miriam Hughes Uasal | *(ceaptha ar 5 Aibreán 2019)* |
| An tUasal Richard Manton | *(ceaptha ar 5 Aibreán 2019)* |

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná na rúnaithe a d'fhóin i rith na bliana in aon scair ná binitiúr de chuid na Cuideachta, dá Cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fho Chuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag Stiúrthóir i dtaca le gnó na Cuideachta.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord lán tiomanta riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Is í tuairim an Bhoird, le tacaíocht ón nGrúpa Athbhreithnithe Iniúchta agus Riosca, go raibh rialaithe sásúla i bhfeidhm ag Bus Éireann le na rioscaí a bhain le Spriocanna Stráitéiseacha na Cuideachta a bhanistiú i 2019, agus go raibh na rialaithe seo á gcur i bhfeidhm. Nuair a aithníodh easpaí i dtaca leis an Chóras Rialaithe Inmheánaigh, ghlac bainistíocht Bus Éireann na gníomhartha cuí le dul i ngleic le na heaspaí seo.

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

### Raon Feidhme na Freagrachta

Aithníonn Bord Bus Éireann agus an Chathaoirleach gur é atá freagrach as córas rialaithe inmheánaigh Bus Éireann. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá nóta déanta ag an Bhord chomh maith nach féidir le córas mar sin ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil earráidí ábhartha á chosc.

### Cur Síos ar Phríomhnósanna Imeachta Rialaithe

Deimhníonn Bhord Bus Éireann gur cuireadh athbhreithniú bhliaintiúl ar Éifeachtacht na Nósanna Imeachta Rialaithe i bhfeidhm idir mhí na Samhna 2019 agus mí Feabhra 2020. D'fhoamh Bhord Bus Éireann an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na nósanna imeachta rialaithe ar 18 Samhain 2020. Ní raibh aon laigí i rialú airgeadais inmhéanaigh a raibh caillteanais ábharacha nó éiginnteachtaí mar thoradh orthu a raibh riachtanas nochtaithe i Ráitis Airgeadais Bhliantúil 2019 nó i dTuarascáil an Iniúchóra.

Ba iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta rialaithe curtha i bhfeidhm ag an mBord le rialú inmheánach éifeachtach a chur ar fáil:

- Glacadh le struchtúr eagraíochtúil mínithe go soiléir le teoranta údaráis scríofa, deighilt dualgais chuí agus sáis tuairiscithe chuig ardleibhéal bainistíocht Bhus Éireann, bord Bus Éireann agus Coistí an Bhoird agus Bord CIÉ agus Coistí Boird CIÉ.
- Córas buiséadaithe agus pleanála cuimsithí ina ndéantar comparáid idir fhíorfheidhmiúchán agus an buiséad faofa ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus go himscrúdaítear aon treochtaí nó difríochtaí suntasacha i dtaca le freagracht bhuiséid. Scaiptear na tuairiscí seo ag gach cruinniú boird Bus Éireann agus ag gach coiste boird le go ndéanfar iad a athbhreithniú. Tacaíonn nósanna le dul i ngleic le hinchialla airgeadais príomhrioscaí gnó le seo.
- Treoirlínte soiléire do fhaomhadh agus smacht ar chaiteachas caipitil. Áirítear iad seo; ullmhú buiséad caipitil bhliantúil, atá faofa ag an bhord i gcomhairle le CIÉ, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), staidéar féidearthachta mionsonraithe agus breithmheasanna ar thionscadail caipitil atá suntasach astu féin, roimh fhaomhadh ag an leibhéal údaráis chuí (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an NTA do thionscadail níos mó san áireamh) agus ullmhú tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn do bhainistíocht. Tá riachtanas le paipéar foirmiúil clabhsúir a chríochnú do gach tionscadal suntasach caiptil. Is Capital Steering Group a mhaoirsíonn tionscadail Chaiteachais Caipitil.
- Athbhreithniú córasach ar rialaithe inmheánacha ag Iniúchadh Inmheánach Grúpa CIÉ, a chuimsíonn chríochnú iniúchta Ráitis Comhlíonta Stiúrthóirí.
- Cur i bhfeidhm Creatlach Bhainistiú Riosca agus an Córas um Bhainistiú Riosca (i.e. OpriskControl, a úsáideann na Cuideachtaí ar fad laistigh de Ghrúpa CIÉ) a sholáthraíonn clár in-iniúchta do thaifead agus do thuairisciú fíor-ama ar rioscaí a dhéanann Bainistíocht a mheas agus a athbhreithniú ar bhonn mhíosúil. Cuirtear príomhrioscaí chomh maith le pleananna ionramhála riosca i láthair an Bhoird ar bhonn rathúil tar éis breithnithe an Ghrúpa Athbhreithnithe Iniúchta agus Riosca.
- Nósanna imeachta le déileáil le comhlíonadh Soláthair de réir rialacha agus treoirlínte sholáthair reatha Treoir an AE maidir le Soláthar mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair Grúpa CIÉ agus Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann.
- Críochnú an Iniúchta Airgeadais Seachtraigh (Deloitte) a chuimsíonn athbhreithniú ar Ráiteas ar Chóras rialaithe inmheánaigh.
- Tugadh isteach Aonad agus Creatlach Chomhlíonta agus Rialaithe nua laistigh de Bhus Éireann i 2019 le cuidiú le cosaint chéad agus dara líne i dtaca le monatóireacht comhlíonta agus athbhreithnithe ráthaithe caighdeáin. Eisítear tuairisc chomhlíonta rathúil anois chuig an Bhord.
- Anailís neamhspléach eile agus athbhreithniú ar na córais rialaithe inmheánaigh, a chuimsíonn:
  - Athbhreithniú ar éifeachtacht an GRAI a cuireadh i láthair an Bhoird i mí Eanáir 2019.
  - Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird déanta ag Governance Ireland, thosaigh i mí na Samhna 2019 agus críochnaithe i mí Eanáir 2020.
  - Seicliosta Comhlíonta Cóid Chleachtais curtha i láthair CIÉ i mí Aibreáin 2019.
  - Athbhreithniú seachtrach ar Chreatlach Chomhlíonta Bus Éireann déanta ag Grant Thornton (mí Iúil 2019).
  - Athbhreithniú Ráthaithe Caighdeáin de Riachtanais Tuairiscithe Airgeadais an Chóid Cleachtais 2016 déanta idir mhí na Nollaig 2019 agus mí Feabhra 2020.

Cuireann Bus Éireann Creatlach Bainistíochta Riosca agus Córas Bainistíochta Riosca a sholathraíonn clár in-iniúchta do thaifead agus do thuairisciú fíor-ama ar rioscaí a dhéanann Bainistíocht a mheas agus a athbhreithniú ar bhonn míosúil. Cuirtear príomhrioscaí chomh maith le pleananna ionramhála riosca i láthair an Bhoird ar bhonn rathúil tar éis breithnithe an Ghrúpa Athbhreithnithe Iniúchta agus Riosca.

Rinne Bord Bus Éireann, tríd an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a bhaineann le Bus Éireann le linn 2019 tríd:

- Athbhreithniú agus faomhadh chlár an iniúchta inmheánaigh do 2019 (ullmhaithe tar éis a phróiséas measúnaithe riosca iniúchta) agus a mhórthorthaí a mheas.
- Breithniú leanúnach ar mhórthorthaí fiosraithe inmheánaigh ar bith.
- Athbhreithniú ar thuairisc na n-iniúchóirí, ina bhfuil sonraí aon cheisteanna rialaithe ábhartha a aithníodh mar thoradh ar iniúchadh na ráiteas airgeadais.
- Measúnú leanúnach ar thuairiscí rialta an Iniúchóra Inmheánaigh a thuairisicigh go rialta ar stádas ceisteanna a tarraingíodh roimhe óna thuairiscí féin.
- Athbhreithniú ar na Príomhrioscaí a aithníodh tríd an Chreatlach Bainistíochta Riosca agus an Chóras Bainistíochta Riosca a sholathraíonn clár in-iniúchta do thaifead agus do thuairisciú fíor-ama ar rioscaí a dhéanann Bainistíocht a mheas agus a athbhreithniú ar bhonn mhíosúil. Cuirtear príomhrioscaí chomh maith le pleananna ionramhála riosca i láthair an Bhoird ar bhonn rathúil tar éis breithnithe an Ghrúpa Athbhreithnithe Iniúchta agus Riosca.
- Athbhreithniú leanúnach ar na tuairiscí monatóireachta Chomhlíonta rialta a fhaigheann sé ó 2019 ar aghaidh.

Deimhníonn Bord Bus Éireann gur cuireadh athbhreithniú bliaintúil ar Éifeachtacht na Nósanna Imeachta Rialaithe i bhfeidhm idir mhí na Samhna 2019 agus mí Feabhra 2020. D'fhaomh Bord Bhus Éireann an t-athbhreithniú bliaintiúl ar éifeachtacht na nósanna imeachta rialaithe ar 18 Samhain 2020.

Ní raibh laigí ar bith i rialú airgeadais inmhéanaigh a raibh caillteanais ábharacha nó éiginnteachta mar thoradh orthu a raibh riachtanach nochtaithe i Ráitis Airgeadais Bhliantúil 2019 nó i dTuarascáil an Iniúchóra.

Rinneadh anailís dhearbhaithe cáilíochta ar na réimsí a leanas i 2019 agus go luath i 2020, agus tá pleananna ceartúcháin curtha i bhfeidhm:

- Gnéithe tuairiscithe Gnó agus Airgeadais den Chód Cleachtais 2016: Cuir chuige nua i dtaca leis an Chód Cleachtais do thuaisiciú gnó agus airgeadais ar glacadh leis i mí Feabhra 2020.
- Cairt Custaiméirí de réir an Chóid Cleachtais 2016: De réir Chóid Cleachtais 2016, tá Bus Éireann ag glacadh le Cairt Custaiméirí nua.
- Oibleagáidí Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla: Tá Scéim na Gaeilge ag Bus Éireann á leasú do 2020.
- Oibleagáidí Chóid Caiteachais Phoiblí: Tá Bus Éireann ag glacadh le nósanna imeachta nua leis an Chód Caiteachais Phoiblí leasaithe a chomhlíonadh ó 2020 ar aghaidh.
- Tuarascáil na Nochtuithe Cosanta: Foilsíodh tuarascáil 2019, ach níor cuireadh ar fáil é ar shuíomh gréasáin Bhus Éireann roimh 30 Meitheamh 2019.
- Foilsiú Tuarascáil Bhliantúil 2018: Foilsíodh leagan Béarla de Thuarascáil Bhliantúil 2018 roimh fhaomhadh Thithe an Oireachtais. Ceartaíodh seo le foilsiú leagan Gaelige agus Béarla ar fhaomhadh na dTithe.

Deimhníonn an Bord go bhfuil Bus Éireann ag comhlíonadh rialacha aagus treoirlínte soláthair reatha atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ, ach amháin caiteachas neamhchomhlíonta de €10.1m i 2019 gur ionann é agus 4% de chaiteachas soláthair inghlactha. Tá Straitéis Soláthair anois i bhfeidhm a chinnteoidh soláthar leormhaith agus oilte mar is cuí laistigh den roinn soláthair.

### Soláthar

Deimhníonn Bus Éireann go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm le comhlíonadh le rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú. Thug Grúpa CIE comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe go raibh tairseach de €50,000 le cur ar neamhchomhlíontaí soláthair mar gheall ar an méid ceannacháin laistigh de Ghrúpa CIÉ agus an costas breise ar eolas a sholáthar ag an leibhéal níos ísle. Tarraingítear aird an Aire ar chúrsaí a eascraíonn as rialaithe ar sholáthar sa Tuarascáil Bhliantúil Chuimsitheach tríd an Litir chuig Cathaoirleach CIÉ. Bhí caiteachas neamhchomhlíonta de €7.4m ag Bus Éireann i 2018.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Is €10.1m an caiteachas neamhchomlíonta do 2019, a léiríonn 4% de chaiteachas soláthair inghlactha. Ba iad Páirteanna Spártha agus Bus ar Cíos an dá réimse caiteachas neamhchomlíonta. Tá neamhchomlíonadh Páirteanna Spártha de €6.1m. Tá foinse ón Rannóg Innealtóireachta in áit anois le sonraíochtaí a shíniú agus ag cúnamh le measúnacht na dtairiscintí seo ar fad. Oibreoidh foinsí ón Rannóg Innealtóireachta agus an Rannóg Soláthair araon ar thairscintí páirteanna spártha amháin go dtí go mbeidh gach ceann de na 13 thairscint críochnaithe. Tá proiséis tairisceana tosaithe cheana féin. agus bainfidh BÉ amach luach ar airgead agus caomhnóidh sé caighdeán infheidhme páirteanna chomh maith. Táthar ag súil go mbeidh iomlán na dtairscintí críochnaithe ag R4 2020 mar gheall ar an méid mhór tairscintí atá i gceist, beidh timpeall €7m de chaiteachas neamhchomlíonta i 2020. I 2021, beidh lánchomhlíonadh again le páirteanna spártha.

Tá an proiséas tairsceana Bus ar Cíos críochnaithe agus cuirfear deireadh le neamhchomlíonadh ó R2 2020, beidh timpeall €1.3m de chaiteachas neamhchomlíonta don dá ráithe seo.

### Ráiteas Comhlíonta na Stiúrthóirí

Chun críche alt 225 de Acht na Cuideachtaí 2014 (an “Acht”):

1. Aithníonn muid, na stúrthóirí, gur muid atá freagrach as chomhlíonadh na Cuideachta a aimsiú lena n-oibleagáidí ábhartha mar a shonraítear in alt 225 (1) den Acht (na “oibleagáidí ábhartha”); agus
2. *Deimhníonn muid, na stúrthóirí, go bhfuil gach ceann dóibh siúd a leanas déanta.*
    (i) Dréachtaíodh ráiteas comhlíonta (mar a shonraítear in alt 225 (3) (a) den Acht) ag leagan amach polasaithe na Cuideachta (atá inár dtuairim, cuí don Chuideachta) maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí ábhartha ag an Cuideachta;
    (ii) Go bhfuil socruithe nó structúir chuí, atá inár dtuairim, deartha le comhlíonadh ábhartha a aimsiú le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta curtha i bhfeidhm; agus
    (iii) Gur dearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus structúir ar dearnadh tagairt dóibh in alt (ii) thuas le linn an bhliain airgeadais a mbaineann an tuarascáil seo léi.

Rinne Bus Éireann agus Cuideachtaí eile Ghrúpa CIÉ mionathbhreithniú dearbhaithe cáilíochta le riachtanais Acht na Cuideachta 2014 i dtaca le Ráitis Chomhlíonta na Stiúrthóirí a chomhlíonadh. Is Grúpa CIÉ a choimisiúnaigh an tathbhreithniú do gach Cuideachta oibriúcháin agus is Roinn Iniúchóireachta Inmheánaí Grúpa CIÉ a rinne é. Cuireadh tuairisc chuimsitheach chuig Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí Bus Éireann é agus rinneadh mionathbhreithniú air. Dheimhnigh an tuarascáil go raibh na riachtanais a bhain le Ráitis Chomhlíonta na Stiúrthóirí do 2019 lánchomhlíonta ag Bus Éireann.

## Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Socraíodh le linn 2019 go gceannódh an NTA an dímheas ar na sóchmhainní a bhí fágtha a bhain le OSP thar barr amach. Tosóidh an ceannach thar barr amach seo ar 1 Eanáir 2020.

## Stádas na Cuideachta

Tá an Chuideachta cláraithe mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 ar 1 Feabhra 2016.

## Gnóthas Leantach

Tá éifeacht dhiúltach eacnamaíoch ar eacnamaíocht na hÉireann ag éirí as COVID-19. Tá laghdú ioncaim sna gnóanna Tráchtála agus OSP mar thoradh ar seo. Rinne na Stiúrthóirí miomhacnamh ar nádúr na ceisteanna roimh an Chuideachta nuair a rinne siad macnamh ar cé chomh cuí agus a bhí sé na ráitis airgeadais do 2019 a ullmhú ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann bun gnóthais leantaigh leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhéiginnteachtaí atá roimh an Chuideachta mar a leanas:

### Gníomhaíochtaí tráchtála

Lean seirbhísí Expressway le linn an phaindéim le roinnt athruithe sceidil mar a aontaíodh leis an NTA. Mar go raibh, agus go bhfuil go foill, na seirbhísí seo ag reachtáil le caillteanas airgid mar gheall ar shrianta taistil COVID-19, bhrath Bus Éireann ar thacaíocht leachtachta óna thuismitheoir go dtí Meitheamh 2020 nuair a d'éirigh leis Tacaíocht Shealadach a fháil faoi Chonradh Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála ón NTA. Tá an conradh seo a bhaineann le beagnach gach slí, ach amháin Slí X1 agus X51, a lean de bheith ag brath ar thacaíocht ó CIÉ, le dul in éag i mí Eanáir 2021. Scoirfeadh de gach seirbhís tráchtála eile. Tá conair chun inmharthanacht faofa ag Bord Bhus Éireann arna dhátú 28 Meán Fómhair 2020 ina bfuil tarraingt amach as ceithre slí go luath i 2021 i gceist. Trádálfaidh an gnó tráchtála ag caillteanas i 2021, Rachfaidh an CBO DAC in éag ag deireah Eanáir 2021 agus déanfaidh CIÉ na riachtanais leachtachta de bharr torthaí atáthar ag súil leo sa chuid eile de 2021 a mhaoiniú. Táthar ag súil go bhfillfidh Expressway go brabúsacht i 2022.

### Iompair Scoile

Cuireadh Iompair Scoile ar fionraí le linn céim thosaigh srianta COVID-19 le íocaíochtaí déanta le conraitheoirí le linn an tréimhse sin mar a aontaíodh leis an Roinn Oideachais agus Scilleanna.Tá Bus Éireann anois ag soláthar iompair scoile ag leibhéal lánsheirbhís agus tá sé i mbun tacaíocht conraitheoirí a fháil le soláthar gach gníomhaíocht a chumasú de réir an troirlíne sláinte poiblí go mbeadh toilleadh 50% ar fud iompair iar-bhunscoile agus riachtanais speisialta oideachais le maoiniú breise faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna cheana, a fuarthas i scríbhinn.

### Seirbhísí OSP

Leanann an Bus Éireann ag oibriú se~~irbhísí OSP de réir na mbun-Chonarthaí le linn 2020. Rinneadh an easnamh in ioncam i 2020 agus 2021 tomhaiste agus rinneadh macnamh ar na cásanna diomartha. Bhí Bus Éireann ag feidhmiú ar bhonn conartha glanchostais i 2020 ina gconaítear ioncaim bosca tháille agus solathraíodh maoiniú OSP le costais seirbhísí riachtanacha ach neamhbhrabúsach a íoc. Thug an an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair le fios go luath i 2020 go gcuirfidh maoiniú breise ar fáil le leanúnacht na seirbhísí ríthábhactacha seo a chinntiú. Feidhmeoidh an Chuideachta ar bhonn Conartha ollchostais OSP i 2021 agus beidh freagracht ioncaim ar an NTA.

- Faoi chonradh glanchostais conaíonn an Cuideachta ioncaim an bhosca tháille agus cúitíonn an NTA an difríocht idir ioncam an chonartha agus caiteachais an chonartha.
- Faoi bhun chonartha ollchostais tá freagracht ioncaim ar an NTA agus íoctar costais oibríochta seirbhísí OSP leis an Cuideachta, a áirítear de réir fhorálacha an chonartha.

Phléigh an Bord réimse cásanna leis an candam maoiniúcháin gur dócha a bheidh riachtanach i 2020 agus 2021 a thuiscint. Tar éis mionrannpháirtíocht le bainistíocht agus na príomhgheallselabhóirí, agus dianathbhreithniú den eolas ar fad ar fáil go poiblí, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfanann sé mar chuspóir ag an NTA an Chuideachta a mhaoiniú de réir an Chonartha OSP.

Chomh maith le sin, d'aontaigh an NTA go mbeadh seirbhísí breise a sholáthair faoi phlean Spreagtha an Rialtais agus tá Bus Éireann i mbun rannphartaíochta leis an NTA faoi láthair le maoiniú do na seirbhísí seo a aontú.

Ba phríomhghné í macnamh ar an tuairim go bhféadfaí maoiniú OSP ag leibhéal cuí a sholáthair i 2021 i measúnacht an Bhoird ar stad airgeadais an Ghrúpa. Tá an Bord sásta:

- go bhfanann sé mar chuspóir ag an NTA Bus Éireann a mhaoiniú le ligean don Chuideachta Seirbhsí OSP a oibriú de réir na mbun-Chonarthaí, i 2021;
- gur lig mionphleanáil cás do sholáthar measúnuithe réasúnta ar leibéil maoinithe riachtanacha do 2020 ahus 2021;
- go raibh soláthar dóthanach san áireamh le Conarthaí OSP a mhaoiniú i mBuiséad an Stáitchiste i 2021;
- go gheobhaidh an NTA go leor maoiniú ón Státchiste leis an gConradh OSP a mhaoiniú.

Tá beagnach an méid iomlán maoinithe atá riachtanach do 2020 faighte ag an gCuideachta anois. Ba mhaith leis an Bord an tacaíocht maoinithe Stáitchiste breise a fuarthas ón NTA, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Státchiste le linn 2020 a chumasaigh oibriú leanúnach seirbhísí iompair poiblí riachtanacha a aithint.

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

Tá córas státchiste comhthiomsaithe i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ agus braitheann Bus Éireann ar áiseann bainc an Ghrúpa lena oibríochtaí a bahinsitiú de réir an plean gnó faofa. Tá tacaíocht leanúnach CIÉ do Bhus Éireann léirithe sa Litir Thacaíochta ó CIÉ go Bus Éireann arna dhátú 18 Samhain 2020.

Tá níos mó sonraí leagtha amach i Nóta 2 de na ráitis airgeadais.

## Athchaipitliú Bus Éireann

Is príomhpháirt de stráitéis Bhus Éireann ná an clár comhordaithe a chur ar ais i sócmhainneacht le linn 2021. Is €32m an candam measta atá riachtanach agus tá súil seo a bheith críochnaithe roimh Mheitheamh 2021.

## Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Tá macnamh déanta againn ar thionchar an paindéim COVID-19 leanúnach ar thorthaí airgeadais na Cuideachta agus cumas na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach. Tá muid sásta nach teagmhais iarchláir chomhardaithe a dteastaíonn go gchoigeartaítear na ráitis airgeadais. tá níos mó sonraí faoi ár measúnú ar thionchar an paindéim COVID-19 ar chumas na Cuideachta leanúint mar gnóthas leantaigh leagtha amach ar leathanach 73. Tá measúnú an bhainistíocht ar theagmhais iarchláir chomhardaithe leagtha amach i Nóta 26 de na ráitis airgeadais. Ní raibh aon theagmhais iarchláir chomhardaithe eile a n-éilítear coigeartú ar na ráitis airgeadais.

## Iniúchóirí

Ó dheireadh na bliana airgeadais, de réir riachtanais soláthair poiblí, thug CIÉ faoi proiséas tairscine iniúcha foirmiúil seachtrach, tar éis sin roghnaidh na Boird (CIÉ agus Bus Éireann) Mazars mar iniúchóirí seachtrach don Ghrúpa, Bus Éireann san áireamh, ag brath ar fhaomhadh an Aire Iompair. Cuirfear rún os comhar scairshealbhóirí ag an CGB, ceapacháin Mazars a fhaomhadh go foirmiúil, ag brath ar fhaomhadh an Aire Iompair. Gní sé i gceist ag Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte, éirí as mar iniúchóirí seactracha le héifeacht ó dháta an CGB agus tá sé dearbhaithe acu, de réir Alt 400 de Acht na gCuideachtaí 2014, nach bhfuil aon cúinsí i dtaca lena n-éirí as ar cheart aird baill nó créidiúnaithe na Cuideachta a dhíriú air.

Thar ceann an Bhoird



**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*



**Brendan Lenihan**
*Stiúrthóir*

18 Samhain 2020

# Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí



Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin
- Bbreithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

## Do Chomhaltaí Bhus Éireann

## Tuarascáil ar Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

### Tuairim ar Ráitis Airgeadais Bhus Éireann (an ' Chuideachta')

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar an bhrabús don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is iad na ráitis airgeadais atá iniúchta againn ná:

- an Cuntas Brabúis agus Caillteanais
- an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach
- an Clár Comhardaithe
- an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas
- an Ráiteas faoi Shreabha Airgid agus
- na nótaí 1 go 27 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí, 2014 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

### Bunús leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid *'Na freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais'* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a Bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas a gceanglaítear orainn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) tuairisc a thabhairt duit más rud é:

- nach cuí do na Stiúrthóirí é leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- nár nocht na Stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon ábhar neamhchinnteachta ábhartha a aithníodh a d'fhéadfadh amhras suntasach a chothú faoi chumas na Cuideachta leanúint de bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

### Faisnéis Eile

Is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

### Na Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air i dTuarascáil na Stiúrthóirí, is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach aon slí eile, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na Stiúrthóirí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na Stiúrthóirí an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

## Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire), déanaimid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- Déanaimid na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú, déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí is atá rialú inmheánach na Cuideachta.
- Déanaimid measúnú ar a oiriúnaí is atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na Stiúrthóirí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne siad.
- Tugaimid breith ar a oiriúnaí a bhí sé ag na Stiúrthóirí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fuarthas, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar an gcumas atá ag an gCuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil iniúchóra uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uainn a mhodhnú.
- Tá ár gcuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina chúis leis go scoirfidh an t-eintiteas (nó, i gcás inarb ábhartha, an grúpa) d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téimid i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

Tá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.

### Tuairisc ar riachtanais dlíthiúla agus rialála eile

*Tuairim faoi Nithe Eile Leagtha Síos in Acht na gCuideachtaí 2014*

Ar bhonn na hoibre a rinneamar agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn, agus an obair sin amháin, tuairiscímid go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim é go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.

# *Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha (ar lean)*

- Measaimid go bhfuil an fhaisnéis atá sonraithe i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na Stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

## Nithe Nach Mór Dúinn Tuairisc a Thabhairt ina dTaobh ar Bhonn Eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an gCuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar míráitis ábhartha i ráiteas na Stiúrthóirí.

Faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt daoibh, más amhlaidh, dar linn, nach ndearnadh an nochtadh ar luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtais'), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais ag an gCuideachta sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

**Ciarán O'Brien**

**Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP**
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Teach Deloitte & Touche
Ardán Port an Iarla
Baile Átha Cliath 2

18 Samhain 2020

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Láimhdeachas oibriúcháin | | **366,475** | 337,582 |
| Fáltais ón gconradh oibleagáide seirbhíse poiblí | | **57,974** | 52,825 |
| **Ioncam iomlán** | *3* | **424,449** | 390,407 |
| | | | |
| **Costais** | | | |
| An párolla agus costais ghaolmhara | *4(a)* | **(142,867)** | (129,353) |
| Ábhair agus seirbhísí | *6(a)* | **(272,821)** | (251,306) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(415,688)** | (380,659) |
| | | | |
| **TRÚCDA roimh chostais agus ioncaim eisceachtúla** | | **8,761** | 9,748 |
| Costais agus ioncaim (glan) eisceachtúla | *6(b)* | **36** | (7,932) |
| Dímheas agus amúchadh (glan) | *6(c)* | **(6,120)** | (7,932) |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | **139** | 50 |
| | | | |
| **Brabús/(easnamh) roimh ús agus cháin** | | **2,816** | (6,066) |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *7* | **(272)** | (316) |
| **Brabús/(easnamh) don bhliain roimh cháin** | | **2,544** | (6,382) |
| | | | |
| Cáin ar an easnamh i leith na bliana | *8* | **(250)** | – |
| | | | |
| **Brabús/(easnamh) don bhliain tar éis cánach** | | **2,294** | (6,382) |

# Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Brabús/(easnamh) tar éis cánach don bhliain | | **2,294** | (6,382) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **–** | – |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **2,294** | (6,382) |

# Clár Comhardaithe

## 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | *9* | **446** | 871 |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *10* | **98,414** | 108,513 |
| | | **98,860** | 109,384 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *11* | **3,956** | 3,857 |
| Féichiúnaithe | *12* | **113,283** | 95,513 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **1,416** | 1,456 |
| | | **118,655** | 100,826 |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *13* | **(81,111)** | (72,626) |
| **Glan sócmhainní/(dliteanais) reatha** | | **37,544** | 28,200 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **136,404** | 137,584 |
| Soláthairtí in aghaidh dliteanas | *14* | **(58,822)** | (58,262) |
| Ioncam iarchurtha | *15* | **(61,563)** | (65,597) |
| | | **(120,385)** | (123,859) |
| **Glan sócmhainní/(dliteanais)** | | **16,019** | 13,725 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *16* | **66,212** | 66,212 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais - iarmhéid tosaigh | | **(52,487)** | (46,105) |
| Brabús/easnamh don bhliain | | **2,294** | (6,382) |
| **Caipiteal gnáthscaireanna iomlán** | | **16,019** | 13,725 |

Thar ceann an Bhoird

**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*

**Brendan Lenihan**
*Stiúrthóir*

18 Samhain 2020

# Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | Scair-chaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018** | | 29,204 | (46,105) | (16,901) |
| Méadú i scairchaipiteal glaoite | *16* | 37,008 | – | 37,008 |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | – | (6,382) | (6,382) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | 37,008 | (6,382) | 30,626 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | | **66,212** | **(52,487)** | **13,725** |
| | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019** | | **66,212** | **(52,487)** | **13,725** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | – | 2,294 | 2,294 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | – | 2,294 | 2,294 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | | **66,212** | **(50,193)** | **16,019** |

# Ráiteas um Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Airgead ó oibríochtaí** | | | |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *17* | **15,762** | 3,478 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta doláimhsithe | *9* | **(26)** | (143) |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe | | **(1,135)** | (26,241) |
| Fáltais díolacháin ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | **139** | 50 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | | **1,579** | 22,230 |
| Méadú i scairchaipiteal glaoite | | **–** | 37,008 |
| (Méadú) ar chomhardú leis an máthair chuideachta | | **(16,086)** | (35,552) |
| Ús a d'íoc an mháthair chuideachta agus a ghearr sí | *7* | **(272)** | (316) |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(15,801)** | (2,964) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **–** | – |
| | | | |
| **Glan mhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **(40)** | 514 |
| | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | **1,456** | 942 |
| | | | |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **1,416** | 1,456 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na uideachta ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é CIÉ, ar fo Chuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann seirbhísí iompair phoiblí de thalamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is Cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí bus scoile a sholáthar, trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí.

Is Cuideachta Tráchtála Stáit é Bus Éireann, an Chuideachta, agus tá sé ina chuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is 119570 uimhir cláraithe an Cuideachta agus tá sé cláraithe i mBaile Átha Cliath le hoifigí cláraithe ar an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Éireann agus leo sin amháin.

### Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na Stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál ghnó na Cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh Cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

#### *(a) Bunús an ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as boinn tuisceana thábhachtacha áirithe i leith na todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfadh Stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh boinn tuisceana agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintitis incháilithe. Eintiteas incháilithe is ea an Chuideachta ach níor bhain sí leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

#### *(b) Gnóthas leantach*

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

### *(c) Airgeadra eachtrach*

*(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Mura luaitear a mhalairt, is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€'. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair ina mílte ('000).

*(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgid eachtraigh eile i láthair.

### *(d) Láimhdeachas*

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim:

Aithnítear ioncam airgid ar bhus agus ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite an lá a soláthraítear an tseirbhís. Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé.

### *(e) Íocaíochtaí agus Deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí*

*(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)*

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

*(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste*

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur chun sochair don ioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déanann Bus Éireann taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe de réir mhír 24 de FRS102. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna is a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

### *(f) Costais ábhar agus seirbhísí*

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### *(g) Ús infhála/ús iníoctha*

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

### *(h) Costais eisceachtúla*

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measaimid nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an Chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

### *(i) Cáin ioncaim*

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chaipiteal gnáthscaireanna leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i leith an bhrabúis inchánaigh don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabúis inchánacha agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachais sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis eile inchánacha sa todhchaí.

### *(j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara*

Fo Chuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Éireann. Nochtann Bus Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

### *(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe*

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

### *(l) Sócmhainní seasta inláimhsithe*

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe is infheidhme.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

*(i) Dímheas agus luachanna iarmharacha*

*Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, thar a saol úsáideach tuartha, ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

Tosaíonn an dímheas ar na sócmhainní sin nuair a chuirtear chun seirbhíse iad sa fhlít den chéad uair. Tar éis mionathbhreithniú le linn 2019 rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach fhlít le linn 2019.

*Gléasra agus innealra*

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach ghléasra agus innealra le linn 2019.

Tá sonraí i dtaobh shaol úsáideach tuartha na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

*(ii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

*(iii) Dí-aithint*

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Tráth na diúscartha, déantar an difríocht idir an glanfháltas diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### *(m) Sócmhainní léasaithe*

*(i) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

*(ii) Dreasachtaí léasa*

Déantar dreasachtaí a fuarthas chun dul i mbun léas oibriúcháin a aithint mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *(n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais*

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais.

### *(o) Stoc*

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an luach ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

### *(p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid*

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

### *(q) Ionstraimí airgeadais*

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

#### *(i) Sócmhainní airgeadais*

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúp Chuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá tar taifead leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tagtha ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*(ii) Dliteanais airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, déantar roinnt ionstraimí airgeadais bunúsacha atá san áireamh sna dliteanais reatha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí agus iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, a aithint den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an dliteanas airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúp Chuideachtai eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhais ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

### *(r) Soláthairtí*

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar i gcoinne caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *(s) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha*

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### *(t) Sochair d'fhostaithe*

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh.

Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

*Plean pinsin le sochar sainithe*

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean le sochar sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fo Chuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na Stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 19.

### *(u) Caipiteal gnáthscaireanna*

Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### *(v) Meastacháin agus boinn tuisceana ríthábhachtacha cuntasaíochta*

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Stiúrthóirí meastacháin agus tagann siad ar bhoinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na boinn tuisceana lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe*

Braitheann an muirear dímheasa bliantúil i gcás sócmhainní inláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe, an fhearais agus an trealaimh, agus saol eacnamaíoch úsáideach maidir le gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 9 agus nóta 10.

*(ii) Soláthar i dtaobh éileamh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí, agus aisghabhálacha gaolmhara*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 14 a ghabhann leis na ráitis airgeadais

*(iii) Scéim pinsin le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Leagtar síos ar shlí níos mionsonraithe i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais nithe a bhaineann le costais pinsean agus scéimeanna pinsin.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le busanna ar cíos*

Déantar aon rud breise a chuirtear le feithiclí paisinéirí bóthair arna bhfáil faoin gcomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le busanna ar cíos a aithint i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta Suntasach (I) thuas. Ar an gcuma chéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachas caipitil i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta Suntasach (e) thuas.

Chuir an Chuideachta a tuairim i bhfeidhm maidir le sócmhainn a aithint agus maidir leis an deontas comhfhreagrach i gcásanna ina soláthraíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair sócmhainní bus don Chuideachta faoi chomhaontú léasa.

Go bunúsach, ní dhearnadh aon athruithe suntasacha ar chearta agus oibleagáidí na Cuideachta agus an Údaráis, mar atá forordaithe sa Chonradh Dírdhámhachtana. Bíonn sé de cheart ag an gCuideachta an tsócmhainn a úsáid ar feadh thromlach shaolré an bhus de réir dealraimh, ar chostas cíosa bhliantúil nach léiríonn luach na sócmhainne atá ar léas. Ina theannta sin, aistrítear na rioscaí agus sochair uile a bhaineann le húinéireacht chuig an gCuideachta nuair a fhaigheann sí an bus.

## 2 Gnóthas Leantach

### Bus Éireann – Seasamh Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2019 Bus Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seoagus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2019 ar an bhun seo. I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *Stad Airgeadais na Cuideachta ag 31.12.19*

Amhail an 31 Nollaig 2018, tá glansócmhainní dar luach €16.0 milliún (2018: €13.7 milliún) agus glansócmhainní reatha dar luach €37.5 milliún (2018: €28.2 milliún) ag an gCuideachta.

Mar chuid de na glansócmhainní reatha áirítear dliteanais neamh-airgid dar luach €24.8 milliún (2018: €24.8 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil, níl gealltanas igceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad de réir dímheas an socmháinne.Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gCuideachta dar luach €62.3 milliún (2018: €53 milliún).

### *COVID-19*

Tá éifeacht dhiúltach eacnamaíoch ar eacnamaíocht na hÉireann ag éirí as COVID-19. Baineann an príomhthionchar ar Bhsu Éireann leis an laghdú shuntasach in aister paisinéirí. Tá mionmheastúchán críochnaithe ar éifeachtaí COVID-19 ar gach ghné den gnó.

- Tá sé reámh-mheasta go dtabhaigh an Cuideachta caillteanas ina gnó Trachtála i 2020 agus 2021, ach tá plean inmharthanachta nua a faofa ag an Bhord.
- Mhéadaigh laghdú suntasach in ioncam OSP an leibhéal maoiniú ón NTA agus maoiniú Staitchiste níos leithne do 2020 agus 2021.
- Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag lánmaoiniú gníomhaíochtaí scoile go fóill.

### *Conarthaí Dírdhámhachtana OSP Bhus Éireann*

Le linn 2019 bhronn an Údarás Náisiúnta Iompair conradh dírdhámhachtana cúig bliana ar Bhus Éireann. Tá an Cuideachta ag feidhmiú ar bhonn conartha glanchostais i 2020 agus ar bhonn conartha ollchostais ó 1 Eanáir 2021. Faoi bhun chonartha ollchostais tá freagracht ioncaim ar an NTA.

### *2020*

Leanann an Bus Éireann ag oibriú seirbhísí OSP de réir na Conarthaí dírdhámhachtana le linn 2020. Chuir an Cuideachta measúnú ar an tionchar airgeadais diúltaigh ag éirí ón easnamh i ioncaim bosca tháille go luath sa bhliain ar fáil bunaithe ar an bhonn go mbeidh srianta leanúnacha le linn 2020. Tá líon cásanna diomartha tomhaiste agus measta. Bhí Bus Éireann ag obair ag feidhmiú ar bhonn conartha glanchostais i 2020 ina gconaíonn an Cuideachta ioncaim bosca tháille agus solathraíodh maoiniú OSP le costais seirbhísí riachtanacha ach neamhbhrabúsach a íoc. Thug an an NTA agus an Roinn Iompair le fios go luath i 2020 go gcuirfidh maoiniú breise ar fáil le leanúnacht na seirbhísí ríthábhactacha seo a chinntiú. Tá beagnach an méid iomlán maoinithe atá riachtanach do 2020 faighte ag an Chuideachta anois. Ba mhaith leis na Stiúthóirí an tacaíocht maoinithe Stáitchiste breise a fuarthas ón NTA, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Státchiste le linn 2020 a chumasaigh oibriú leanúnach seirbhísí iompair poiblí riachtanacha a aithint.

### *2021*

Feidhmeoidh an Chuideachta ar bhonn Conartha ollchostais OSP i 2021 agus beidh freagracht ioncaim ar an NTA. Chinntigh an NTA a chuspóir leanúint le maoiniú OSP de réir na gConarthaí i 2021. Phléigh na Stiúrthóirí réimse cásanna leis an candam maoiniúcháin gur dócha a bheidh riachtanach i 2021 a thuiscint. Ba phríomhghné í macnamh ar an tuairim go bhféadfaí maoiniú OSP ag leibhéal cuí a sholáthair i 2021 i measúnacht na Stiúrthóirí ar stad airgeadais na Cuideachta. Tá na Stiúrthóirí sásta:

- go bhfanann sé mar chuspóir ag an NTA seirbhísí OSP Bus Éireann a mhaoiniú de réir Conarthaí dírdhámhachtana
- gur lig mionphleanáil cás do sholáthar measúnuithe réasúnta ar leibéil maoinithe riachtanacha;
- go raibh soláthar dóthanach san áireamh le Conradh OSP Bhus Éireann a mhaoiniú i mBuiséad an Stáitchiste;
- go gheobhaidh an NTA go leor maoiniú ón Státchiste le Conradh OSP Bhus Éireann a mhaoiniú.

Chomh maith le sin, d'aontaigh an NTA go mbeadh seirbhísí breise a sholáthair faoi phlean Spreagtha an Rialtais agus tá Bus Éireann i mbun rannphartaíochta leis an NTA faoi láthair le maoiniú do na seirbhísí seo a aontú.

Rinne na Stiúrthóirí macnamh ar an eolas cuí ar fad le cinneadh a dhéanamh faoi réasúntacht a gconclúid i dtaca le soláthar maoiniú mar sin agus cuireadh caipéisí ar fáil do na Stiúrthóirí le cúnamh le ina macnamh. Bhí macnamh ar rannpháirtíocht bainistíocht le príomhsheallbhóirí, mionshamhaltú agus cás pleanáilm Buiséad an Stáitchiste 2021 sa áireamh le sin, cnomh maith le gach eolas cuí ar fáil go poiblí.

*Iompar Scoile*

Cuireadh Iompair Scoile ar fionraí le linn céim thosaigh srianta COVID-19 le íocaíochtaí déanta le conraitheoirí le linn an tréimhse sin mar a aontaíodh leis an Roinn Oideachais agus Scilleanna.Tá Bus Éireann anois ag soláthar iompair scoile ag leibhéal lánsheirbhís agus tá sé i mbun tacaíocht conraitheoirí a fháil le soláthar gach gníomhaíocht a chumasú de réir an treoirlíne sláinte poiblí go mbeadh toilleadh 50% ar fud iompair iar-bhunscoile agus riachtanais speisialta oideachais le maoiniú breise faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna cheana.

*Seirbhísí Tráchtála*

Lean seirbhísí Expressway le linn an phaindéim le roinnt athruithe sceidil mar a aontaíodh leis an NTA. Mar go raibh, agus go bhfuil go foill, na seirbhísí seo ag reachtáil le caillteanas airgid mar gheall ar shrianta taistil COVID-19, bhrath Bus Éireann ar thacaíocht leachtachta óna thuismitheoir go dtí Meitheamh 2020 nuair a d'éirigh leis Tacaíocht Shealadach a fháil faoi Chonradh Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála ón NTA. Tá an conradh seo a bhaineann le beagnach gach slí, ach amháin Slí X1 agus X51, a lean de bheith ag brath ar thacaíocht ó CIÉ, le dul in éag i mí Eanáir 2021. Scoirfeadh de gach seirbhís tráchtála eile. Tá conair chun inmharthanacht faofa ag Bord Bhus Éireann arna dhátú 28 Meán Fómhair 2020 ina bfuil tarraingt amach as ceithre slí go luath i 2021 i gceist. Trádálfaidh an gnó tráchtála ag caillteanas i 2021, Rachfaidh an CBO DAC in éag ag deireah Eanáir 2021 agus déanfaidh CIÉ na riachtanais leachtachta de bharr torthaí atáthar ag súil leo sa chuid eile de 2021 a mhaoiniú. Táthar ag súil go bhfillfidh Expressway go brabúsacht i 2022.

## Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht Bhus Éireann ag cur líon gníomhaíochtaí i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana OSP
- rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna do scoileanna
- dianmhonatóireacht ar cheisteanna le tionchar ar Sheirbhísí Trachtála
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud na Cuideachta
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí na Cuideachta

## Athchaipitliú Bus Éireann

Is príomhpháirt de stráitéis Bhus Éireann ná an clár comhordaithe a chur ar ais i sócmhainneacht le linn 2021. Is €32m an candam measta atá riachtanach agus tá súil seo a bheith críochnaithe roimh Mheitheamh 2021.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## Grúpa CIÉ

Tá córas státchiste comhthiomsaithe i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ agus braitheann Bus Éireann ar áiseann bainc an Ghrúpa lena oibríochtaí a bahinsitiú de réir an plean gnó faofa. Tá tacaíocht leanúnach CIÉ do Bhus Éireann léirithe sa Litir Thacaíochta ó CIÉ go Bus Éireann arna dhátú 18 Samhain 2020. Luaitear an méid a leanas sa Litir sin "Tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil. Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dáta sínithe na ráiteas airgeadais."

## Buiséad Comhdhlúite Ghrúpa CIÉ

D'fhaomh Bord CIÉ an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2021 ar 4 Samhain 2020. Cé go bhfuil líon na bpaisinéirí tuartha le fanacht faoi leibhéil 2019 i 2020 agus 2021, bunaithe ar feidhmíocht leanúnach na gconarthaí dírdhámhachta ar an bhun aontaithe, léiríonn an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2021 go bhfuil acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

## Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag Stiúrthóirí Bus Éireann go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

## 3. Ioncam iomlán

Cuimsítear san ioncam iomlán láimhdeachas oibriúcháin, glan ar CBL in-aisghabhála, fáltais faoin gConradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontais Ioncaim. Tá sonraí breise i dtaobh Deontais Ioncam leagtha amach i nóta 15(b). Soláthraí seirbhísí iompair is ea an Chuideachta agus soláthraíonn sí seirbhísí ar fud na hÉireann agus tá sí rialaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

## 4. (a) Costais phárolla agus costais ghaolmhara

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais foirne: | | |
| Pá agus tuarastail | **120,896** | 108,834 |
| Costais leasa shóisialaigh | **11,763** | 10,800 |
| Costais eile na sochar scoir | **10,208** | 9,580 |
| | **142,867** | 129,214 |
| Obair innealtóireachta do ghrúp Chuideachtaí arna hathmhuirearú | **(63)** | (72) |
| **Glanchostais foirne (gan luach saothair na Stiúrthóirí san áireamh)** | **142,804** | 129,142 |
| | | |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí:** | | |
| – I leith seirbhísí mar Stiúrthóirí | **63** | 64 |
| – I leith seirbhísí feidhmiúcháin | **–** | 25 |
| – Íocaíochtaí scor i leith seirbhísí feidhmiúcháin | **–** | 121 |
| | **63** | 210 |
| Ranníocaíochtaí a rinneadh le scéim pinsean le sochar sainithe | **–** | 1 |
| Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na Stiúrthóirí | **63** | 211 |
| | | |
| **An párolla agus costais ghaolmhara** | **142,867** | 129,353 |

Níor tabhaíodh aon chostais i leith chailleadh oifige d'aon Stiúrthóirí in 20198 ná 2018 ná tar éis dháta an chláir comhardaithe.

Tá suimeanna spreagtha de €638,000 (2018: €247,000) ar son duaiseanna tiomáint shábáilte bronnta i 2019 sna suimeanna tuarastail agus soláthairtí déanta i 2019 ar mhaithe le pá i gcoibhneas le feidhmíocht do ghrádanna feidhmeannacha, ag brath ar bhaint amach leibhéil brabúsacht sa Chuideachta.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 4. (b) Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Nochtuithe párolla

### Leasa Fostaithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Bunúsach | **86,761** | 81,690 |
| Ragobair | **7,732** | 6,678 |
| Liúntais | **25,765** | 20,219 |
| Suimeanna Dreasachta | **638** | 247 |
| | **120,896** | 108,834 |
| | | |
| **Comhiomlán Leasa Fostaithe** | | |
| Leasa gearrthéarmacha | **120,896** | 108,834 |
| Leasa dífhostaithe | **–** | 1,458 |
| Leasa Scor | **10,208** | 9,580 |
| ER ÁSPC | **11,763** | 10,800 |
| **Fo-iomlán** | **142,867** | 130,672 |
| | | |
| **Lúide** | | |
| Íocaíochtaí iarscoir eisceachtúla | **–** | 1,458 |
| Obair innealtóireachta do Chuideachtaí eile sa Ghrúpa | **63** | 72 |
| **Fo-iomlán** | **63** | 1,530 |
| | | |
| **Móide** | | |
| Luach Saothair Stiúrthóirí | **63** | 212 |
| | | |
| **Iomlán** | **142,867** | 129,354 |

## 4. (b) Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Nochtuithe párolla *(ar lean)*

Leagtar amach na costais oibriúcháin eisceachtúla a bhaineann le híocaíochtaí téarnaimh i nóta 6(b).

### Leasa Gearrthéarmach Fostaithe

| Ó | Go | 2019 Líon na Foirne | 2018 Líon na Foirne |
|---|---|---|---|
| €0 | €25,000 | **717** | 1,004 |
| €25,000 | €50,000 | **1,615** | 1,503 |
| €50,000 | €75,000 | **614** | 451 |
| €75,000 | €100,000 | **44** | 35 |
| €100,000 | €125,000 | **7** | 8 |
| €125,000 | €150,000 | **6** | 6 |
| €150,000 | + | **5** | 2 |
| **Foireann Iomlán** | | **3,008** | 3,009 |

Léiríonn na figiúirí thuas líon na foirne ar párolla le linn na bliana agus daoine a tháinig isteach agus daoine a d'fhág san áireamh. Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana:

| | 2019 Líon | 2018 Líon |
|---|---|---|
| Lánaimseartha | **2,392** | 2,211 |
| Tiománaithe páirtaimseartha bus scoile | **335** | 351 |
| **Iomlán** | **2,727** | 2,562 |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 4. (c) Párolla agus costais gaolta: riachtanais nochtuithe breise faoi Imlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Tagairt 13/2014

Líon fostaithe a bhfuil iomlán a sochar fostaí (gan costais pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse thuairiscithe a thit laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 in airde.

| Ó | Go | Líon na Foirne 2019 | Líon na Foirne 2018 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €70,000 | **157** | 62 |
| €70,000 | €80,000 | **25** | 23 |
| €80,000 | €90,000 | **22** | 13 |
| €90,000 | €100,000 | **13** | 7 |
| €100,000 | €110,000 | **2** | 4 |
| €110,000 | €120,000 | **5** | 4 |
| €120,000 | €130,000 | **1** | 2 |
| €130,000 | €140,000 | **3** | 3 |
| €140,000 | €150,000 | **2** | 1 |
| €150,000 | + | **6** | 2 |

## 4. (d) Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Áirítear le costas pá agus tuarastal an luach saothair seo a leanas atá iníoctha leis an bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Stephen Kent, i leith seirbhísí feidhmiúcháin.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna chomhcheangailte** | | |
| Buntuarastail | **210** | 221 |
| Riaráistí buntuarastail | **14** | 44 |
| Liúntais agus sochair chomhchineáil inchánacha | **3** | 5 |
| Costais leasa shóisialaigh | **26** | 29 |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | **32** | 56 |
| Riaraistí costais eile i leith sochar iarscoir | **–** | 33 |
| Íocaíocht scor | **–** | – |
| | **285** | 388 |

Tá siadsan ag teacht le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le Príomhfheidhmeannaigh.

## 4. (e) Cúiteamh daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta

Seo a leanas cúiteamh an phríomhlucht bainistíochta, lena n-áirítear tuarastail agus sochair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na Stiúrthóirí:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | **1,234** | 1,110 |
| Riaráistí tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | **–** | 44 |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | **162** | 185 |
| Riaráistí costais eile i leith sochar iarscoir | **–** | 33 |
| Costais leasa shóisialaigh | **98** | 93 |
| Íocaíochtaí scor | **–** | – |
| **Iomlán** | **1,494** | 1,465 |

Tá suimeanna spreagtha de €51,250 (2018: €NIALAS) ar son soláthairtí déanta i 2019 ar mhaithe le pá i gcoibhneas le feidhmíocht i 2019 do phríomhphearsanra bainistíochta, ag brath ar bhaint amach leibhéil brabúsacht sa Chuideachta

Cuimsíonn tuilleamh an phríomhlucht bainistíochta agus na Stiúrthóirí tuarastail agus costais ghaolmhara atá iníoctha leis an lucht ardbhainistíochta agus leis na Stiúrthóirí. Níor tabhaíodh aon chostas i dtaobh bónas, pá de réir feidhmíochta ná cúitimh i leith cailleadh oifige le linn 2019.

Íocadh táillí Stiúrthóirí mar seo a leanas le Stiúrthóirí na Cuideachta as ucht seirbhísí mar Stiúrthóirí in 2019:

| | |
|---|---|
| An tUasal Aidan Murphy | €21,600 |
| Deirdre Ashe Uasal | €12,600 |
| An tUasal Richard Manton | €9,312 |
| An tUasal Brendan Lenihan | €9,312 |
| An tUasal Gerard Ryan | €12,600 |
| An tUasal Diarmuid Corry | €12,600 |
| An tUasal Miriam Hughes | €9,312 |

Ní bhfuair an tUasal Tom O'Connor ná an tUasal Stephen Hannon aon táillí stiúrthóra i ndáil le seirbhísí mar Stiúrthóirí ón Chuideachta

Cloíonn gach íocaíocht go hiomlán le treoirlínte an rialtais i leith táillí stiúrthóra.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 5. Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Nochtú do Fhorchostais

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costais dlí agus socraíochtaí** | | |
| Táillí dlí ghinerálta | **381** | 213 |
| Socraíochtaí agus costais dlí cengailte | **6,830** | 4,327 |
| | **7,211** | 4,540 |
| | | |
| **Taisteal agus cothú** | | |
| *Intíre:* | | |
| Bord | **–** | – |
| Fostaithe | **81** | 62 |
| *Eachtrach:* | | |
| Bord | **–** | – |
| Fostaithe | **18** | 17 |
| | **99** | 79 |
| | | |
| **Fáilteachais** | | |
| Foireann | **39** | 39 |
| Eile | **–** | – |
| | **39** | 39 |

# 6. Costais de réir Chineáil

## (a) Costais ábhar agus seirbhísí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealaí | **31,126** | 29,785 |
| Conraitheoirí | **179,037** | 165,155 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **637** | 532 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos (nóta 6(d)) | **1,704** | 1,703 |
| Rátaí | **666** | 675 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí (nóta 14) | **9,358** | 5,600 |
| Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail | **238** | 69 |
| Caillteanais airgeadra eachtraigh (glan) | **25** | 4 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | **50,030** | 47,783 |
| | **272,821** | 251,306 |

Cuimsíonn costais conraitheoirí na conraitheoirí scoile, busanna a fhruiliú agus cothabháil seirbhíse conartha.

## (b) Costais oibriúcháin agus ioncaim eisceachtúla

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Scarúna agus a ndearnadh soláthar ina leith (nóta 14d) | **–** | 1,458 |
| Athstruchtúrú oibríochtaí agus a ndearnadh soláthar ina leith (nóta 14d) | **(36)** | (202) |
| Fóirdheontas breise | **–** | – |
| Cúlchiste scoile aisíoctha leis an Roinn Oideachais agus Scileanna | **–** | 6,676 |
| Seirbhísí proifisiúnacha agus eile | **–** | – |
| | **(36)** | 7,932 |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 6. Costais de réir Chineáil *(ar lean)*

### (c) Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Bearnúchán na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 10) | **–** | 226 |
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 10) | **20,479** | 22,662 |
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (nóta 9) | **451** | 1,381 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil (nóta 15(a)) | **(14,810)** | (16,337) |
| | **6,120** | 7,932 |

### (d) Áirítear leis na léasanna oibriúcháin

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Busanna ar léas | **1,104** | 1,104 |
| Léasanna oibriúcháin eile | **600** | 598 |
| | **1,704** | 1,702 |

Cuimsítear sa chostas i dtaobh busanna ar léas an costas bliantúil atá ar léas oibriúcháin i ndáil le fiche feithicil, ar cuireadh tús leis in 2016.

## 7. Glanchostas úis

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail ar an máthair chuideachta | **(272)** | (316) |

# 8. Cánachas

## (a) Costas cánach san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar an mbrabús don bhliain airgeadais | **250** | – |
| Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin | **–** | – |
| Costas cánach reatha don bhliain airgeadais | **–** | – |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Bunú agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | **–** | – |
| Costas cánach iarchurtha don bhliain airgeadais | **–** | – |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **250** | – |

## (b) Réiteach an chostais cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019, is é sin 12.5% (2018: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Brabús/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | **2,544** | (6,382) |
| Brabús/(easnamh) méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann, is é sin 12.5% | **318** | (798) |
| Tionchar de bharr: | | |
| – Dímheas don bhliain de bhreis ar liúntais chaipitiúla | **1,705** | 2,121 |
| – Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | **(1,851)** | (8,646) |
| – Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | **184** | 242 |
| – Caillteanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh, nár aithníodh | **(227)** | 6,928 |
| – Ioncam arna mhuirearú i leith cánach ar ráta níos airde | **129** | 153 |
| – Gluaiseachtaí eile | **(8)** | – |
| **Muirear cánach reatha don bhliain** | **250** | – |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 9. Sócmhainní seasta doláimhsithe

| | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 7,875 | 7,875 |
| Breiseanna | 26 | 26 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **7,901** | **7,901** |
| | | |
| **Amúchadh** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 7,004 | 7,004 |
| Muirear don bhliain | 451 | 451 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **7,455** | **7,455** |
| | | |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **446** | **446** |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 871 | 871 |

**(a) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní doláimhsithe chun críocha amúchta:**

Bogearraí – idir 3 agus 5 bliana de réir an mhéid chothroim

## 10. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 346,911 | 30,620 | 377,531 |
| Breiseanna | 14,611 | 1,135 | 15,746 |
| Diúscairtí | (20,594) | – | (20,594) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **340,928** | **31,755** | **372,683** |
| | | | |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 244,713 | 24,305 | 269,018 |
| Muirear don bhliain | 18,945 | 1,534 | 20,479 |
| Diúscairtí | (15,228) | – | (15,228) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **248,430** | **25,839** | **274,269** |
| | | | |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **92,498** | **5,916** | **98,414** |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 102,198 | 6,315 | 108,513 |

(i) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | Saol (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 10-14 |
| Gléasra agus innealra | 3-10 |

(ii) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a chosain €92m (2018: €126.4m) a dhímheas go hiomlán ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir comhardaithe.

(iii) Tá na sócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig 2019 ag €Niallas (2018: €1.0m ) i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach raibh i seirbhís go fóill amhail an dáta sin.

(iv) Ní leis an gCuideachta an mhaoin, an talamh ná na foirgnimh atá in úsáid; is le Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ iad agus áirítear iad i ráitis airgeadais CIÉ.

(v) Diúscraíodh sócmhainní ag a raibh luach tugtha anonn €0.003m in 2019 (2018: €Niallas) i gcomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta Ghrúpa CIÉ i leith diúscairtí sócmhainní i rith na bliana.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 10. Sócmhainní seasta inláimhsithe *(ar lean)*

(vi) Áirítear leis na feithiclí paisinéirí bóthair thuas 49 bus i 2019 (2018: 42) a aithint a fuarthas faoi chomhaontú léasaithe bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI). Cuireadh na busanna a aithníodh sa bhliain 2019 i seirbhís sa bhliain 2019. Ní féidir na busanna a fuarthas a úsáid ach i seirbhísí iompair phoiblí sonraithe amháin.

Fuair an Chuideachta maoiniú deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair roimh an mbliain 2018 chun cur chuige beartaithe a éascú maidir le flít a athsholáthar. Cheannaigh an Chuideachta feithiclí go díreach ón soláthraí tar éis próiseas tairisceana iomaíoch. Aithníodh na feithiclí mar nithe breise leis na sócmhainní seasta inláimhsithe agus aithníodh na deontais ghaolmhara ón Údarás Náisiúnta Iompair mar ioncam iarchurtha. Déantar costas na bhfeithiclí a dhímheas thar a saolré úsáideach agus déantar an deontas comhfhreagrach a amúchadh thar an tréimhse chéanna.

Tháinig socrú nua i bhfeidhm sa bhliain 2018 ina gceannaíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair busanna go díreach anois agus bíonn an conradh ceannaigh idir an tÚdarás agus an soláthraí. Tá comhaontú léasaithe foirmiúil ar bun idir an Chuideachta agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun léasú busanna ón Údarás chuig an gCuideachta a éascú, d'fhonn seirbhísí OSP a sholáthar i dtaca leis an gConradh Dírdhámhachtana.

Leis an gcomhaontú léasaithe tá sé de cheart ag an gCuideachta úsáid a bhaint as na busanna nua, atá oiriúnach chun riachtanais oibríochta na Cuideachta a chomhlíonadh, ar chostas cíosa €1 in aghaidh gach feithicil in aghaidh tréimhse cíosa.

Measann an lucht bainistíochta go n-aistrítear na rioscaí agus na sochair uile a bhíonn i gceist le húinéireacht na mbusanna chuig an gCuideachta, go bunúsach, tráth a fhaigheann sí na busanna ón Údarás.

Rinne an lucht bainistíochta athbhreithniú ar chearta agus oibleagáidí na Cuideachta agus an Údaráis araon faoin gcomhaontú sin i gcomparáid le cearta agus oibleagáidí an dá pháirtí faoin gcomhaontú maoinithe a bhí ann roimhe sin agus chinn siad, maidir le hidirbheart na bliana 2019, cé go ndéantar mionathrú ar an gConradh Dírdhámhachtana leis an gcomhaontú léasaithe nach ndéantar aon athrú suntasach ar ábhar an tsocraithe idir an Chuideachta agus an tÚdarás.

Chinn an lucht bainistíochta gur cheart na busanna nua a fuarthas faoin gcomhaontú léasaithe a aithint mar shócmhainní seasta inláimhsithe agus an deontas gaolmhar in ioncam iarchurtha, i dtreo is go bhféadfaí léargas fíorcheart a thabhairt ar shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid na Cuideachta don bhliain 2019. Déanfar costas na bhfeithiclí sin a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne agus déanfar an deontas comhfhreagrach a amúchadh thar an tréimhse chéanna.

Déanfaidh an lucht bainistíochta athbhreithniú agus meastóireacht ar an gcóireáil cuntasaíochta go tréimhsiúil chun aon athruithe conarthachta nó athruithe i gcúinsí a aithint.

## 11. Stoic

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Ábhair chothabhála agus páirteanna breise | **2,901** | 2,833 |
| Breoslaí, bealaí agus stoic éagsúla | **1,055** | 1,024 |
| | **3,956** | 3,857 |
| | | |
| Stoc a caitheadh le linn na bliana: | | |
| Stoc ábhar agus breosla a ídíodh glan ar an lacáiste breosla | **41,418** | 37,880 |

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna nach mór a bheith ar seilbh chun freastal ar riachtanais oibriúcháin. Níl difríocht ábhartha idir luach athsholáthair na bhfardal agus a luach de réir na leabhar.

## 12. Féichiúnaithe

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **2,485** | 1,711 |
| Méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais agus Scileanna | **8,680** | 8,411 |
| Méideanna atá dlite ón máthair chuideachta go Bus Éireann | **101,034** | 84,948 |
| Féichiúnaithe eile | **1,084** | 443 |
| | **113,283** | 95,513 |

Tá gach sócmhainn dlite laistigh de bhliain amháin.

I gcás na méideanna atá dlite ón máthair chuideachta, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

Luaitear féichiúnaithe trádála glan ar sholáthar €75,898 (2018: €75,898 ) i leith fiacha amhrasacha.

Is éard atá sna méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais agus Scileanna ná airgead atá dlite maidir le feidhmiú Scéim Iompair na mBusanna Scoile.

## 13. Creidiúnaithe

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | **19,858** | 18,152 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT agus Muirear Sóisialta Uilíoch | **1,870** | 2,563 |
| Árachas sóisialta | **1,536** | 1,702 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **(20)** | 115 |
| Creidiúnaithe eile | **1,132** | 1,260 |
| Fabhruithe | **31,986** | 24,756 |
| Ioncam iarchurtha | **10,697** | 10,078 |
| Ioncam iarchurtha (nóta 15 (a)) | **14,052** | 14,000 |
| | **81,111** | 72,626 |
| | | |
| Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas | **3,386** | 4,380 |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na gcreidiúnaithe.

Tá creidiúnaithe i leith cánach agus árachas sóisialta iníoctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

Baineann ioncam iarchurtha le hioncam ó thicéid Taxsaver agus le haghaidh sholáthar na seirbhísí bus scoile.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 14. Soláthairtí in aghaidh dliteanas

| | Oibríochtaí €'000 | Nithe Comh-shaoil €'000 | Dlíthiúil agus Eile €'000 | Athstru-chtúrú €'000 | Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2019** | | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 5,993 | 400 | 767 | 1,654 | 49,448 | **58,262** |
| Muirear don chuntas brabúis agus caillteanais (glan) | 434 | – | 193 | – | 9,358 | **9,985** |
| Úsáidte i rith na bliana | (1,544) | (293) | (45) | (713) | (6,830) | **(9,425)** |
| **Iarmhéid Deiridh** | **4,883** | **107** | **915** | **941** | **51,976** | **58,822** |

### Soláthairtí oibriúcháin

Cuimsítear sa soláthar oibriúcháin soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus agus soláthairtí a bhaineann le pá. San áireamh sa soláthar oibriúcháin tá suim €2.3m maidir le costais sochair iarscoir.

### Soláthar comhshaoil

Baineann an soláthar comhshaoil le costais athchóirithe a eascraíonn de thoradh na reachtaíochta comhshaoil.

### Dlíthiúil agus soláthar eile

Is éard atá sa soláthar eile ná soláthairtí a bhaineann leis na héilimh dlí.

### Soláthar athstruchtúraithe

Baineann an soláthar athstruchtúraithe le méideanna is iníoctha ag eascairt as tionscnaimh spárála costais a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

### Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí i leith dliteanas agus muirear.

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Is comhlacht féin-rialála CIÉ a oibríonn múnla féin-árachais ina iompraíonn na Cuideachtaí oibríochtúla an riosca airgeadais ag baint le costais éilimh, faoi réir caidhp i gcás éileamh tríú páirtí. Áirítear i gcostas measta na n-éileamh costais a thabhófar agus éilimh á réiteach. Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

## 14. Soláthairtí in aghaidh dliteanas *(ar lean)*

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an Chuideachta teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis na Cuideachta a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an timpeallacht dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar a bheadh ag caillteanais shuntasacha.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas, bíonn aird ag an gCuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ar bhonn imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh sa chúirt ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léirítear sa tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás éileamh a cuireadh in iúl cheana don Chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar ghéire na deacrachta a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais na Cuideachta in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na Cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 15. Ioncam Iarchurtha

Áirítear sa chuntas seo deontais neamh-inaisíoctha ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas:

### (a) Deontais chaipitil

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **79,597** | 73,704 |
| Faighte agus infhála | **16,190** | 22,230 |
| Muirear amúchta glan ó bearnúchán gaoltmhara (nóta 6(c)) | **(14,810)** | (16,337) |
| Diúscairtí | **(5,362)** | – |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **75,615** | 79,597 |
| | | |
| Mar seo a leanas: | | |
| San áireamh sna dliteanais reatha (nóta 13a) | **14,052** | 14,000 |
| San áireamh sna dliteanais neamhreatha | **61,563** | 65,597 |
| | **75,615** | 79,597 |

Nochtadh de réir Chiorcláin Uimhir 13/2014 na Roinne Airgeadais

### (b) Deontais chaipitil

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Úsáideadh Deontais Chaipitil chun na breiseanna seo a leanas a chistiú: | | |
| Ríomhairí, Bogearraí, Crua-earraí agus eile | **651** | 2,301 |
| Busanna | **15,539** | 19,929 |
| Maoin | **–** | 249 |
| **Fo-iomlán** | **16,190** | 22,479 |
| Lúide: Inaistrithe chuig CIÉ (Réadmhaoine) | **–** | (249) |
| **Iomlán** | **16,190** | 22,230 |

Déantar na Deontais Chaipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní. Cuirtear Deontais Ioncaim leis an gcuntas brabúis agus caillteanais ina n-iomláine sa bhliain ábhartha ina bhfuarthas iad. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an ghníomhaireacht ábhartha agus is é Clár Cistithe Caipitil na bliana 2017 an clár ábhartha, agus is í an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt an roinn rialtais coimircíochta. Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

## 16. Scairchaipiteal agus cúlchistí

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| **Iarmhéid tosaigh** | | |
| 61,146,471 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **77,640** | 40,632 |
| **Méadú i Scairchaipteal Údaraithe** | | |
| Is €1.27 an ceann an méadú Gnáthscair | **–** | 37,008 |
| **Iarmhéid deiridh** | | |
| 61,146,471 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **77,640** | 77,640 |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha, curtha i láthair mar chaipiteal gnáthscaireanna** | | |
| **Iarmhéid tosaigh** | | |
| 52,133,858 Gnáthscair Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **66,212** | 29,204 |
| **Méadú i scairchaipteal glaoite agus láníoctha** | | |
| 29,133,858,000 Gnáthscair Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **–** | 37,008 |
| **Iarmhéid deirigh** | | |
| 52,133,858 Gnáthscair Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **66,212** | 66,212 |

Is ann d'aicme amháin gnáthscaireanna. Níl srian ar bith ar dháileadh díbhinní agus ar aisíoc an chaipitil. Baineann na cearta vótála céanna le gach scair agus an aicme chéanna i dtaobh díbhinní, a mhéid a bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cúlchistí Ioncam (caillteanais carnach) | **(50,193)** | (52,487) |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 17. Nóta a ghabhann leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús/(easnamh) don bhliain airgeadais | **2,294** | (6,382) |
| Ús iníoctha glan | **272** | 316 |
| Brabús/(easnamh) roimh úis | **2,566** | (6,066) |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | **(139)** | (50) |
| Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe/doláimhsithe | **20,930** | 24,269 |
| Deontais chaipitil amúchta | **(14,810)** | (16,337) |
| (Méadú)/laghdú ar an bhfardal | **(99)** | (470) |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | **(1,684)** | 1,115 |
| Méadú ar chreidiúnaithe | **9,141** | 7,943 |
| (Laghdú)/méadú ar na soláthairtí in aghaidh dliteanas | **(143)** | (6,926) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **15,762** | 3,478 |

## 18. Oibleagáidí léasa oibriúcháin

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe atá iníoctha mar seo a leanas: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **1,773** | 1,668 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **3,317** | 4,429 |
| | **5,090** | 6,097 |

San áireamh thuas laistigh de bhliain amháin agus idir bliain amháin agus cúig bliana do 2019 tá léas oibriúcháin a rinneadh i rith na bliana do bhusanna le hoibleagáidí léasa €1.1 milliún i 2019. Téarma cúig bliana atá ag an léas sin agus tagann sé chun deiridh i 2020.

## 19. Pinsin

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Is baill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Bus Éireann. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla faoi mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostais sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na Stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

Tá dliteanais maidir le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €799 milliún (2018: €547 milliún) san áireamh i nglandliteanais Grúpa CIÉ.Tá an nochtadh atá ceangailte faoi FRS 102 maidir le pleananna an ghrúpa le sochar sainithe, ina bhfuil an Chuideachta rannpháirteach, leagtha amach i ráitis airgeadais CIÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019, atá ar fáil don phobal ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Bhí costas pinsin na Cuideachta don bhliain ar na scéimeanna sochar sainithe cothrom le €12.4 milliún (2018: €9.6 milliún) agus tá na costais sin san áireamh i nóta 4(a). Cuimsíonn costas na Cuideachta an ranníocaíocht atá iníoctha don bhliain.

Le linn 2019, gearradh soláthar pinsin de €2.3m ar an Chuntas Brabúis agus Caillteannais maidir le hoibleagáid do shochar fostaí ó sheirbhís roimhe. Is ionann oibleagáid agus "sochar fadtéarmach eile" mar atá sainmhínithe i FRS102.28.29.

## 20. Ceangaltais chaipitiúla agus Ceangaltais eile

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Conradh déanta ina leith | **4,476** | 1,158 |
| **Iomlán** | **4,476** | 1,158 |
| | | |
| Ceangaltais chaipitil dá bhfuil cistiú geallta trí mheán deontas | **754** | 575 |

Tá an talamh agus na foirgnimh san áireamh i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ. Is ionann na ceangaltais maidir le talamh agus foirgnimh a úsáideann Bus Éireann ach a luaitear i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus €1.4m do 2019 (2018: €0.07m) agus níl siad san áireamh thuas i gCeangaltais Chaipitil Bhus Éireann.

## 21. Ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha

Ag 31 Nollaig 2019 bhí €24 milliúin tarraingthe anuas ag Grúpa CIÉ faoi áiseanna an iasacht théarmach. Tá na hiasachtaí sin trasráthaithe ag Bus Éireann agus ag na fo Chuideachtaí eile i nGrúpa CIÉ.

Bíonn an Chuideachta ina páirtí, ó am go ham, in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le ceisteanna tráchtála a bhfuiltear ag déileáil leo agus á gcosaint sa ghnáthchúrsa gnó. Déantar stádas imeachtaí ar feitheamh nó imeachtaí faoi bhagairt a athbhreithniú ar bhonn rialta le dlíodóirí ghrúpa CIÉ. Is é tuairim na Stiúrthóirí é nach mbeidh na caillteanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

Déantar caiteachas caipitiúil Bhus Éireann i leith an Fhlít OSP a chistiú trí Dheontais Chaipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirtear an cistiú sin ar fáil ag teacht le forálacha an Chonartha Dámhachtana Dírí, a síníodh i Nollaig 2019, agus eascraíonn dliteanais theagmhasacha áirithe faoi na comhaontuithe sin. Creideann na Stiúrthóirí gur fíor-bheag é an baol go bhfeidhmeoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chearta faoi na comhaontuithe a bhaineann leo.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 22. Glaneasnamh de réir Ghníomhaíochta

| | | Seirbhísí Poiblí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Seirbhísí tráchtála agus seirbhísí scoile €'000** | **Seirbhísí Stáidch-arráiste €'000** | **Seirbhísí Cathrach €'000** | **Iomlán na Seirbhísí Poiblí €'000** | **Iomlán €'000** |
| **2019** | | | | | |
| Ioncam | 269,474 | 54,695 | 42,306 | 97,001 | |
| Costais (glan) | (267,863) | (102,891) | (51,438) | (154,328) | (422,191) |
| Barrachas/(easnamh) roimh teanntaíochta | 1,611 | (48,196) | (9,131) | (57,327) | (55,717) |
| Teanntaíocht | – | – | – | 57,974 | 57,974 |
| Barrachas tar éis teanntaíochta | 1,611 | (48,196) | (9,131) | 647 | 2,257 |
| Costais eisceachtúla oibríochta | – | – | – | – | 36 |
| **Barrachas i leith na bliana** | | | | | **2,294** |
| **2018** | | | | | |
| Barrachasi leith na bliana | 1,032 | | | 518 | 1,550 |
| Costais eisceachtúla | | | | | (7,932) |
| **Easnamh tar éis costais eisceachtúla** | | | | | **(6,382)** |

Tá gníomhaíochtaí tráchtála, gníomhaíochtaí iompair scoile agus gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí á bhfeidhmiú ag an gCuideachta. Is é Expressway an phríomhghníomhaíocht tráchtála.

Tá an Scéim Iompair Scoile á reáchtáil 'faoi chonradh', nó i dtéarmaí níos cruinne, is socrú riaracháin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna atá i gceist.

Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Seirbhísí Stáidcharráiste ar bhealaí réigiúnacha agus mórbhóithre agus Seirbhísí Cathrach i gcathracha réigiúnacha, ar gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí iad a bhfaigheann an Chuideachta íocaíochtaí OSP ina leith. Déantar costais i dtaobh Expressway, Seirbhísí Stáidcharráiste agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn líon na mbusanna, na gciliméadar, na n-uaireanta an chloig agus méadracht eile atá ar fáil.

Ba é €57.3 costas na n-oibríochtaí OSP sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019, roimh mhíreanna eisceachtúla, agus b'ionann an cúiteamh a fuarthas agus €58.0m.

## 23. Páirtithe gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó cheangaltais nochta faoi mhír 33.9 de FRS102 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtí gaolmhar iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an Stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus an eintiteas eile.

## 24. Conradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Bhí an oibleagáid seirbhíse poiblí is iníoctha leis an gCuideachta tríd an gCuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, cothrom le €58.0m don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 (2018: €52.8m).

## 25. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fo Chuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ é Bus Éireann agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sin. Tá cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ ar fáil ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

## 26. Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Ó 31 Nollaig 2019, tá srianta suntasacha ar sheirbhísí iompair poiblí agus ar thaisteal inmheánach agus idirnáisiúnta dá bharr Paindéim COVID-19. Tá tioncahr díreach ag seo ar oibriúcháin na Cuideachta agus ar fud Ghrúpa CIÉ. Tá srianta ar líon na bpaisinéirí ar iompair poiblí, srianta ar úsáid iompair poiblí do thurais riachtanacha amháin ag amanna áirithe, cuir i bhfeidhm coisc ar thaisteal chomh maith le dianghlasáil áitiúl agus náisiúnta i measc na bearta curtha i bhfeidhm ag an Rialtas le scaipeadh an víris a chomeád faoi smacht. D'oibrigh gach seirbhís de réir treoirlínte an Rialtais ar scaradh sóisialta agus acmhainn laghdaithe ó thosaigh an ráig. Tá turais phaisinéara agus ioncam ar sheirbhísí iompair poiblí laghdaithe go suntasach i gceantair faoi smacht Bus Éireann mar thoradh ar na bearta seo.

Bhí laghdú 90% i dturais paisinéara le linn tréimhsí áirithe den bhliain mar thoradh ar ráig COVID-19 agus na srianta curtha i bhfeidhm le scaipeadh an víris a chomeád faoi smacht. Meastar go mbeidh ladghdú 50% ar thurais paisinéirí i 2020 i gcomparáid le 2019.

Shocraigh an Cuideachta gur theagmhais neamhrialaithe iarchláir comhardaithe na teagmhais seo. Dá réir sin, níor coigeartaíodh an stad airgeadais nó torthaí oibríochtaí ag an bhliain a chríochnaigh 31 Nollaig 2019 lena dtorthaí a léiriú. Níl fad nó tionchar paindéim COVID-19, nó éifeachtacht fhreagra Rialtas na hÉireann, soiléir ag an am seo. Cé go bhfuil pleanáil féidireachtaí forbartha déanta ag an Chuideachta, ní féidir fad nó déine na dtorthaí seo a mheas, nó chomh beacht agus a bheidh a thionchar ar stad airgeadais nó torthaí na Cuideachta do thréimhsí sa todhchaí.

Le linn 2020, d'fhan soláthar leanúnach gréasáin éifeachtaigh seirbhísí OSP mar pháirt riachtanach do phleananna an Rialtais. Thug an NTA maoiniú OSP breise do Chuideachtaí oibriúcháin an Ghrúpa le laghdú ioncaim ar sheirbhísí OSP a bhain le COVID-19 a chúiteamh. Tá an maoiniú seo á chur ar fáil faoi shocruithe Chonartha Dírdhámhachta 2019. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag lánmaoiniú gníomhaíochtaí scoile go fóill.

Leanfaidh an bhainistíocht ag monatóireacht agus ag measúnú tionchar Pandéim COVID-19 ar an Chuideachta.

## 27. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 18 Samhain 2020.


Expressway




Sonraí Teagmhála
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath 7
www.buseireann.ie